# An Garda Síochána

# An Clár um Nua-aoisiú agus um Athnuachan 2016-2021



# Cláir ábhair


**Réamhrá an Choimisinéara** **2**

Achoimre Feidhmiúcháin 4

Caibidil 1: Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan 7

Caibidil 2: Ag Cur Íospartaigh i gCroílár Sheirbhís an Gharda Síochána 15

Caibidil 3: Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí 23

Caibidil 4: Cosc a chur ar Choireacht 31

Caibidil 5: Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua 37

Caibidil 6: Póilíneacht Bhóithre 47

Caibidil 7: Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe 55

Caibidil 8: Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht 63

Caibidil 9: Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú 69

Caibidil 10: Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh 79

Caibidil 11: Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú 89

Caibidil 12: Teicneolaíocht 97

Caibidil 13: Cumarsáid Níos Fearr a dhéanamh ar Gach Bealach 107

**Conclúid** **115**

# Réamhrá an Choimisinéara

## Toisc gur díol suntais i stair an Gharda Síochána an cháipéis seo, baineann tábhacht léi. Seo an chéad uair inar leag an Garda Síochána a mhisean, a threo, a phleananna agus a dhúshláin amach i gcaitheamh tréimhse cúig bliana.



Chomh maith leis sin, tá an cháipéis seo mar thoradh ar an tréimhse fhada d'fhéinscrúdú agus d'fhéinmhachnamh. Áiríodh leis seo tuairimí ár ndaoine agus an phobail a lorg. Cuireadh san áireamh torthaí thuarascálacha Chigireacht an Gharda Síochána, anuas ar chairde ríthábhachtacha eile, ar nós an Údaráis Phóilíneachta, Ombudsman an Gharda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, anuas ar ranna Rialtais eile agus an iomaí duine aonair agus eagraíocht a chruthaíonn tuairim faoi conas a dhéanaimid rudaí agus cad a dhéanaimid.

Creidim go léiríonn sé oscailteacht nua agus fís níos leithne ná sin a theastaíonn inár stair fhada agus bhródúil.

Tá an sprioc sin á baint amach againn cheana féin. Tugann an taighde reatha treocht dhearfach le fios agus léiríonn 85% den phobal go bhfuil iontaoibh acu sa Gharda Síochána.

Caithfimid cur leis an bhfigiúr sin. Agus ní furasta cur leis. Gluaiseann agus forbraíonn an choireacht ar luas fíor-ard, agus ní foláir dúinn gluaiseacht go tapa agus go solúbtha chun dul i ngleic leis. Tá athruithe móra déanta againn i mbliana fiú mar fhreagairt ar choireacht eagraithe agus bagairtí slándála, agus tá straitéisí nua againn chun dul i ngleic le coireanna eile agus dúshláin eile slándála atá ag teacht chun cinn.

Tá an cuspóir simplí. Níl sé furasta, ach tá sé simplí. Is é an cuspóir go ndéantar lóchrann póilíneachta den Gharda Síochána ar féidir é a thomhas i leith aon seirbhíse póilíní agus slándála ar domhan.

Fostóir tarraingteach a mheallann, a choinníonn agus a fhorbraíonn na daoine is éirimiúla agus is fearr.

Toisc chumhachtach i múnlú Éireann ina tír atá sábháilte le cónaí inti, le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le hinfheistiú a dhéanamh inti.

Eagraíocht a léiríonn meon dearfach agus ómósach ar a chomhaltaí ar fad agus ar íospartaigh na coireachta.

Aonán a bhfuil cultúr oscailte agus muiníneach aige.



*Is é an cuspóir go ndéantar lóchrann póilíneachta den Gharda Síochána ar féidir é a thomhas i leith aon seirbhíse póilíní nó slándála ar domhan.*

Ní gá dúinn na rudaí b'fhearr a bhain linn a íobairt chun an sprioc a bhaint amach. Táimid sa phobal agus táimid fite fuaite leis an bpobal. Baineann ríthábhacht agus páirt lárnach le póilíneacht pobail sa mhéid a dhéanaimid, in oibríochtaí rialta, agus in oibríochtaí eisceachtúla; bhí an t-ollrath ar cheiliúradh Lá Fhéile Phádraig na bliana seo, agus níos tábhachtaí ná sin, Comóradh Éirí Amach na Cásca 1916 agus níor thit aon eachtra amach lena linn. Ba é an t-éiteas lárnach do na hoibríochtaí rathúla póilíneachta seo 'sábháilteacht an phobail' agus léirigh fir agus mná an Gharda Síochána a rinne póilíneacht ag na himeachtaí seo sár-ghairmiúlacht ar bhealach a ndearna beag is fiú de.

Tá an Garda Síochána uathúil i measc seirbhísí póilíneachta mar chomhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit agus seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Is dhá fheidhm an-éagsúla iad.

Dhá fheidhm iad atá ceangailte ag bunfhealsúnacht: cosaint an duine aonair agus sábháilteacht phobal.

Níl sárú ar na spriocanna a leagtar amach sa cháipéis seo i dtaobh a uaillmhianaí atá siad. Ní bhaineann seo ach le hathchóiriú amháin. Teastaíonn athchóiriú ar gach leibhéal, ach tá an tasc i bhfad níos cuimsithí. Baineann nuachóiriú agus athnuachan leis.

Chuir cistiú an Rialtais a cuireadh ar fáil le déanaí ar chumas againn comhaltaí nua a earcú agus oiliúint a chur orthu agus chun feithiclí nua a choimisiúnú. Chuir sé ar ár gcumas tús a chur le dul i ngleic leis an easpa infheistíochta in TFC le fiche bliain anuas. Teastaíonn ollfheabhsú ónár n-áitreabh. Teastóidh infheistíocht stáit i bhfad níos mó uaidh seo go léir agus ó gach ceann de na treoracha a leagtar amach sa cháipéis seo. Chuige sin, ní mór dom a lua anseo, cé go dtacaíonn pleananna mionsonraithe gníomhaíochta leis an gclár a dtugtar cuntas anseo air, braitheann sé ar chistiú méadaithe agus marthanach stáit.

Tá an Garda Síochána ar tí tabhairt faoi ollfhorbairt ar a chumas agus a inniúlacht. Baineann tábhacht le gach duine aonair, cibé acu más comhalta dár bhfoireann shibhialtach nó más comhalta den chúltaca atá ag dul i méid iad nó má tá éide á chaitheamh acu agus iarrachtaí á ndéanamh againn chun lóchrann dea-phóilíneachta á dhéanamh den tseirbhís.

Tá sé intuigthe, mar gheall ar an raidhse de thuarascálacha, binsí agus coimisiúnú agus droch-chumhdach le roinnt blianta anuas, bhraith go leor Gardaí go raibh gannluach á léiriú orthu agus níor chreid siad gur éisteamar leo.

Bhí gá lena seo a athrú. Ní hionann sin agus an áit atá bainte amach againn faoi láthair. Táimid tiomanta, faoi láthair, d'oscailteacht agus do chuntasacht. D'éisteacht. D'fhoghlaim. Mar gheall go bhfuil iontaoibh fite fuaite ann, agus sin conas a chruthaítear iontaoibh.

Cruthaítear iontaoibh, eachtra ar eachtra, lá i ndiaidh lae. Agus is é an rud is tábhachtaí faoi ná gur próiseas dhá bhealaigh é. Gach uair a chruthaíonn comhalta den Gharda Síochána do bhall den phobal gur féidir leo iontaoibh a bheith acu iontu, foghlaimíonn siad chun iontaoibh a bheith acu sa tseirbhís iomlán: bíonn iontaoibh acu as an nGarda Síochána.

Sin an gné atá le sonrú i ngach rud a bheartaímid a dhéanamh sna chéad chúig bliana amach romhainn.

**Nóirín O'Sullivan,**
COIMISINÉIR

# Achoimre Feidhmiúcháin



**De bharr na héilimh agus toimhdí athraitheacha saoránach, na dúshláin slándála agus phóilíneachta atá ag teacht chun cinn teastaíonn clár a dhéanfaidh gairmiúlú, nuachóiriú agus athchóiriú ar an nGarda Síochána i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn lena chinntiú gur féidir linn tabhairt faoi dhúshláin reatha agus amach anseo.**

Baineann ár esprit de corps, na dlúthcheangail atá againn le pobail agus ár dtiomantas don tseirbhis go lárnach lenár **gcultúr** corparáideach agus leanfaidh seo a bheith amhlaidh. Teastaíonn athrú taoide sa limistéar seo ó laigí sa chultúr corparáideach, faoi mar a shainaithin binsí éagsúla agus Cigireacht an Gharda Síochána, áfach, agus aird ar chultúr corparáideach a léirítear ar gach leibhéal idir oiliúint a chur ar earcaithe nua agus ar chomhaltaí níos sinsearaí.

Tá na meicníochtaí le haghaidh athrú cultúrtha ar bun agus táimid tiomanta do thomhas leanúnach lena dheimhniú go bhfuil ár seirbhís á gairmiúlú againn, go bhfuil feidhmíocht á tomhas, go bhfuil maorlathas á laghdú, go gcumasaítear ár lucht saothair agus go léirítear ionbhá, ionracas, cuntasacht agus meas ag gach comhéadan, go hinmheánach agus go seachtrach.

Rachfar i ngleic le laige i rialachas, maoirseacht agus cuntasacht. Tacóimid lenár ndaoine agus éistfimid lena n-ábhair bhuartha agus lena smaointe. Cuirfear feabhas ar ár ngairmiúlacht trí shibhialtaigh a fhruiliú a bhfuil na scileanna cearta acu agus iad a shuíomh sna róil chearta. Déanfaidh ár lucht saothair léiriú níos mó ar an tsochaí ar a bhfreastalaímid. Éistfimid le agus foghlaimeoimid ó thaithí agus saineolas ár gcomhpháirtithe.

Déanfar **íospartaigh na coireachta** a chur i gcroílár sheirbhís an Gharda Síochána. Soláthróidh 28 Oifig Seirbhísí d'Íospartaigh ar fud na tíre faisnéis d'íospartaigh fad a dhéanann a gcás dul chun cinn tríd an gcóras ceartais. Cinnteoidh aonad speisialaithe go ndéantar imscrúdú críochnúil ar gach gearán a bhaineann le cosaint leanaí, foréigean teaghlaigh agus gnéasach agus go dtacaítear go hiomlán le híospartaigh. Déanfaimid ceanglais Threoir an AE maidir le Cearta Íospartach agus Choinbhinsiún Iostanbúl um Fhoréigean in Aghaidh Ban agus Foréigean Baile a chomhlíonadh nó a ró-chomhlíonadh.

Cuirfidh samhail nua phóilíneachta pobail feabhas ar **rannpháirtíocht sa phobal** agus ar shábháilteacht phoiblí. Oibreoidh Foirne nua Póilíneachta Pobail le pobail áitiúla chun cosc a chur ar choireacht agus coireacht a bhrath ina gceantar áitiúil, le tacaíocht ó Fhóraim Shábháilteachta Pobail atá comhdhéanta de Ghardaí áitiúla, muintir an phobail agus grúpaí pobail.

Déanfar ár gcéad tosaíocht phóilíneachta de **chosc ar choireacht**. Cinnteoidh sonraí feabhsaithe anailíse go dtéann patróil agus seicphointí a fhad le limistéir a ndéanann coireanna áirithe difear dóibh. Oibreoimid go dlúth le comhpháirtithe earnála poiblí agus príobháidí chun na deiseanna a laghdú i dtaobh coireachta agus athchiontú. Soláthróimid comhairle ar chosc ar choireacht a imríonn tionchar mór agus a théann i ngleic leis an gcoireacht. Cinnteoimid ard-infheictheacht an Gharda Síochána i bpobail.

Déanfar cur chuige na heagraíochta i leith **imscrúdú coireachta** a chlaochlú. Ón tráth a thuairiscítear coir go dtí an tráth a bhíonn sí os comhair na Cúirte, beidh na córais i bhfeidhm againn chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an bpróiseas. Idir a chinntiú go n-imlonnaítear na hacmhainní cearta don teagmhas, agus catalógú córasach a dhéanamh ar an bhfianaise a urghabhtar, agus monatóireacht a dhéanamh ar an iomaí bagairt san imscrúdú, agus bainistiú leictreonach a dhéanamh ar chomhaid cháis i dtaobh fianaise a sholáthar sa Chúirt. Anuas ar an bpróiseas imscrúdaithe a dhigitiú, tá feabhas á chur againn ar scileanna imscrúdaithe ár gcomhaltaí uile.

Cé go bhfuil ceann de na taifid um **shábháilteacht ar bhóithre** san Eoraip againn, teastaíonn níos mó a dhéanamh chun an líon daoine a mharaítear ar na bóithre a laghdú. Déanfaimid an úsáid a bhainimid as teicneolaíocht a fhairsingiú, ar nós Uathaithint Uimhirphlátaí (ANPR) agus ceamaraí soghluaiste sábháilteachta. Méadófar Tástáil Éigeantach Alcóil agus seicphointí ilghníomhaireachta. Cuirfear feabhas ar ghníomhaíocht oideachais agus feasachta. Treiseofar an Cór Tráchta agus athfhorbrófar a fheidhm isteach in Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána chun an úsáid a bhaineann coirpigh as an ngréasán bóithre a chomhrac chomh maith.

D'fhorbair an Garda Síochána taithí shuntasach i dtaobh bagairtí ó sceimhlitheoireacht intíre a shainaithint, cur isteach uirthi agus a chur faoi chois. Chun ár **slándáil náisiúnta** a chosaint i dtaobh bagairtí nua agus iad siúd atá ag teacht chun cinn, méadóimid roinnt faisnéise agus eolais lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanfaimid le hoiliúint a dhéanamh leis na comhpháirtithe siúd lena chinntiú go bhfuilimid réidh le déileáil le cásanna dinimiciúla bagartha. Déanfaimid imscrúdú réamhghníomhach ar ghníomhaíochtaí iad siúd a bhfuiltear in amhras fúthu go raibh baint acu sa sceimhlitheoireacht, ina measc iad siúd a bhaineann tairbhe ón gcoireacht agus sceimhlitheoireacht agus a chistíonn iad. Leanfaimid le teagmháil a dhéanamh le pobail mhionlaigh a d'fhéadfadh leochaileacht a bhrath mar gheall ar imeachtaí ar fud an domhain.

Forbraíodh straitéisí nua chun dúshláin shíormhéadaitheacha na **cibearshlándála agus na cibearchoireachta** a shárú. Maidir le cibearshlándáil, bunófar aonaid speisialaithe chun idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le bagairtí reatha agus atá ag teacht chun cinn, agus chun cibearuirlisí soiléire agus fóiréinseacha a sholáthar chun








*Tá fonn athraithe ar ár ndaoine. Cuir pobail ar an eolas sinn gur gá dúinn bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an eagraíocht. Agus déanfaimid amhlaidh.*

tacú le póilíneacht túslíne agus le slándáil an Stáit. Anuas air sin, oibreoimid le gníomhaireachtaí Rialtais chun an bonneagar náisiúnta a chosaint. Maidir le cibearchoireacht, déanfaimid ár gcumas a fhairsingiú sa limistéar seo trí oiliúint le comhpháirtithe acadúla, infheistíocht mhéadaithe sa teicneolaíocht agus i ndaoine, agus réigiúnú an Aonaid Imscrúdaithe um Choireacht Ríomhaire.

Leagtar amach sa chlár seo mórathruithe a dhéanfar ar **rialachas** na heagraíochta. Déanfaimid struchtúir riaracháin agus mhaorlathacha a laghdú agus a chuíchóiriú. Bronnfar breis freagrachta ar oifigigh réigiúnacha chun cinntí a dhéanamh bunaithe ar na riachtanais phóilíneachta ina gceantair. Beimid trédhearcach, oscailte, agus cuntasach go follasach. Cruthóidh ceannairí ar fud na heagraíochta timpeallacht inar féidir le daoine foghlaim agus forbairt.

Glacfaidh ár gcur chuige i leith acmhainní daonna aistriú candamach lena chinntiú go mbíonn na scileanna, na huirlisí agus na hacmhainní cearta ag **ár ndaoine** chun gur féidir leo a bpoist a dhéanamh go héifeachtach. Soláthróimid an cheannaireacht, an treoir agus an tacaíocht dóibh chun an clár seo a sholáthar. Is mian linn na daoine is fearr a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád trí dheiseanna um fhorbairt gairme a sholáthar dóibh. Eascróidh méadú as seo ar ár n-infheistíocht in oiliúint, agus deiseanna le haghaidh gluaiseacht agus cur chun cinn cliathánach. Tabharfar tacaíochtaí isteach chun cabhrú le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach ár ndaoine a chosaint.

Tá na tairbhí a bhaineann le hinfheistíocht a rinneadh le déanaí i bhfeithiclí agus i mbreis Gardaí a earcú á dtabhairt faoi deara cheana féin i bpobail. Cabhróidh an clár nua tógála agus athchóirithe le haghaidh 30 stáisiún chun coinníollacha cuí oibre a sholáthar dár ndaoine.

Ní féidir leis an nGarda Síochána fadhbanna na coireachta, na heagla agus na sábháilteachta poiblí a réiteach leo féin. Ní féidir dul i ngleic leo seo go hiomlán ach trí **chomhpháirtíochtaí** táirgiúla. Oibreoimid lenár gcomhpháirtithe ceartais choiriúil, comhlachtaí neamh-Stáit, grúpaí pobail, agus gnólachtaí chun an choireacht a chosc agus a bhrath. Cabhróidh ár gcomhpháirtithe um chearta daonna lena chinntiú go leanaimid le prionsabail um chearta daonna a bhunú i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí. Oibreoimid go cuiditheach lenár gcomhlachtaí maoirseachta chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid, agus chun idirchaidreamh dlúth a dhéanamh le gníomhaireachtaí, ar nós Interpol, Europol agus an FBI maidir le bagairtí agus coireanna domhanda.

Is í faisnéis beatha aon seirbhíse póilíní. Baineann ríthábhacht leis an **teicneolaíocht** chun tacú le gníomhaíochtaí póilíneachta. Fuarthas breis agus €200m lena infheistiú in ardchórais TFC d'fhonn gur féidir lenár ndaoine níos lú ama a chaitheamh i mbun páipéarachais agus breis ama a chaitheamh i measc pobail áitiúla. Beidh rochtain ag comhaltaí atá i mbun patrólú ar fhaisnéis fíor-ama ar fhearais shoghluaiste a chuirfidh ar a gcumas acu freagairt níos tapúla d'eachtraí. Bainfimid níos mó úsáide as sonraí agus teicneolaíocht chun an choireacht a chosc agus a bhrath. Cinnteoidh córais nua go mbíonn na daoine cearta sna háiteanna cearta ag na hamanna cearta, agus go soláthraítear freagairt níos fearr ar ghlaonna le haghaidh seirbhíse ón bpobal.

Tá príomhról ag **cumarsáid** in iontaoibh a chruthú. Cuirfidh ár nOifig Cumarsáide Corparáidí feabhas ó bhonn ar ár sreabhadh faisnéise go dtí príomhpháirtithe leasmhara. Bunaithe ar shamhlacha rathúla i seirbhísí póilíní eile, déanfaidh sé Preas-Oifig an Gharda Síochána, Acmhainní Daonna, feachtais faisnéise margaíochta/poiblí, faisnéis chorparáideach, agus cumarsáid inmheánach a chorprú. Déanfar roinnt cainéal, ar nós Garda.ie a athchóiriú ó bhonn. Déanfar roinnt díobh, an méid a chuireann ár meáin shóisialta ar fáil, mar shampla, a shíneadh. Cuirfimid níos mó dár n-ábhar féin físeáin i dtoll a chéile chun cosc agus imscrúdú coireachta agus sábháilteacht phoiblí a thabhairt chun solais.

---

Soláthrófar an phlean chlaochlaithe seo i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn. Is féidir roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm idir an gearrthéarma agus an fadtéarma. Teastóidh roinnt blianta ó chinn eile lena gcur i bhfeidhm go hiomlán. Tá sé uaillmhianach agus indéanta.

Bunaíodh cuspóirí agus torthaí soiléire do gach tionscnamh. Soláthróidh mol lárnach d'acmhainní oilte an clár coimpléascach seo go tráthúil agus laistigh den bhuiséad agus na seirbhísí reatha póilíneachta agus slándála á gcoimeád.

Déanfaimid an rath a bhíonn ar gach tionscnamh a thomhas agus a mheasúnú trí rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus trí anailís mhionsonraithe ar thairbhe. Tá an clár in ainm is bheith lúfar agus déanfar pleananna a choigeartú bunaithe ar chomhairliúchán lenár gcomhpháirtithe nó le teacht chun cinn dúshlán nua.

Beidh tacaíocht gach duine de chomhaltaí, comhaltaí foirne agus comhaltaí chúltaca an Gharda Síochána lárnach maidir leis an rath a bheidh ar an gclár. Cinnteoimid go dtuigeann gach duine cad atá ag tarlú agus cén fáth a bhfuil sé ag tarlú, agus a róil aonair agus a gcomhróil i dtaobh a chinntiú go ndéantar athruithe a leabú in oibríochtaí laethúla, agus is amhlaidh a bheidh smaointeoireacht ár gcomhpháirtithe go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, idir ghrúpaí pobail agus an Rialtas agus ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta póilíní agus eolais.

Cuirfidh an móraistear athnuachana seo dúshlán romhainn. Ní próiseas tapa a bheidh ann. Déanfaidh sé feabhsúcháin intomhaiste agus shuntasacha a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid don náisiún, áfach.


NNECT
WITH
RESPECT
GARDA SECONDARY SCHOOLS PROGRA

## Caibidil 1

# Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan

**Cuirfimid leis na gnéithe is fearr dár gcultúr, agus ag an am céanna iompair á n-athrú againn chun seirbhís ghairmiúil póilíneachta agus slándála a sholáthar a fhreastalaíonn ar ionchais na ndaoine agus na bpobal.**

Caibidil 1

# Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan

## Réamhrá

**Is iomaí rud dearfach faoi chultúr an Gharda Síochána. I measc ár saintréithe sainiúla, tá ár *esprit de corps*, na dlúthcheangail atá againn le pobail agus ár dtiomantas don tseirbhís. Is féidir sinn a mheas ar bhealaí iomadúla, ach is é sin is mó is tábhachtaí nuair a deir ball den phobal' to 'ach is é an ceann is tábhachtaí ná nuair a deir ball den phobal "Bhí na Gardaí ann in am an ghátair i rith ceann de na heachtraí ba mheasa i mo shaol".**



Arís agus arís eile, sháraigh comhaltaí an Gharda Síochána sainchúram a ndualgais chun daoine aonair agus pobail a chosaint. Is iomaí uair gur chuir Gardaí nach raibh ar dualgas a saol i mbaol chun saol daoine eile a shábháil, breith ar choirpigh agus baill den phobal a chosaint.

Maraíodh ochtó a hocht comhalta agus iad ag fónamh don Stát. Gortaíodh go dona go leor leor comhaltaí eile.

Mar eagraíocht, áfach, rinneadh sinn a cháineadh as ucht a bheith cúngaigeanta agus cosantach, gan éisteacht le glóir cheanndána, as a bheith claonta i dtreo an riosca is ísle, agus gan glacadh le ceistiú dearfach.

Ní féidir leis an nGarda Síochána oibriú go héifeachtach gan iontaoibh, tacaíocht agus muinín na ndaoine a fhreastalaímid orthu.

Laghdaigh laigí i rialachas, maoirseacht agus cuntasacht an iontaoibh agus an mhuinín sin. Cé go léiríonn ár Suirbhé ar Mheon an Phobail go bhfuil na rudaí seo á mbaint amach arís againn, is gá dúinn cur leis na gnéithe is fearr dár gcultúr, agus iompar á athrú lena linn sin, lena chinntiú go soláthraímid seirbhís ghairmiúil phóilíneachta agus slándála atá bunaithe ar chearta daonna, atá íospartachlárnaithe, atá dírithe ar an bpobal a chomhlíonann an méid a mbíonn na daoine agus na pobail ag súil leis.

## An Cultúr sa Gharda Síochána

Go dtí le gairid, ba bheag trácht a bhí ar an gcultúr sa Gharda Síochána. B'eol don eagraíocht an méid a bhí á dhéanamh aici: ba é sin an tasc a bhí romhainn. Bhí líne shoiléir dhualgais ann agus tháinig athrú laethúil uirthi: ba í sin an ghairm bheatha. Bhí bealach ar leith ann chun rudaí a dhéanamh; ba é sin a cleachtas.

Nuair a bhí an coincheap i mbéal an phobail, faoi mar is gnách dó le deich mbliana anuas, go bhfuil cultúr ann sa Gharda Síochána, ba dhealraitheach gur minice a thit seo amach i gcomhthéacsanna diúltacha ná a mhalairt. Léiríonn seo taithí idirnáisiúnta. Thug Van Buuren an treocht faoi deara in 2009 ina ndéantar "cultúr na bpóilíní a léiriú i bhfoirmeacha neamh-mheallacacha."[1]

Is ionann cultúr corparáideach agus rialacha neamhscríofa eagraíochta; na noirm ar minic nach mbíonn faoi thrácht lena nglacann daoine nua gan saintreoir ar leith a bheith tugtha dóibh. Is ionann cultúr agus conas a dhéanaimid na rudaí a dtugaimid fúthu. Is é an bhraistint atá againn, laistigh d'eagraíocht, gurb é seo an rud a sheasann muid dó agus seo'd na rudaí nach seasfaimid dó. Is é an meon a bhuntacaíonn leis an méid a dhéanaimid, na toimhdí atá mar bhonn agus taca leis an mbealach a thugaimid faoi, agus amanna, an chlaontacht i leith an dá ruda. Aistríonn dea-chultúr corparáideach luachanna ina n-iompar.

Tugadh an méid a leanas faoi deara i dTuarascáil Choimisiún Patten:

"Áirítear le cultúr agus éiteas eagraíochta an bealach a chaitheann sí léi féin agus a bhainistíonn sí í féin araon go hinmheánach agus an bealach a chaitheann sí agus a idirghníomhaíonn sí lena cliaint agus le daoine eile lasmuigh den eagraíocht. Is deacair cultúr agus éiteas a thomhas agus bíonn breithiúnais a dhéantar faoi chultúr agus éiteas daoine eile suibiachtúil ar deireadh."[2]

---

[1] van Buuren, J. (2009) 'State-of-the-art literature review on the ethics research and knowledge among security professionals', An Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde ar an tSíocháin.

[2] An Coimisiún Neamhspleách um Póilíneacht do Thuaisceart Éireann (1999), *Policing in Northern Ireland: A New Beginning.*

Ar cheann de na bealaí ina ndéanann an Garda Síochána bainistiú air féin ná tríd an bpobal a choimeád faoi chaibidil. Ón gcéad lá riamh, spreagadh comhaltaí an Gharda Síochána chun cónaí sa phobal, seachas i mbeairic, agus d'oibrigh siad i leith feasachta ar riachtanais a gcomharsanachta. Bhí braistint acu den ghairm bheatha a bhí acu, agus chreid siad gurbh ionann iad agus "buíon deartháireacha/deirfiúracha" aontaithe i gcoinne coirpeach agus treascartha.

Thosaigh mná ag dul leis an tseirbhís i 1959. Sa bhliain chéanna, ba mhná dháréag de na ceithre céad earcaí nua.

Cé go bhféadfadh gur thug na mná sa Gharda Síochána cultúr na bhfear uile a bhí imithe as dáta faoi deara, ní raibh an cultúr seo le sonrú sa Gharda Síochána amháin. Bhí go leor ban i gcaitheamh an leathchéid chéanna sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí thíos lena mhacasamhail d'idirdhealú.

Tá dul chun cinn suntasach déanta sa Gharda Síochána, mar sin féin. Bíonn baint ag mná anois i ngach gné de phóilíneacht. Is ionann os cionn 25% den tseirbhís agus mná – ar mó seo ná an meán Eorpach 20% - agus leanfaimid le héagsúlacht níos mó a bhaint amach chun an tsochaí a léiriú ar a bhfreastalaímid.

Caitheann an Garda Síochána le cultúr mar rud i bhfad níos suntasaí ná caighdeáin íosta chosanta a sholáthar do dhaoine san ionad oibre. Baineann sé le bród agus le háit. Baineann sé le hiontaoibh a bheith as comhghleacaithe agus iontaoibh a bheith ag na daoine ar a bhfreastalaímid asainn. Baineann sé leis an rún, ní hamháin a bheith ar an té is fearr sa rang, ach a bheith níos fearr ná an té is fearr sa rang, ó Chúltaca an Gharda Síochána aníos go dtí na céimeanna is airde. Baineann sé le bheith meáite ar oiriúnú do shochaí athraitheach.

## Éiteas Bunaidh an Gharda Síochána

"Ní éireoidh leis an nGarda Síochána d'fhórsa airm ná líonta, ach trí bhíthin a n-údaráis mhorálta mar sheirbhísigh na ndaoine"

*Michael Staines, chéad Choimisinéir an Gharda Síochána.*

Saineoidh seo treo cultúrtha an Gharda Síochána.

Glacfaidh sé roinnt ama, oiliúna agus atreisiú seasmhach lena aistriú ón áit ar bhaineamar amach go dtí an áit ar gá dúinn a bhaint amach. Teastóidh ceannaireacht ar gach leibhéal chun gairmiúlacht nua a chur chun cinn.

Ní furasta ná gearrthéarmach a bheidh an tasc seo. Scríobh an tOllamh Dame Shirley Pearce, Cathaoirleach Choláiste Póilíneachta na Ríochta Aontaithe faoin riachtanas chun "an gá a chothromú atá le ceannas i roinnt cásanna oibríochtúla i dtaobh cultúir ina gcuirtear ceisteanna agus ina gcumasaítear dúshlán – ina mbunaítear cleachtas athmhachnamhach, athbhreithniú piaraí agus tiomantas do chorp eolais a chnuasach chun feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar chleachtas póilíneachta."[3]



*Arís agus arís eile, sháraigh comhaltaí an Gharda Síochána sainchúram a ndualgais chun daoine aonair agus pobail a chosaint.*

[3] Coláiste Póilíneachta na Ríochta Aontaithe (2015) *Leadership Review*.

## Caibidil 1

# Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan

## Athnuachan Chultúrtha sa Gharda Síochána

Aithnímid an gá atá le hathnuachan chultúrtha. Soláthróimid na leasuithe a ndearna an tAire Fitzgerald cur síos orthu mar "'chasadh na taoide' i bhfeidhmíocht, riarachán agus maoirseacht a dhéanamh ar cheartas agus ar phóilíneacht sa stát seo"[4]. Agus amhlaidh á dhéanamh, ní mór dúinn a bheith cúramach gan neamhaird a thabhairt do ghnéithe dearfacha ár gcultúir.

Teastóidh mionathruithe beaga éagsúla ó chasadh na taoide sin. Ní bhainfidh treorú ná athrú struchtúrtha, leis féin, amach é. Phléigh Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána 2015 an tsaincheist seo.

"Chuir Seirbhís Póilíneachta sa Ríocht Aontaithe, a thug faoi athrú suntasach struchtúrtha, an Chigireacht ar an eolas nár éirigh leis an gcéad chéim dá clár leasaithe mar gheall gur leag siad an iomad béime ar struchtúr agus próiseas an chláir leasaithe, gan dul i ngleic leis an gcultúr. Níor spriocdhíríodh ach ar spriocanna a n-athraithe eagraíochtúil, gan súil a chaitheamh ar an iompar a bhí inmhianaithe taobh thiar de na spriocanna. Ar an ábhar sin, ba dhóichí go dteipfeadh ar an bpróiseas athraithe, mar gheall nach ndearna an eagraíocht ach filleadh ar an mbealach oibre a bhí glactha acu roimhe seo. Léiríonn seo an ceangal tábhachtach idir cultúr eagraíochtúil agus leasú rathúil."[5]

Príomhghné is ea athnuachan chultúrtha dár gclár nuachóirithe agus dírítear ar an iompar agus na meonta a chruthú, ní hamháin, a thacóidh leis an gclár seo, ach a chruthóidh seirbhís póilíneachta agus slándála atá níos oscailte, níos nuálaí, níos comhoibrithí agus a thabharfaidh cluas éisteachta níos fearr. Glacfaidh seo roinnt ama agus beidh orainn dul i ngleic leis ar go leor bealaí.

Ní bheidh ar chumas againn é a bhaint amach sinn féin, ach chomh beag. Beidh orainn oibriú i bpáirt agus i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Cinnteoimid go gcaithfear le gach uile dhuine aonair agus pobal a mbíonn teagmháil againn leo, gan aird ar a gcúlra, go cothrom, go cóir agus le dínit. Ní mór go mbíonn gach duine sa tseirbhís ar an eolas ar, agus ní mór dóibh freagairt go híogair don éagsúlacht laistigh dá bpobal. Oibreoimid le gníomhaireachtaí eile chun uileghabhálacht agus lánpháirtiú a bhaint amach.

Seirbhís fhreagrúil agus atá ag éirí níos éagsúla agus níos cuimsithí i gcónaí atá ionainn. Ní foláir dúinn, ar an ábhar sin, a chinntiú go gcruthaíonn agus go gcothaíonn an Garda Síochána cultúr ina mbraitheann a láidreacht ar shnáitheanna iomadúla inscne, eitneacha, gnéaschlaonta agus aoise. Déanfaimid ionadaíocht níos fearr don tsochaí. Déanfaimid seo trí fheachtais níos cuimsithí earcaíochta.

Cuirfimid le héagsúlacht an eispéiris agus an tsaineolais san eagraíocht trí shibhialtachú níos mó.



Comhlíonann an líon os cionn 2,000 sibhialtach atá sa Gharda Síochána róil thábhachtacha ar fud na heagraíochta. I measc na bpríomhlimistéar a rinneadh a shibhialtachú le blianta beaga anuas, tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce, Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána, Lárionad Sheirbhís Eolais an Gharda Síochána, Ceannas agus Rialú, agus Grinnfhiosrúchán.

Chomh maith leis sin, rinne an Garda Síochána sibhialtaigh a fhostú le haghaidh príomhphoist bhainistíochta agus speisialtóra chun peirspictíochtaí agus saineolas nua a chruthú. Den chéad uair inár stair, tá príomhphoist, ar nós Príomhoifigeach Riaracháin, Acmhainní Daonna, Airgeadais, Cumarsáide, TFC agus Anailíse ag pearsanra sibhialtach, faoi mar a mhol Tuarascáil Hayes agus Cigireacht an Gharda Síochána.

Ní chuirfidh sibhialtachú, leis féin, feabhas ar phóilíneacht ghairmiúil. Ní mór go bhfuil sibhialtaigh againn a bhfuil na scileanna acu sna limistéir chuí chun tacú le gairmiúlú na heagraíochta.

Chuir an moratóir earcaíochta laistigh den státseirbhíse sa tír seo ó 2009 i leith srian ar an gcumas a bhí againn chun seo a dhéanamh. Táimid tiomanta, mar sin féin, chun an úsáid a bhaintear as scileanna gairmiúla sibhialtach a uasmhéadú. Bainfear seo amach i gcomhairle leis an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rinneadh dul chun cinn suntasach, ach is gá dúinn níos mó a dhéanamh go mbeimid ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta. Cruthóidh seo cuid den straitéis Acmhainní Daonna agus é ina chuspóir chun an t-aitheantas a mhéadú a thugtar do róil, cuimsiú na nGardaí, foireann chúltaca agus shibhialtach, agus Gardaí a imlonnú athuair chuig róil oibríochtúla, gníomh a mhéadaíonn infheictheacht an Gharda Síochána.

Trí shibhialtachú a mhéadú, beimid airdeallach nach mian linn seirbhís dhá shraith a fhorbairt.

Tá ár seirbhís tiomanta d'éisteacht. Do na daoine a bhfreastalaímid orthu. Agus dár gcomhghleacaithe. Beidh glór ag gach uile dhuine sa Gharda Síochána – idir comhaltaí an Gharda Síochána, foireann shibhialtach agus chúltaca – agus éistfear leo.

[4] Frances Fitzgerald T.D., an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, maidir le hAthchóiriú Ceartais ag Scoil Samhraidh MacGill, Iúil 2014.

[5] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

Cuireadh tús leis an bpróiseas seo tar éis gur lorgaíodh aiseolas ó gach comhalta den eagraíocht faoin méid atá go maith, nach bhfuil go maith agus faoin méid is féidir linn a dhéanamh níos fearr. Shainaithin seo ár gcuid botún agus tá an eagraíocht ag foghlaim anois uathu siúd agus ag cinntiú nach dtitfidh siad amach arís.

Déanfaimid olltaithí agus olleolas ár ndaoine uile a ghiaráil, agus spreagfaimid iad bheith ina smaointeoirí criticiúla. Cothóimid nuálaíocht agus cultúr d'fheabhsú leanúnach.

Is gá do cheannasaithe ar gach leibhéal san eagraíocht a bheith níos oscailte agus níos freagrúla i dtaobh thuairimí agus shaineolas an lucht saothair.

Faoi mar a thug Cigireacht an Gharda Síochána faoi deara, "teastaíonn ceannaireacht láidir infheicthe chun clár soiléir intomhaiste de leasú cultúrtha a fhorbairt, a spreagadh agus a sholáthar"[6].

Tugann an Coimisinéir agus comhaltaí na foirne ceannaireachta sinsearaí cuairt rialta ar stáisiúin timpeall na tíre chun éisteacht le tuairimí comhaltaí agus foirne maidir le conas is féidir linn feabhas a dhéanamh. Leanfaidh sé sin ar aghaidh agus leanfar amach é chuig gach ceannaire a leagfaidh béim ar rannpháirteachas agus éisteacht i ngach gné dá róil.

Ní chaithfear le heasaontas amhail bheith mídhílis. Spreagfar fostaithe chun aon smaointe nó buarthaí a thabhairt chun cinn a d'fhéadfadh bheith acu agus éistfear agus tacófar leo.

Chun cinntiú go bhfaighidh aon duine atá ag déanamh nochtuithe cosanta na tacaíochtaí cuí, tá pointe teagmhála amháin ar leith ceaptha do fhostaí a dhéanann nochtuithe cosanta. Tugtar bainisteoir na nochtuithe cosanta ar an duine seo agus gheobhaidh siad tacaíocht ó fhoireann oilte agus tiomanta. Tabharfar uimhir fóin tiomnaithe chomh maith do fhostaí a dhéanann nochtuithe cosanta má theastaíonn uathu teagmháil a dhéanamh le bainisteoir na nochtuithe cosanta nó a n-ionadaithe ag am ar bith.

Ina theannta sin, mar chuid dár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (Féach caibidil 10: Ár Sóchmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh) beidh Seirbhís comhairleoireachta neamhspleách 24-7 ar fáil do gach pearsanra.

Chomh maith leis sin, neartóidh muid ár bpróisis timpeall ar nochtuithe cosanta. Beidh teagmháil le saineolaithe seachtracha mar chuid do seo chun a chinntiú go bhfuil na córais atá ann faoi láthair i gcomhréir le dea-chleachtais.

Léirímid luach ar thaithí agus ar shaineolas gach fostaí de chuid an Gharda Síochána agus is mian linn a chinntiú go bhfuil a dtimpeallacht sábháilte agus tacúil. Tabharfaimid faoi shuirbhéanna débhliantúla ar thimpeallacht na foirne agus rachaimid i mbun gnímh nuair a theastaíonn gníomh ceartaithe.

Ar nós gach seirbhís póilíneachta, mar gheall gurb eagraíocht dhisciplínithe, cheannais agus rialaithe sinn, is gá go mbeadh struchtúr ordlathach i bhfeidhm sa Gharda Síochána. Is beag a tháinig sé chun cinn, áfach, ó bunaíodh é.

## Cultúr Póilíneachta

*Dame Shirley Pearce, Cathaoirleach an Choláiste Póilíneachta sa Ríocht Aontaithe:*

"Is iomaí gné dhearfach de chultúr na bpóilíní, ina measc cinntitheacht i gcásanna deacra, atrua agus cúram, anuas ar mheon seasmhach 'is féidir liom'. Sa taighde a rinneadh don athbhreithniú seo, áfach, shainaithin daoine taobh istigh agus amuigh de phóilíneacht gnéithe diúltacha den chultúr póilíneachta a d'fhéadfadh srian a chur ar athrú, cosc a chur ar dhúshlán inmheánach, bac a chur ar nuálaíocht agus, ar an rud is measa, díobháil a dhéanamh do dhlisteanacht aonair agus institiúide. Féadfaidh cineál obair na bpóilíní, na rioscaí pearsanta a d'fhéadfadh bheith ann ina measc, claonadh a spreagadh chun fanacht le chéile nuair a bhagraítear orainn agus is é is measa a eascraíonn as seo ná gurb ann do mheonta claonta a chuireann cosc ar athrú."

Tacóidh struchtúr athbhreithnithe eagraíochtúil lenár n-athnuachan chultúrtha. Déanfaidh seo an chumhacht agus an chinnteoireacht a bhí ar bun i gCeanncheathrú an Gharda Síochána a aistriú chuig na réigiúin. Cabhróidh seo le cultúr cumhachtaithe a bhunú ar fud na heagraíochta – ón mbarr aníos agus ón mbun aníos, trí bhéim níos láidre a leagan ar iompar gairmiúil agus eiticiúil.

Bainfimid luachanna na heagraíochta amach – ionracas, cuntasacht, meas agus gairmiúlacht. Agus déanfaimid ionbhá a chothú mar chroíluach. Ní ghlacfar le hiompar nach gcomhlíonann na caighdeáin siúd.

Dúirt an Coimisinéir O'Sullivan in 2015 leis na chéad mhic léinn nua de chuid an Gharda Síochána, "Ón lá inniu, beidh gach duine díobh freagrach as cultúr an Gharda Síochána. Níorbh ionann sin agus an bealach a bhí sé ag aon tráth roimhe seo. Roimhe seo, is ón uachtar a cruthaíodh an cultúr. Tá sé in am é sin a chlaochlú. Is ea, ní mór go mbeadh an treo leagtha síos ón uachtar anuas, ach tá freagracht ar gach duine díobh, ar nós na freagrachta atá ar gach comhalta aonair eile den Gharda Síochána go mbeadh iompar gairmiúil agus eiticiúil ar bun acu."

Tá na meicníochtaí chun tacú le hathnuachan cultúrtha agus le ré nua mhaoirseachta i mbun feidhme;

- Go seachtrach, i ngeall gur leagadh ról méadaithe ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána, agus an tÚdarás Póilíneachta,
- Struchtúir nua chuntasachta, a dhéanann freagracht a aistriú, a chumasaíonn pearsanra, agus a thugann córas nua bainistíochta feidhmíochta agus cláir oiliúna don uile phearsanra isteach.
- Tá róil, freagrachtaí, agus cuntasacht don uile chéim agus grád imlínithe níos soiléire.
- Creat nua rialachais a thabhairt isteach le cleachtais, nósanna imeachta agus beartais leasaithe.

[6] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland*.

## Caibidil 1

# Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan



> *Is é an cuspóir seirbhís póilíneachta atá gairmiúil, freagrúil do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte, agus a bhfuil struchtúir rialachais shoiléire rialachais agus mhaoirseachta go hinmheánach agus go seachtrach aici.*

Táimid tiomanta go bhfeabhsóimid an iontaoibh agus an mhuinín atá ag an bpobal ionainn. Tá tús curtha againn le suirbhéanna ráithiúla a dhéanamh ar mheon agus ar dhearcadh an phobail i leith an Gharda Síochána, agus déanfaimid scrúdú, chomh maith, trí thaighde a dhéanann grúpa fócais ar conas a chaitheann íospartaigh na coireachta lena rannpháirtíocht linn.

Ní hamháin go gcuirfidh an fhaisnéis seo ar ár gcumas chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, ach cuirfidh sé próiseas chun cinn, chomh maith, nach mbeifí in ann a cheapadh, fiú a dhéanaí le deich mbliana ó shin: seirbhís póilíneachta níos fearr bunaithe ar aiseolas.

Cuireadh na meicníochtaí chun aghaidh a thabhairt ar chultúir inmheánacha agus iad a chruthú i bhfeidhm; idir thionscnaimh oiliúna, scaipeadh faisnéise, agus cruinnithe faisnéise aonaid/stáisiúin/oifige. Is iad seo na chéad chéimeanna chun gníomh ceartaithe a chur i bhfeidhm, feabhas a chur ar mheanma agus ar chultúr athraitheach.

Is é an cuspóir seirbhís póilíneachta atá gairmiúil, freagrúil do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte, agus a bhfuil struchtúir shoiléire rialachais agus mhaoirseachta go hinmheánach agus go seachtrach aici. Cuirfidh na rudaí seo a leanas go léir leis an aistriú mór cultúrtha a theastaíonn: maorlathas laghdaithe i gcinnteoireacht, cumasú an lucht saothair, samhail athnuaite de phóilíneacht phobail, agus straitéis nuashonraithe acmhainní daonna, lena n-áirítear sibhialtachú.

Soláthróimid seirbhís póilíneachta atá dírithe ar chearta daonna, ní hamháin mar gheall go bhfuil dualgas orainn é sin a dhéanamh, ach “mar gheall gurb é an rud is fearr le déanamh ar mhaithe le daoine aonair, pobail agus an eagraíocht.”[7]

Déanfar monatóireacht rialta ar an tionchar a imreoidh an t-athrú cultúrtha seo ar ár ndaoine agus an tseirbhís a sholáthraímid trínár suirbhé ar thimpeallacht na foirne, ár Suirbhé ráithiúil ar Mheon an Phobail, taighde grúpa fócais, agus bearta seachtracha, ar nós leibhéal na ngearán a dhéantar.

Tuigimid, anuas ar shnáithíní agus cillíní a scoitheadh, cruthaítear tuairimí orainn.' to 'anuas ar shnáithíní agus cealla a scoitheadh, scoitheann muid tuairimí. Faoi mar a dúirt an ceannródaí fóiréinsice, an Dr Edmond Locard, “Fágann gach teagmháil rian.” Baineann seo le níos mó ná rudaí neamhbheo.

Fágann gach teagmháil idir gach comhalta den Gharda Síochána agus ball den phobal rian ar an dá thaobh. Is fúinne atá sé a chinntiú gur tuairim mhaith í, lena dtacaíonn substaint dhaingean.

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Is éard a eascróidh as cultúr athnuaite sa Gharda Síochána ná seirbhís póilíneachta atá gairmiúil, freagrúil agus a dhéanann ionadaíocht do na daoine ar a bhfreastalaíonn sí, atá feidhmíocht-tiomáinte, agus a bhfuil struchtúir shoiléire rialachais agus mhaoirseachta go hinmheánach agus go seachtrach aici.

Cultúr oscailteachta, trédhearcachta agus cuntasachta a bheidh i gceist leis an gcultúr.

Eascróidh seirbhís fheabhsaithe as seo don phobal, as a n-eascróidh sábháilteacht fheabhsaithe phobail agus iontaoibh agus muinín mhéadaithe as an nGarda Síochána.

Rachaidh seirbhís póilíneachta ghairmiúil atá bunaithe ar chearta daonna chun mórshochair na sochaí agus cabhróidh sé leis an gcáil a mhéadú atá ar an tír bheith mar áit shábháilte agus fháilteach le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi, agus le hinfheistíocht a dhéanamh inti.

Trí éisteacht lenár ndaoine, ár bpobail agus ár bpáirtithe leasmhara, is fearr a bheimid in ann freastal ar a riachtanais.

[7] An Dr Vicky Conway, Óráid leis an gComhdháil um Cheartas Coiriúil agus Cearta Daonna, Baile Átha Cliath, 2014.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Struchtúr agus Dearadh Eagraíochtúil** | Athbhreithniú ardleibhéil a chríochnú ar struchtúr agus dearadh eagraíocht an Gharda Síochána, ina measc feidhmeanna, róil agus freagrachtaí | Struchtúr éifeachtach agus éifeachtúil eagraíochta, agus soiléire acmhainní na riachtanas gaolmhar acmhainní chun seirbhísí póilíneachta agus slándála i dtimpeallacht póilíneachta atá ag teacht chun cinn agus atá dinimiciúil a chur ar fáil | **R2 2016** | **R4 2017** |
| **Straitéis Acmhainní Daonna** | Straitéis Acmhainní Daonna a Fhorbairt | Na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna cearta sna háiteanna cearta | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe an Gharda Síochána** | Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt agus líonraí éagsúlachta a bhunú | Eagraíocht atá cuimsitheach agus a léiríonn meas | **R3 2015** | **R3 2016** |
| **Straitéis Cumarsáide Sheachtraí** | Straitéis Cumarsáide Seachtraí a chur i bhfeidhm chun dea-obair na heagraíochta a chur chun cinn níos mó ar roinnt bealaí | Iontaoibh mhéadaithe as an nGarda Síochána | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Straitéis Cumarsáide Inmheánaí** | Straitéis cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcoimeádtar ár ndaoine ar an eolas faoi fhorbairt san eagraíocht ar bhealach tráthúil | Oscailteacht, trédhearcacht agus iontaoibh mhéadaithe idir pearsanra agus bainistíocht an Gharda Síochána, agus meanma fheabhsaithe | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Suirbhé ar Mheon an Phobail** | Tabhairt faoi shuirbhéanna ráithiúla ar thart ar 1,500 duine lena dtuairimí faoin nGarda Síochána a dheimhniú | Pleananna agus gníomhaíochtaí póilíneachta atá bunaithe ar mheonta an phobail | **R4 2014** | **Ar bun** |
| **Rannpháirtíocht Fheabhsaithe le Fostaithe** | Rannpháirtíocht níos mó idir bainisteoirí sinsearacha agus an pearsanra a chinntiú trí chruinnithe rialta agus suirbhé débhliantúil ar an timpeallacht | Timpeallacht dhearfach oibre | **R1 2015** | **Ar bun** |

> *Rachaidh seirbhís póilíneachta ghairmiúil atá bunaithe ar chearta daonna chun mórshochair na sochaí agus cabhróidh sé leis an gcáil a mhéadú atá ar an tír bheith mar áit shábháilte agus fháilteach le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi, agus le hinfheistíocht a dhéanamh inti.*

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 2

# Ag Cur Íospartaigh i gCroílár Sheirbhís an Gharda Síochána

**Soláthróimid seirbhís a léiríonn meas, a sholáthraíonn suaimhneas intinne, atá freagrúil agus iontaofa a théann i ngleic le riachtanais agus ionchais gach íospartaigh.**

## Caibidil 2

# Ag Cur Íospartaigh i gCroílár Sheirbhís an Gharda Síochána

## Réamhrá

**Is minic gurb iad na Gardaí na chéad daoine a ndéanann íospartaigh teagmháil leo i ndiaidh go ndearnadh coir ina leith. Bhí íospartaigh na coireachta tar éis a bheith thíos le heispéireas trámach a d'fhéadfadh a saol a athrú. D'fhéadfaidís a bheith leochaileach agus teastaíonn go leor cabhrach agus tacaíochta uathu. Ach cé go mbaineann ríthábhacht leis go ndéantar an chéad teagmháil cheart le hiospartach, baineann an ríthábhacht chéanna leis go gcinntítear go leanann an cúram agus an aird seo, agus is rud olltábhachtach agus pearsanta é seo dóibh, de réir mar a bhogann a gcás tríd an gcóras ceartais.**



Tá cur amach ró-mhaith againn ar an bpian mhothúchánach agus fhisiciúil a mbíonn íospartaigh mhí-úsáide leanaí, agus foréigean baile agus foréigin ghnéasaigh thíos léi. D'fhéadfadh seo deacrachtaí an-mhóra a chruthú dóibh chun na coireanna a raibh siad thíos leo a thuairisciú. Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mothóidh siad nach gcaithfear lena ngearán ar bhonn tromchúiseach nó nach ndéanfar imscrúdú iomlán air.

Le blianta beaga anuas, d'oibrigh an Garda Síochána go dian chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraíonn sé d'íospartaigh. Déanfaimid ár gCairt Íospartach a mhínchóireáil anois, agus leas á bhaint as an taithí a fuarthas agus na ceachtanna a foghlaimíodh le déanaí[8]. Tabharfar cuntas sa Chairt ar chearta íospartach agus an méid ar féidir leo súil a bheith acu leis ón nGarda Síochána nuair a dhéanann siad coir a thuairisciú. Leanfaidh ár bhFóram Íospartach lena chur ar chumas grúpaí tacaíochta a oibríonn sa limistéar insint dúinn cad atá á dhéanamh go maith againn agus cad ar gá dúinn feabhas a chur air.

Léirigh suirbhéanna go mbraitheann go leor íospartaigh na coireachta gur chaith comhaltaí an Gharda Síochána leo le hatrua agus le híogaireacht.[9]

Rinne íospartaigh eile gearáin, mar sin féin, nár tugadh dóibh an fhaisnéis leordhóthanach faoi na himscrúduithe a rinneadh ar a ngearáin nó nár cuireadh ar an eolas go hiomlán iad faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh ó eagraíochtaí eile.[10]

De réir na n-íospartach a labhair le Cigireacht an Gharda Síochána dá dtuarascáil 2014, bhí na Gardaí tacúil agus cabhrach nuair a bhain an teagmhas a tuairiscíodh le coireacht mhaoine, ar nós buirgléireachtaí. Nuair a bhí an teagmhas foréigneach, áfach, tugadh le fios go raibh easpa ionbhá ar na Gardaí agus gur dhealraitheach go raibh easpa suime orthu, amanna. Go háirithe, bhraith íospartaigh foréigean baile nár chaith na Gardaí go minic lena ngearáin ar bhonn tromchúiseach.

Is soiléir gur gá dúinn aistriú ó dhearcadh ina samhlaítear íospartaigh bheith mar chuid bheag den phróiseas go dearcadh ina samhlaítear gur cuid lárnach dár n-obair iad. Is gá dúinn níos mó a dhéanamh chun íospartaigh na coireachta a shuíomh san áit ar cheart dóibh bheith – ag croílár sheirbhís an Gharda Síochána.

Cuirfidh an Garda Síochána seirbhís a léiríonn meas, a chruthaíonn muinín, atá freagrúil agus iontaofa ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar ionchais gach íospartaigh.

---

8 Tá fáil ar Chairt Íospartach an Gharda Síochána ag www.garda.ie

9 An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta (2010) *The Needs and Concerns of Victims of Crime in Ireland*. Cigireacht an Gharda Síochána (2014) *Crime Investigation*.

10 Cigireacht an Gharda Síochána (2014) *Crime Investigation*.

Beidh claonadh láidir i dtaobh íospartach againn agus beidh díriú ar dhéantóirí na coire i gcothromaíocht leis seo. Cuirfidh seo feabhas ar shábháilteacht an phobail, laghdóidh sé an líon daoine a ndéanfar íospartaigh na coireachta díobh agus – má dhéantar íospartach na coireachta de dhuine éigin – leanfaidh imscrúdú gairmiúil as chun déantóirí na coire a thabhairt os comhair na gCúirteanna agus cuirfear an dul chun cinn in iúl d'íospartaigh.

Is ceist measartha nua do sheirbhísí póilíneachta idirnáisiúnta í an cheist maidir le meas ar íospartaigh.[11] Tá an Garda Síochána ag tús aistir a iarrfaidh orainn dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaint amach agus a mhacasamhlú, agus go mbainfimid amach agus go sáróimid ceanglais na Treorach maidir le hÍospartaigh (féach an Painéal maidir leis an Treoir d'Íospartaigh).

Is é an cuspóir foriomlán chun feabhsú athraithe céim ar chéim a sholáthar sa chaidreamh idir an Garda Síochána agus íospartaigh.

> *Mar gheall gurb éagsúil gach coir agus gurb éagsúil an bealach a mbíonn gach íospartach thíos léi, tugtar freagairt aonair do gach íospartach sna hOifigí Seirbhíse d'Íospartaigh.*

## Oifigí Seirbhíse d'Íospartaigh

Páirt lárnach lenár dtiomantas chun íospartaigh a chur i gcroílár sheirbhís an Gharda Síochána a bhí i mbunú 28 Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh (GVSOanna) in 2015 ar fud na tíre.

Tá Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh anois mar an bpointe lárnach teagmhála d'íospartaigh na coireachta agus an tráma i ngach Roinn.

Mar gheall gurb éagsúil gach coir agus gurb éagsúil an bealach a mbíonn gach íospartach thíos léi, tugtar freagairt aonair do gach íospartach sna hOifigí Seirbhíse d'Íospartaigh. Tugtar nuashonruithe rialta d'íospartaigh ar dhul chun cinn an imscrúdaithe ar a gcás. Déantar measúnú tráthúil ar riachtanais chosanta íospartach leochaileach. Tugtar faisnéis dóibh ar na tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil ag brath ar an gcoir a raibh siad thíos léi.

Tá idir Ghardaí agus fhoireann shibhialtach mar fhoireann sna hOifigí ar cuireadh sainoiliúint orthu le hionchur ó ghrúpaí tacaíochta d'íospartaigh maidir le conas déileáil leis na híospartaigh agus atrua a léiriú dóibh. Le comhsheasmhacht an chuir chuige a chinntiú ar fud an líonra Oifigí, oibríonn siad i leith Buan-Nós Imeachta Oibríochta.

Tá foireann na nOifigí Seirbhíse d'Íospartaigh freagrach as cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh na coireachta agus tús áite a thabhairt dá gcuid riachtanas.

I gcoireanna ar nós buirgléireachta, ionsaí nó díobháil choiriúil, cuireann an Oifig Seirbhíse d'Íospartaigh glao leantach orthu lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir acu a theastaíonn, ina measc sonraí teagmhála na nGardaí imscrúdaithe. Chomh maith leis sin, féadfaidh íospartaigh aon saincheisteanna a thabhairt chun solais le pearsanra na hOifige Seirbhíse d'Íospartaigh. Cuirfear comhairle um chosc ar choireacht orthu agus soláthrófar sonraí dóibh faoi sheirbhísí seachtracha atá ar fáil ó Ghníomhaireachtaí eile Stáit agus/nó Neamhrialtasacha. Leanfaidh comhaltaí Gardaí imscrúdaithe lena chinntiú go gcoimeádtar íospartaigh ar an eolas ar fhorbairtí a thagann ar an imscrúdú.

Leanfaidh Gardaí imscrúdaithe nó speisialtóra le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil i bpearsan d'íospartaigh foréigean baile, ionsaí ghnéasaigh nó coireanna eile lena mbaineann tráma.

Tá samhail na hOifige Seirbhíse d'Íospartaigh bunaithe ar aiseolas a thug íospartaigh agus ó eagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh don Gharda Síochána, torthaí ónár Suirbhé ar Mheon an Phobail, agus ar eispéiris a soláthraíodh do Chigireacht an Gharda Síochána.

Ba dhearfach den chuid ba mhó an t-aiseolas tosaigh a fuarthas ó íospartaigh a d'úsáid na hOifigí agus leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar shásamh íospartaigh na coireachta leis an tseirbhís a soláthraíodh dóibh trínár Suirbhé ráithiúil ar Mheon an Phobail, taighde grúpa fócais, agus rannpháirtíocht le híospartaigh agus lena ngrúpaí ionadaíocha. Táimid tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís d'íospartaigh.

[11] Gottschalk, M. (2006) *The Prison and the Gallows*, Preas Ollscoil Cambridge.

Caibidil 2

# Ag Cur Íospartaigh i gCroílár Sheirbhís an Gharda Síochána

## Seirbhísí Feabhsaithe d'Íospartaigh na Coireachta

In 2016, bunóimid líne thiomnaithe rúnda shaorghlao chun íospartaigh mhí-úsáide gnéasaí leanaí a spreagadh – bíodh mí-úsáid stairiúil nó reatha i gceist – chun na teagmhais siúd a thuairisciú.[12] Beidh an líne ghutháin i mbun oibriú 24/7. Caithfear le gach gearán a dhéantar ar an nguthán leis an rúndacht is déine agus déanfar imscrúdú iomlán orthu.

Cuirfear feabhas ar shábháilteacht an phobail tríd an líon daoine a laghdú a ndéantar íospartaigh na coireachta díobh. Bainfear seo amach trí dhíriú láidir a leagan ar choireacht a chosc sa chéad ásc (féach Caibidil 4: Cosc a chur ar Choireacht).

Mar shampla, faoi Oibríocht Thor, chuathas i mbun líon beart chun cosc a chur ar bhuirgléireacht. Úsáideadh anailís treochtaí coireachta chun láithreacha a shainaithint ina ndéantar go leor buirgléireachta agus suíodh patróil ard-infheictheachta ina dhiaidh sin sna ceantair a bhí thíos leis seo; cuireadh comhairle spriocthа faoi chosc a chur ar choireacht ar phobail áitiúla; rinneadh monatóireacht dhlúth ar choinníollacha bannaí ciontóirí ilghníomhacha, agus cuireadh cláir i bhfeidhm chun cabhrú le hathchiontú a laghdú i measc ciontóirí ilghníomhacha.

Tabharfar córas nua bainistíochta glaonna isteach a dhéanfaidh glaonna a ghrádú bunaithe ar an tús áite a thabhairt do sheirbhís níos fearr a sholáthar d'íospartaigh (féach Caibidil 4: Cosc a chur ar Choireacht).

Cinnteoimid go ndéanfaidh imscrúdaitheoirí gairmiúla imscrúdú ar gach coir trí chórais imscrúdaitheacha níos fearr a úsáid (féach Caibidil 5: Imscrúdú Coireachta).

Áirítear lenár Suirbhé ráithiúil ar Mheon an Phobail roinnt ceisteanna faoina shásta a bhí íospartaigh na coireachta leis an tseirbhís a sholáthraíomar dóibh. Úsáidfimid an fhaisnéis seo chun dul i ngleic le saincheisteanna a tugadh chun solais agus cinnteoimid go bhfuil aiseolas ó íospartaigh á sholáthar don eagraíocht ar bhonn leanúnach, agus go n-éascaíonn sé foghlaim leanúnach agus go dtacaíonn sé le seirbhís ghairmiúil a sholáthar do gach íospartach na coireachta.

Leanfaimid, chomh maith leis sin, lenár bhFóram Íospartach, a sholáthraíonn deis do na Gardaí agus d'ionadaithe grúpaí tacaíochta d'íospartaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag oibriú sa limistéar seo chun comhoibriú a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú ar conas is fearr feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid d'íospartaigh.

## Treoir an AE maidir le Cearta Íospartach

Rinneadh an dlí de Threoir an AE maidir le Cearta Íospartach go déanach in 2015.

Faoin Treoir, tá dualgas ar an nGarda Síochána an méid a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go soláthraítear faisnéis go comhsheasmhach do gach íospartach i gcaitheamh an phróisis choiriúil.
- Faisnéis a sholáthar d'íospartaigh ar conas rochtain a fháil ar thacaíochtaí ar nós cóiríocht leighis, síceolaíochta, agus mhalartach
- Sonraí teagmhála a sholáthar ionas gur féidir le híospartach cumarsáid a dhéanamh leis na Gardaí faoina gcás.
- Faisnéis a sholáthar faoi rochtain ar chomhairle dlí agus na nósanna imeachta atá ar fáil más mian le híospartach gearán a dhéanamh.

Cinnteoidh bunú na nOifigí Seirbhíse d'Íospartaigh agus Oifig Íospartach Náisiúnta go gcomhlíonaimid ár ndualgais faoin Treoir.

[12] Cigireacht an Gharda Síochána (2010) *Responding to Child Sexual Abuse*.

## Seirbhísí Cosantacha do Dhaoine Leochaileacha

Coireanna doicheallacha iad foréigean baile, gnéasach, leanaí agus inscnebhunaithe a ghortaíonn íospartaigh agus a ndaoine muinteartha go fisiciúil agus go meabhrach. Gach lá, tugann ár gcomhaltaí féin an tionchar millteanach a imríonn an foréigean seo ar dhaoine agus a dteaghlaigh faoi deara bunaithe ar thaithí phearsanta.

Nuair a chuirtear san áireamh an tráma a bhíonn i gceist, is ríthábhachtach go dtéitear i ngleic go hiogair agus go cuí leis na coireanna siúd. Anuas air sin, is ríthábhachtach go ndéantar imscrúdú iomlán agus gairmiúil ar na coireanna seo.

In 2015, tugadh líon aonaid an Gharda Síochána le chéile chun a dtaithí agus a saineolas a ghiaráil maidir coireanna tromchúiseacha i gcoinne daoine leochaileacha a imscrúdú.

Foireann speisaltóirí is ea Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) atá tiomnaithe do chinntiú go ndéantar imscrúdú críochnúil ar gach uile ghearán a bhaineann le cosaint leanaí, gáinneáil ar dhaoine agus foréigean baile agus gnéasach. Anuas ar a chinntiú go láimhseáiltear na himscrúduithe siúd i gceart. Ar a bharr sin uile, tá siad freagrach as oibriú le gníomhaireachtaí eile chun bainistiú a dhéanamh ar chiontóirí gnéasacha ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.

Soláthróimid cur chuige comhsheasmhach i leith imscrúduithe ar mhí-úsáid baile agus choir ghnéasach ar fud na tíre. Bunófar Aonaid um Sheirbhísí Cosanta (PSUanna) timpeall na tíre ina mbeidh foireann ar ar cuireadh sainoiliúint. Faoi dheireadh 2016, beidh PSUanna bunaithe i gceantair a roghnaíodh. Oibreoidh na PSUanna leis na hOifigí Seirbhíse d'Íospartaigh atá ina gceantar lena chinntiú go bhfreastalaítear go leordhóthanach ar riachtanais íospartach leochaileach.

Cuirfimid gach ceann de na gníomhartha i bhfeidhm a bhfuilimid freagrach astu faoin Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (2015-2021) de chuid COSC. Mar chuid de seo, tabharfaimid Próiseas Bainistíochta Riosca isteach chun íospartaigh na mí-úsáide baile (féach an painéal) a chosaint.

## Coinbhinsiún Iostanbúl um Fhoréigean in Aghaidh Ban agus Foréigean Baile

Tá ag croílár Choinbhinsiún Iostanbúl díriú tréan ar chosc a chur ar fhoréigean in aghaidh ban agus foréigean baile agus é ina chuspóir saol daoine a shábháil agus fulaingt dhaonna a laghdú.

Tá na dualgais a leanas ar rialtais a chomhaontaíonn a bheith faoi cheangal an Choinbhinsiúin:

- oiliúint a chur ar ghairmithe a mbíonn teagmháil dhlúth acu le híospartaigh
- feachtais um múscailt feasachta a reáchtáil go rialta
- bearta a ghlacadh lena n-áireofar saincheisteanna ar nós comhionannas inscne agus coimhlint neamhfhoréigneach a réiteach i gcaidreamh idirphearsanta in ábhair theagaisc
- cláir chóireála a bhunú le haghaidh déantóirí foréigean baile agus ciontóirí gnéis;
- oibriú go dlúth le heagraíochtaí neamhrialtasacha
- na meáin agus an earnáil phríobháideach a thabhairt san áireamh nuair a bhíonn steiréitíopaí inscne á ndíbirt agus comh-mheas á chur chun cinn.

Chun ár ndualgais faoin gCoinbhinsiún a bhaint amach, cuirfimid oiliúint ar ár gcomhaltaí chun freagairt do agus imscrúdú a dhéanamh ar mhí-úsáid baile agus ar choireacht ghnéasach go híogair agus go gairmiúil.

## An Biúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta

Is éard atá sa Bhiúró Náisiúnta um Sheirbhísí Cosanta:

- An tAonad Bainistíochta Coireacht Ghnéis
- Agallóirí speisialtóra íospartaigh
- An tAonad um Dhúshaothrú Leanaí ar Líne
- An tAonad um Fhaisnéis agus Bainistiú Ciontóirí Gnéis
- Oifig náisiúnta SORAM (Oifig ilghníomhaireachta ina bhfuil comhalta den GNPSB, an tSeirbhís Phromhaidh, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TÚSLA) agus ionadaí ó rannóg tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun bainistiú a dhéanamh ar chiontóirí gnéis)
- An tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine
- Oibríocht Quest – oibríocht an Gharda Síochána a dhíríonn ar striapachas eagraithe agus ar dhrúthlann a ghnáthchoimeád
- An Oifig Náisiúnta d'Íospartaigh
- Beartas Idirghabhála um Mí-Úsáid Baile
- An Biúró um Dhaoine ar Iarraidh

## Caibidil 2

# Ag Cur Íospartaigh i gCroílár Sheirbhís an Gharda Síochána



*Cabhrófar le híospartaigh leis an tasc strusmhar a bhaineann le bheith mar fhinné sa chúirt. Déanfaidh éascú a rannpháirtíochta gníomhaí i bpróiseas an cheartais faisnéis a sholáthar dár n-obair go léir le híospartaigh.*

## Mí-úsáid baile a imscrúdú

Déanfar imscrúdú mear agus iomlán ar ghearáin faoi mhí-úsáid baile, agus úsáidfear faisnéis atitimigh, agus tacóimid le cláir atá dírithe ar stop a chur leis na déantóirí.

Inár bPróiseas nua Bainistíochta Riosca trí chéim:

1. Baileoidh freagróirí glaonna faisnéis chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca agus sannfaidh siad an tosaíocht chuí
2. Sainaithneoidh na Gardaí, ar theacht i láthair dóibh, an riosca láithreach atá i leith an íospartaigh agus a dteaghlaigh
3. A luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin, deimhneoidh an tImscrúdaitheoir Mí-Úsáide Baile rioscaí fadtéarmacha i leith an íospartaigh agus a dteaghlaigh agus na tacaíochtaí ilghníomhaireachta a theastaíonn chun na rioscaí siúd a laghdú. Déanfar an measúnú riosca i dtimpeallacht shábháilte agus rialaithe gan an déantóir a bheith i láthair.

Tá seo bunaithe ar thaighde a rinneadh le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Póilíní na Sualainne agus Rannóg Póilíní Nua-Eabhrach.

Sa mhullach air sin, bainfimid triail phíolótach as feithiclí patróil ina n-iompraítear Pacaí Láithreacha Coire, lena n-áirítear ceamara digiteach chun fianaise i leith gortú nó díobhála ag teagmhais mhí-úsáide baile a chur i dtaifead. Ciallaíonn seo, fiú mura mian le híospartach gearán a dhéanamh, i dtosach báire, is féidir fianaise a bhaineann leis an teagmhas a chur i gcoinne an déantóra sa chás go ndéanfaí gearán amach anseo.

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Soláthrófar d'íospartaigh na coireachta seirbhís chomhsheasmhach agus ghairmiúil a dhéanann a riachtanais agus a mbuarthaí a shuíomh ag croílár an phróisis imscrúdaithe.

Cabhrófar le híospartaigh leis an tasc strusmhar a bhaineann le bheith mar fhinné sa chúirt. Déanfaidh éascú a rannpháirtíochta gníomhaí i bpróiseas an cheartais faisnéis a sholáthar dár n-obair go léir le híospartaigh.

Tabharfar tacaíocht speisialtóra d'íospartaigh foréigean baile, coireachta gnéis nó coireanna eile a bhíonn ina gcúis le tráma agus bainfidh beartas próghabhála leo agus beidh sé ina chuspóir an dlí a chur ar dhéantóirí na gcoireanna tromchúiseacha doicheallacha seo.

Déanfaimid monatóireacht agus tomhas ar ár ngníomhartha, agus tabharfar tús áite do dhearcadh na ndaoine ar a bhfreastalaímid. Déanfaimid measúnú ar shaghsanna coireachta atá ag teacht chun cinn agus ar na híospartaigh éagsúla a chruthaíonn siad.

Comhlíonfaidh an Garda Síochána a fheidhm go hiomlán maidir lena chinntiú go gcomhlíonann an Stát a dhualgais faoi Threoir an AE maidir le Cearta Íospartach agus faoi Threoir Iostanbúl.

Méadóidh éiteas atá dírithe ar íospartaigh an iontaoibh laistigh de na pobail ar a ndéanaimid freastal.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Oifigí Seirbhíse d'Íospartaigh** | 28 oifig thiomanta a thabhairt isteach chun seirbhís ghairmiúil, comhsheasmhach agus chomhbhách a sholáthar d'íospartaigh | Soláthrófar seirbhís níos fearr agus níos comhsheasmhaí d'íospartaigh | **R1 2015** | **Críochnaithe** |
| **Aonaid Réigiúnacha um Sheirbhísí Cosanta** | Aonaid um Sheirbhísí Cosanta a bhunú i ngach Réigiún | Cur chuige comhsheasmhach i leith imscrúdú a dhéanamh ar choireanna ina mbíonn íospartaigh leochaileacha i gceist | **R1 2016** | **R4 2017** |
| **Suirbhé ar Mheon an Phobail** | Suirbhé a dhéanamh ar íospartaigh choireanna gach ráithe leis an leibhéal de sheirbhís a sholáthraítear dóibh a dheimhniú | Seirbhís fheabhsaithe a sholáthar d'íospartaigh bunaithe ar a n-aiseolas | **R4 2014** | **Ar bun** |
| **Bainistíocht Imscrúduithe** | Cuirfidh ardteicneolaíocht agus oiliúint mhéadaithe feabhas ar ár scileanna agus ár gcumas imscrúdaithe | Imscrúdú gairmiúil déanta ar gach gearán | **R3 2015** | **R4 2017** |
| **Straitéis an tSeomra Rialaithe** | Straitéis Seomra Rialaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Seirbhís níos gairmiúla a sholáthar d'íospartaigh na coireachta | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Líne rúnda ghutháin d'íospartaigh mhí-úsáid ghnéasach leanaí** | Líne ghutháin 24/7 a thabhairt isteach chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a thuairisciú | Seirbhís ghairmiúil a sholáthar d'íospartaigh mhí-úsáid ghnéasach leanaí | **R2 2015** | **R4 2016** |
| **An Próiseas Bainistíochta Riosca i leith Mí-Úsáid Teaghlaigh** | Creat bainistíochta riosca d'íospartaigh foréigean baile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Cosaint níos fearr a sholáthar d'íospartaigh foréigean baile | **R3 2015** | **R4 2016** |

"
*Tabharfar tacaíocht speisialtóra d'íospartaigh foréigean baile, coireachta gnéis nó coireanna eile a bhíonn ina gcúis le tráma.*
"

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.


GARDA

## Caibidil 3

# Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí

**Oibreoimid le pobail chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá saincheaptha dá riachtanais.**

## Caibidil 3

# Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí

## Réamhrá

**Gach lá, oibríonn comhaltaí an Gharda Síochána leis an bpobal i ngach cuid den tír. Bhí póilíneacht in Éirinn comhchiallach le bheith mar *chuid* de mhuintir na tíre agus ar son mhuintir na tíre. Bhí caidreamh dlúth ag an nGarda Síochána riamh anall leis an bpobal tríd an spórt, grúpaí pobail, scoileanna agus réimse fairsing de ghníomhaíocht áitiúil.**

Sna 1970idí, 1980idí agus na 1990idí, áfach, mar gheall gur tháinig fadhb thromchúiseach dhrugaí chun solais, an cás slándála atá i gceist faoi láthair, agus uirbiú méadaitheach, aistríodh ní ba mhó acmhainní go dtí aonaid speisialtóra agus rinneadh na hacmhainní siúd a bhaint ó phóilíneacht phobail.

Níos déanaí, faoi mar a thug Cigireacht an Gharda Síochána faoi deara[13], mar gheall ar uainchlár agus srianta nua a thabhairt isteach ar ár n-acmhainní, tá laghdú tagtha ar an líon Aonaid thiomnaithe Póilíneachta Pobail, go háirithe i gceantair thuaithe.

Is é an dúshlán atá roimh an nGarda Síochána ná stíl agus saghas na póilíneachta pobail a sholáthar atá in ann riachtanais an phobail san 21ú hAois a chomhlíonadh.

Mar gheall nach mbíonn na freagraí nó na hacmhainní go léir ag aon eagraíocht amháin chun dul i ngleic leis na fadhbanna inár sochaí, tá sé ríthábhachtach go gcomhoibrímid níos mó le réimse leathan eagraíochtaí chun cabhrú le feabhas a chur ar cháilíocht beatha daoine.




## Ár nÉiteas Póilíneachta Pobail

Forbróidh agus tacóidh an Garda Síochána le héiteas ina gcaitheann gach comhalta agus comhalta foirne sibhialta den Gharda Síochána, gan aird ar chéim ná ar ghrád, leo féin mar Gharda pobail, is é sin, go bhfuil siad in ainm is freastal ar a bpobal.

Ceann dár mórláidreachtaí mar sheirbhís póilíneachta is ea oibriú leis an bpobal agus bheith mar chuid den phobal. Is mian linn cur leis sin agus leanúint le pobail a chosaint agus tacú leo. Is mian linn go ndéanfaidh gach Garda nasc lena bpobal áitiúil, go bhforbróidh siad tuiscint ar a riachtanais agus ar conas is féidir linne, i dteannta ár gcomhpháirtithe straitéiseacha, pobal níos fearr a dhéanamh den phobal sin.

Cuirfimid feabhas ar ár samhail de phóilíneacht phobail chun stíl agus saghas na póilíneachta a sholáthar a léiríonn ár dtiomantas do chosc a chur ar choireacht, pobail níos sábháilte a dhéanamh de phobail, agus dul i ngleic le dúshláin phóilíneachta gach pobail.

Trí seo a dhéanamh, bainfimid an méid a leanas amach:

- seirbhís póilíneachta a sholáthar atá níos infheicthe agus níos inrochtana;
- níos mó ama a chaitheamh i mbun idirchaidrimh leis an bpobal chun feabhas a chur ar a sábháilteacht;
- seirbhís éagsúil lúfar agus fhreagrúil póilíneachta a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais sochaí nua-aimseartha;
- ár gcomhoibriú, comhar agus comhpháirtíochtaí a mhéadú leis an tionscal, an lucht léinn agus le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- comhaltaí, foireann agus cúltacaí ardoilte Garda a fhorbairt a bhfuil na huirlisí, na scileanna agus na tacaíochtaí acu a theastaíonn uathu chun cosc a chur ar choireacht agus ar sceimhlitheoireacht agus iad a chomhrac.

Soláthróidh roinnt gnéithe dár gclár nuachóirithe tairbhí inbhraite don phobal: soláthróidh ár gcórais nua bainistíochta teagmhálaithe, ag a bhfuil seirbhísí feabhsaithe scagtha glaonna, freagairt níos éifeachtúla do ghlaonna éigeandála agus neamhéigeandála, agus déanfar coireanna a imscrúdú níos éifeachtúla a bhuíochas le córais nua nuachóirithe bhainistíochta coire (féach Caibidil 5: Imscrúdú Coireachta).

I ngeall ar na hathruithe seo, i dteannta na bpróiseas méadaithe sibhialtachaithe agus cuíchóirithe, ní chaithfidh na Gardaí an oiread céanna ama sna hoifigí agus caithfidh siad níos mó ama sa phobal.

[13] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

Bunóimid Foirne Póilíneachta Pobail (FPPanna) i ngach Ceantar. Beidh Gardaí ó líon disciplíní éagsúla in FPPanna a bheidh ag oibriú leis an bpobal áitiúil chun coireacht a chosc agus a bhrath.

Príomhdhíriú ár samhla póilíneachta pobail a bheidh i muinín agus iontaoibh an phobail a bhaint amach, éisteacht le fadhbanna an phobail áitiúil, agus a léiriú go bhfuil an Garda Síochána tiomanta do bhealach nua chun póilíneacht a dhéanamh agus iad dírithe ar riachtanais an phobail chun braistint níos mó de shlándáil laistigh den phobal a sholáthar.

Léireoimid ár n-éiteas nua póilíneachta trí idirchaidreamh a bheith againn leis an bpobal trí Fhóraim Phóilíneachta Pobail lena riachtanais phóilíneachta a dheimhniú. Beidh freagracht phoiblí orainn i leith an phobail áitiúil, ag a gcruinnithe áitiúla fóram agus pobail, as an leibhéal de sheirbhís póilíneachta a sholáthraímid sa phobal.

Beidh ról tábhachtach ag an gCoimisinéir Réigiúnach Cúnta, an tArd-Cheannfort Roinne agus an Ceannfort áitiúil i dtaobh a chinntiú go gcuimsíonn ár gcur chuige feabhsaithe i leith póilíneacht phobail idirchaidreamh le, agus rannpháirtíocht níos mó ón bpobal, chun réitigh fhadmharthanacha a sholáthar a rachaidh chun sochair dóibh.

D'fhonn soláthar comhsheasmhach an éitis nua phóilíneachta ar leibhéal áitiúil a chinntiú, cuirfear i bhfeidhm Coimisinéir Cúnta um Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí. Díreoidh siad ar rannpháirtíocht sa phobal; sábháilteacht phoiblí, agus éagsúlacht agus lánpháirtiú.

## Tuairim Peel ar Phóilíneacht Phobail

"Is ionann na póilíní agus an pobal agus is ionann an pobal agus na póilíní; níl sna póilíní ach baill den phobal a n-íoctar iad chun aird lánaimseartha a thabhairt ar dhualgais atá ar gach saoránach ar mhaithe le leas agus láithreacht an phobail."

*Sir Robert Peel, bunaitheoir na póilíneachta nua-aimseartha.*



"

*Beidh Gardaí ó líon disciplíní éagsúla i bhFoirne Póilíneachta Pobail a bheidh ag oibriú leis an bpobal áitiúil chun coireacht a chosc agus a bhrath.*

## Caibidil 3

# Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí

## Foirne Póilíneachta Pobail

Tacaíonn taighde a rinneadh sa Ríocht Aontaithe[14], an Nua-Shéalainn[15] agus in Albain[16] le coincheap na póilíneachta pobail a sholáthraítear trí FPPanna a oibríonn leis an bpobal áitiúil chun ábhar buartha um shábháilteacht phoiblí a laghdú agus chun feabhas a chur ar mhuinín sna póilíní.

Roinnfimid gach Ceantar ina sraith ceantair phóilíneachta pobail a léiríonn comhdhéanamh an phobail agus aird ar dhaonra, ceantar tíreolaíochta, leibhéal na coireachta agus gníomhaíocht iompair fhrithshóisialta, anuas ar acmhainní an Gharda Síochána. D'fhonn comhsheasmhacht an chuir chuige a chinntiú, cuirfimid na bunphrionsabail chéanna i bhfeidhm i leith ceantair uirbeacha agus thuaithe araon.

Beidh a FPP féin ag gach ceantar póilíneachta pobail agus beidh Cigire i gceannas air. Beidh an FPP freagrach as an réimse seirbhísí póilíneachta a sholáthraítear don phobal sin a sholáthar. Beidh orthu casadh leis an bpobal leis na fadhbanna a dheimhniú atá ina gceantair agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic leo.

Is éard a bheidh san FPP ná Garda Póilíneachta Pobail agus Sáirsint amháin, ar a laghad, a chaitheann éide an Gharda Síochána atá freagrach as Póilíneacht Phobail don cheantar sin; Bleachtaire-Gharda agus Bleachtaire-Sháirsint atá freagrach as imscrúdú coireachta sa cheantar; Oifigeach Idirchaidrimh Óige don cheantar, comhalta den Aonad Tráchta atá sannta do shaincheisteanna póilíneachta bóithre áitiúla.

Rachaidh an FPP i mbun bearta réamhghníomhacha chun cosc a chur ar choireacht tarlú sa cheantar. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná meascán de chomhairle faoi chosc a chur ar choireacht, spriocdhíriú agus cur isteach ar choirpigh trí oibríochtaí agus patróil agus nuair is féidir, daoine a chlaonadh ó choireacht a dhéanamh.

> *Baineann ríthábhacht le rannpháirtíocht ón bpobal chun cabhrú le coireacht a chosc agus a bhrath.*

Nuair a tharlaíonn coireacht, beidh an FPP freagrach as a chinntiú go dtiteann imscrúdú cuimsitheach amach agus go ndéantar athbhreithniú críochnúil ar conas is féidir na coireanna siúd a chosc amach anseo. Cinnteoidh siad, chomh maith leis sin, go dtugtar cuairt ar íospartach na coireachta laistigh de 48 uair an chloig ionas gur féidir iad a chur ar an eolas ar bhearta chun an riosca a laghdú go ndéanfar íospartach díobh athuair.

Anuas ar an obair imscrúdaithe, agus cur isteach ar conas a dhéantar coireacht, áireofar le gné phobalbhunaithe obair an FPP idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara ar nós comhlachais chónaitheoirí agus grúpaí pobal ar aire. Oibreoidh siad, chomh maith, leis an bpobal gnó chun cabhrú leis na deiseanna le haghaidh coireachta a laghdú agus dea-chleachtas a roinnt maidir le cosc a chur ar choireacht.

Soláthróidh an FPP Clár na Scoileanna ina gceantar agus glacfaidh siad bearta réamhghníomhacha chun caidreamh iontaobhais a chruthú le ceannasaithe i gcumainn agus i gclubanna an phobail áitiúil, go háirithe iad siúd a dhéileálann le daoine óga.

I bhfeidhmiú a n-oibre, oibreoidh gach FPP go dian leis an bpobal chun tuiscint dhomhain agus chuimsitheach a fhorbairt ar an méid a leanas:

- Conas a imríonn an choireacht agus iompar frithshóisialta tionchar ar na daoine ina gceantar
- Cén saghsanna coireachta agus iompair fhrithshóisialta is mó a imríonn tionchar orthu
- Conas is féidir leis an nGarda Síochána agus an pobal níos fairsinge dul i ngleic leis na coireanna agus na saincheisteanna frithshóisialta seo.

Beidh an FPP freagrach as caidreamh a chruthú leis an bpobal; go háirithe pobail mhionlaigh agus pobail ar deacair iad a rochtain. Beidh an chaoi go bhfaigheann an FPP léargas ar gach ceantar póilíneachta pobail difriúil ó áit go háit. Beidh idir cuairteanna ó theach go teach, freastal ar chruinnithe fóraim phobail agus tabhairt faoi shuirbhéanna ar mheon poiblí ina gceantair i gceist. Pé modh a úsáidtear, oibreoidh an Garda Síochána go dlúth le gach pobal lena shainaithint conas is fearr dul i ngleic lena n-éilimh phóilíneachta.

14 Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe (2011) *A New Approach to Fighting Crime* https://www.gov.uk/government/publications/a-new-approach-to-fighting-crime

15 Póilíní na Nua-Shéalainne (2011) *Formulative Evaluation of Neighbourhood Policing Teams in Counties Manukau District* http://www.police.govt.nz/sites/default/files/publications/neighbourhood-policing-teams-counties-manukau-formative-evaluation.pdf

16 Rialtas na hAlban (2009) *Community Policing: a Review of the Evidence* http://www.gov.scot/resource/doc/292465/0090209.pdf




*Rachaidh an Fhoireann Phóilíneachta Pobail i mbun bearta réamhghníomhacha chun cosc a chur ar choireacht tarlú sa cheantar.*

## Fóraim Shábháilteachta Pobail

Baineann ríthábhacht le rannpháirtíocht ón bpobal chun cabhrú le coireacht a chosc agus a bhrath.

Tá ról an-tábhachtach ag an bpobal féin le comhlíonadh chun na gnáthaimh le haghaidh iompair ina gceantar a leagan amach. Léirigh taighde an tábhacht a bhaineann le líonraí agus comhlachais áitiúla i bpóilíneacht phobail.[17]

Trí chabhrú le pobail chun na fadhbanna a réiteach atá laistigh dá gceantar, cothaítear leibhéal de chomhtháiteacht agus d'fhéinchreideamh a threisíonn creatlach lom an phobail.

Táimid tiomanta chun idirghabháil a dhéanamh a sholáthraíonn torthaí córa don phobal iomlán agus ní hamháin do ghrúpaí nó do chomhlachais ar leith. Baineann tábhacht le torthaí inbhuanaithe a chruthú. Teastaíonn níos mó ná idirghabhálacha aonuaire ag Gardaí ó phóilíneacht phobail – teastaíonn idirghabhálacha rialta, comhsheasmhacha agus bríocha. Ní mór dóibh seo rochtain a fháil ar ár seirbhísí ag an bpobal agus a rannpháirtíocht i gclárcheapadh a spreagadh agus a chur chun cinn le haghaidh póilíneachta ina gceantar áitiúil.

I ngach Ceantar an Gharda Síochána, bunófar Fóram Sábháilteachta Pobail. Beidh an Ceannfort ina Chathaoirleach air, agus beidh Gardaí áitiúla ag oibriú san Fhóram Sábháilteachta Pobail le daoine ina gceantar, grúpaí ionadaíocha, ar nós cumainn áitritheoirí agus eagraíochtaí pobail, agus gníomhaireachtaí áitiúla chun saincheisteanna comharsanachta a shainaithint a imríonn tionchar ar an gcáilíocht beatha agus ar na bearta a theastaíonn chun dul i ngleic leo. Níl i soilsiú méadaithe in eastát tithíochta nó úsáid níos mó a bhaint as an gceartas aisiríoch chun iompar frithshóisialta a chomhrac ach dhá bheart fhéideartha.

Lena chinntiú go bhfuiltear ag dul i ngleic leis na saincheisteanna is práinní, cuirfidh tuairimí na FPPanna obair an Fhóraim Sábháilteachta Pobail ar an eolas ar na tosaíochtaí dá bpobail. Anuas air sin, tabharfaidh an Fóram Sábháilteachta Pobail saincheisteanna chun solais a dteastaíonn infheistíocht mhórscála nó cur chuige níos fairsinge trasghníomhaireachta uathu don Chomhchoiste Póilíneachta.

[17] Fielding, N (2009) *Getting the best out of Community Policing*. UK Police Federation.

Caibidil 3

# Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí

## Idirchaidreamh a dhéanamh le Pobail Mhionlaigh

Mar gheall ar an gcaoi go bhfuil ár sochaí in ann athrú, tá pobail nua tagtha chun cinn i ngach baile agus cathair. Is ó thíortha atá go leor daoine ó phobail mhionlaigh nach bhfuil cultúr iontu ina ndéantar idirchaidreamh leis na póilíní in aon chor. Ach laistigh de na pobail seo, mar sin féin, tá íospartaigh na coireachta, foréigean baile agus iompar frithshóisialta.

Bhí an Garda Síochána ar cheann de na chéad seirbhísí póilíneachta san Eoraip chun oifig thiomnaithe a bhunú chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail mhionlaigh. Tá Oifig an Gharda Síochána um Chiníochas agus Ilchultúrachas (an GRIDO) ag oibriú ó 2002 i leith agus tá breis agus 270 Oifigeach Éagsúlachta dá cuid anois ag oibriú ar fud na tíre. Cuirtear oiliúint fhairsing ar na comhaltaí seo chun déileáil le héagsúlacht fhairsing choireanna a imríonn tionchar ar chearta daonna saoránach, ina measc coireacht fuatha agus ciníochas. Cé gur tháinig laghdú ar líon na gcoireanna fuatha a tuairiscíodh don Gharda Síochána le ceithre bliana anuas[18], ní thuairiscítear gach coir fuatha do na póilíní.[19] Tá sé tábhachtach go mbraitheann na pobail fhairsinge seo gur féidir leo coireanna fuatha agus teagmhais chiníochais a thuairisciú don Gharda Síochána.

Táimid tiomanta do phlé a dhéanamh le pobail mhionlaigh chun a n-iontaoibh agus a muinín a bhaint amach. Oibreoimid le ceannasaithe a bpobail trínár líonra de Ghardaí Pobail agus d'Oifigigh Éagsúlachta. Mura bhfuil ceangail reatha againn isteach sna pobail seo, cuirfimid na chéad chéimeanna dínn chun an ceangal sin a dhéanamh trínár FPPanna.

Cinnteoimid go gcaitheann gach Garda le comhaltaí pobail mhionlaigh le meas agus go bhfuil an plé sin cabhrach agus bríoch. Bainfimid a n-iontaoibh agus a muinín amach, agus cuirfimid feabhas ar leibhéal na seirbhíse a fhaigheann siad ón nGarda Síochána.

Táimid tiomanta d'oiliúint bhreise a chur ar ár bhfoireann lena chinntiú go bhfuil ár gcur chuige póilíneachta pobail bunaithe san eagraíocht agus go bhfuil sé mar chuid d'obair laethúil gach Garda. Trínár gclár oiliúna, forbróimid ar n-inniúlacht chultúrtha in idirghníomhú le pobail mhionlaigh agus a chinntiú go gcomhlíonaimid dea-chleachtas idirnáisiúnta i gcomhlíonadh ceart daonna.

Foilseoidh an Garda Síochána a Straitéis athbhreithnithe agus fheabhsaithe Éagsúlachta agus Cuimsithe in 2016. Cuimseofar inti na moltaí ón Ombudsman do Leanaí nuair a dhéileáiltear le teaghlaigh ó phobail éagsúla.[20]

Aithníonn an Garda Síochána an tábhacht a bhaineann le pearsanra a earcú ó thrasghearradh an phobail, mar sin, déanaimid ionadaíocht don tsochaí ar a bhfreastalaímid atá ag éirí níos éagsúla de shíor. Cuireadh tús leis seo agus leanfaidh sé ar aghaidh (féach Caibidil 10: Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh).

> *Le rannpháirtíocht níos mó leis an bpobal agus béim láidir ar chosc ar choireacht cuirfidh sé feabhas ar shábháilteacht an phobail, laghdóidh sé an eagla i leith coireachta, agus cuirfidh sé feabhas ar cháilíocht beatha.*

> *Cinnteoimid go gcaitheann gach Garda le comhaltaí pobail mhionlaigh le meas agus go bhfuil an plé sin cabhrach agus bríoch.*




[18] http://hatecrime.osce.org/ireland

[19] The Irish Times, an 13 Iúil, 2015 http://www.irishtimes.com/news/social-affairs/new-laws-could-see-people-prosecuted-over-hate-crimes-1.2282355

[20] Tugadh faoin bhfiosrúchán chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a bhain an Garda Síochána leas as a chumhachtaí faoi Alt 12 den Acht um Chúram Leanaí, 1991 maidir le beirt leanaí Romacha agus foilsíodh é ar www.specialinquiry.ie

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Beidh ceangal níos dlúithe ann idir an Garda Síochána agus na daoine ar a bhfreastalaíonn sé a bhuíochas leis an tsamhail nua seo de phóilíneacht. Cuirfidh pobail aithne ar a nGardaí áitiúla agus cuirfidh a nGardaí áitiúla aithne orthu.

Beidh ár FPPanna infheicthe agus inrochtana don phobal. Bíodh sráidbhaile, baile, ceantar uirbeach nó cathair i gceist, beidh ainm na nGardaí áitiúla ar eolas nó is furasta a gheobhaidh aon duine den phobal é ar mian leo fáil a bheith acu ar a seirbhísí.

Beidh ionchur níos mó ag pobail i dtaobh na rudaí ar mian leo go dtabharfaidh an Garda Síochána tús áite dóibh, cuirfear seirbhís níos pearsantaithe ar fáil dóibh, beidh láithreacht níos mó ag na póilíní sa phobal, agus déileálfar le saincheisteanna agus le ceisteanna níos tapúla.

Cuirfidh rannpháirtíocht mhéadaithe sa phobal agus béim láidir ar chosc a chur ar choireacht feabhas ar shábháilteacht an phobail, agus eascróidh laghdú as ar eagla i leith coireachta, anuas ar fheabhsú ar cháilíocht beatha.

De bharr caidreamh níos treise le pobail mhionlaigh agus le daoine aonair, bunaithe ar chomh-mheas, ba cheart go dtuairisceofar níos mó coireanna ginearálta agus coireanna ciníochais nó fuatha don Gharda Síochána.

Don stát, ba cheart go laghdódh an cur chuige seo rátaí coireachta agus na costais a ngabhann leo. Cuirfidh seo feabhas, chomh maith, ar an gcáil idirnáisiúnta atá ar Éirinn mar áit chun gnó a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air.

I dtaobh an Gharda Síochána, déanfar cumhacht shuntasach chinnteoireachta a aistriú go dtí foirne áitiúla. Cumasóidh seo an fhoireann trí úinéireacht agus bród a bhronnadh orthu trí phóilíneacht a dhéanamh ar a gceantar áitiúil. Chomh maith leis sin, trí ionchur isteach i bpóilíneacht áitiúil, cabhróidh sé le muinín agus iontaoibh as an nGarda Síochána a fheabhsú.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Foirne Póilíneachta Pobail** | Foirne Póilíneachta Pobail a bhunú ina mbeidh Gardaí ó réimse le hoibriú leis an bpobal áitiúil chun an choireacht a chosc agus a bhrath. | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail. Soláthar feabhsaithe póilíneachta pobail. | **R1 2016** | **Ar bun** |
| **Fóraim Shábháilteachta Pobail** | Fóraim Shábháilteachta Pobail a bhunú ina bhfuil Gardaí áitiúla, pobail áitiúla agus príomhpháirtithe leasmhara | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail agus laghdú ar an eagla i leith coireachta | **R1 2016** | **R4 2017** |
| **Straitéis Éagsúlachta agus Cuimsithe** | Feabhas a chur ar idirchaidreamh le pobail mhionlaigh | Iontaoibh mhéadaithe as an nGarda Síochána i measc pobail mhionlaigh | **R3 2015** | **R3 2016** |
| **Straitéis Acmhainní Daonna** | A chinntiú go ndéanann an eagraíocht ionadaíocht do na pobail uile | Eagraíocht a dhéanann ionadaíocht do na pobail uile | **R3 2015** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.


GARDA
GARDA
GARDA

## Caibidil 4

# Cosc a chur ar Choireacht

**Tabharfar an chéad tús áite póilíneachta de chuid an Gharda Síochána do chosc a chur ar choireacht.**

## Caibidil 4

# Cosc a chur ar Choireacht

## Réamhrá

**Ba chroífheidhm den phóilíneacht riamh cosc a chur ar choireacht. In 1829, dúirt chéad Choimisinéir na bPóilíní Cathrach i Londain, Sir Richard Mayne, "Is é bunchuspóir póilíní éifeachtúla chun cosc a chur ar choireacht. Is é an chéad chuspóir eile ná an ciontóir a bhrath agus pionós a ghearradh air/uirthi, má dhéantar coir. Ní mór iarrachtaí uile na bpóilíní a dhíriú orthu seo."**

Leagann Alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 bonn reachtúil faoi fheidhmeanna an Gharda Síochána. Ar cheann de na feidhmeanna seo, tá seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát agus é ina chuspóir cosc a chur ar choireacht agus saol agus maoin a chosaint.

Dúirt Cigireacht an Gharda Síochána, áfach, nach cosc a chur ar choireacht a bhí i gceist le príomhdhíriú ár ngníomhaíochtaí, nach bhfuil aon straitéis threorach um chosc ar choireacht ann, agus ní chuirtear dea-chleachtas um chosc a chur ar choireacht i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na heagraíochta.[21]




Tá an Garda Síochána tiomanta do ghné lárnach i ngach gníomhaíocht phóilíneachta a dhéanamh de chosc a chur ar choireacht. Baineann buntábhacht le haire a thabhairt do phobail agus cosc a chur ar choireacht ó tharlú i dtaobh ár bhfealsúnacht nua phóilíneachta.

Chun é seo a bhaint amach, beimid i dteagmháil le pobail chun cúiseanna na coireachta ina gceantair a shainaithint agus a chomhrac. Cabhróidh ár n-oifigigh um chosc ar choireacht chun an pobal a chur ar an eolas ar conas is féidir linn, le chéile, iad féin, a dtithe agus a ngnólachtaí a chosaint ó íospartaigh na coireachta a dhéanamh díobh ar an gcéad dul síos. Tá muinín againn gur féidir linn, le chéile, cur níos mó le háit níos sábháilte a dhéanamh den phobal chun cónaí ann, oibriú ann agus sóisialú a dhéanamh ann.

Cuimsíonn tromlach na seirbhísí móra póilíní cosc ar choireacht ina straitéisí anois. Rinne an Garda Síochána scrúdú ar straitéisí idirnáisiúnta um chosc agus laghdú ar choireacht. I measc cuid de na tionscnaimh is rathúla um chosc ar choireacht, bhí iad siúd sa Nua-Shéalainn, Ceanada agus sa Ríocht Aontaithe, a chuimsigh cosc ar choireacht isteach i ngach gné dá n-obair, ach shainaithin siad an cosc seo mar ról don tsochaí iomlán.

Ba í aidhm straitéis nua oibriúcháin na Nua-Shéalainne – Tús Áite do Chosc[22] ('Prevention First') – chun deiseanna um chosc a lorg mar chuid dá n-obair reatha laethúil. Bhain príomhthábhacht le tuiscint a fháil ar na rudaí a chuireann an choireacht chun cinn agus ar úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní i dtaobh an ratha a bhí ar an gclár seo.

Tá lárionad sármhaitheasa ag Póilíní Cheanada[23] a sholáthraíonn sraith iomlán de chomhairle agus de dhea-chleachtas um chosc ar choireacht dá bhfoirne póilíneachta. Is é a gcur chuige chun ceannaireacht náisiúnta a sholáthar ar bhealaí éifeachtacha chun coireacht a chosc agus a laghdú trí dhul i ngleic leis na fachtóirí riosca sula dtiteann coireacht amach.

Tugadh faoi deara le blianta beaga anuas sa Ríocht Aontaithe[24] aistriú siar chuig rannpháirtíocht sa phobal mar iarracht chun cosc a chur ar choireacht. Dírítear anois go smior ar oifigigh oibríochtúla phóilíní ag oibriú go dlúth leis an bpobal chun dul i ngleic leis na cúiseanna a bhíonn le coireacht agus chun cosc a chur uirthi.

Léiríonn na samplaí uile seo cur chuige iomlánaíoch i leith cosc a chur ar choireacht lena mbaineann gach leibhéal den rialtas agus den tsochaí.

[21] Cigireacht an Gharda Síochána (2014) *Crime Investigation*

[22] Póilíní na Nua-Shéalainne (2011) *Prevention First Strategy* http://www. police.govt.nz/sites/default/files/publications/prevention-first-strategy-2011-2015.pdf

[23] Rialtas Cheanada (2016) An Lárionad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht http://www.publicsafety.gc.ca/cnt/cntrng-crm/crm-prvntn/ntnl-crm-prvntn-cntr-eng.aspx

[24] Cathair Londan (2016) *Safer City Partnership* http://www.cityoflondon.gov.uk/services/community-and-living/Pages/safer-city-partnership.aspx

Tá an príomhról ag an nGarda Síochána chun na hiarrachtaí chun comhrac agus cosc na coireachta a chur chun cinn. De réir mar a thagann forbairt, fairsingiú agus síneadh ar ár mbeartais um chosc ar choireacht, forbróimid comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal níos fairsinge lena chinntiú go nglacann straitéisí um chosc agus um laghdú ar choireacht cur chuige na sochaí iomláine agus an phobail iomláin. Is é cosc ar choireacht an dualgas atá orainn. Tig linn a bheith níos éifeachtaí nuair a leagtar an dualgas sin ar gach duine.

## Éiteas um Chosc ar Choireacht

Beidh cosc a chur ar choireacht ar chéad tosaíocht phóilíneachta an Gharda Síochána.

Athrófar na rudaí a leagann ár n-oibríochtaí béim orthu ón mbéim a leagamar riamh anall ar fhreagairt do choireanna a tharla go dtí patrólú gníomhach a bheith á dhéanamh i gceantair, spriocdhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht tarlú.

Beidh cosc ar choireacht, agus éiteas ina gcuirtear cosc ar choireacht tarlú sa chéad dul síos, mar thosaíocht de gach gné dár gcuid oibre, idir ár gcruinniú laethúil faisnéise agus pleananna á gcomhordú agus á dtascáil. Trí oibriú lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha sa phobal, laghdóimid na fachtóirí a bhíonn ina gcúis le coireacht ina gceantar. Beidh cosc a chur ar choireacht mar phríomhshnáithe de gach ceann dár straitéisí uile frithchoireachta.

Sampla de seo is ea Oibríocht Thor. Cuireadh an tionscnamh seo ar bun chun dul i ngleic leis na treochtaí séasúracha ina dtugtar faoi deara go dtagann borradh ar bhuirgléireacht i rith mhíonna an gheimhridh.

Anuas ar fhorfheidhmiú, thugamar faoi réimse tionscnamh, ar nós seicphointí ard-infheictheachta a laghdaigh an leibhéal de ghníomhaíocht choiriúil a bhí ag titim amach, a sholáthair tacaíocht agus iarchúram ní b'fhearr d'íospartaigh na coireachta, agus a chuir oideachas ar an bpobal trí fheachtas náisiúnta feasachta.

Athróimid an t-imlonnú a dhéanaimid d'fhonn go leagtar béim níos mó ar Fhoirne Póilíneachta Pobail (féach Caibidil 3: Rannpháirtíocht sa Phobal agus Sábháilteacht Phoiblí). Déanfaidh Foirne Póilíneachta Pobail measúnú ar na tosca a bhí ina gcúis le gach coir ar an gcéad dul síos agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh an saghas seo coire arís sa cheantar sin.

Méadóimid an úsáid a bhainimid as anailís thuarthach. Is ionann seo agus an úsáid a bhaintear as sonraí stairiúla lena thuar cén coireanna atá á ndéanamh, cé a dhéanann iad, cá ndéantar iad agus cathain a dhéantar iad. Cuireann seo ar chumas againn daoine aonair agus láithreacha ardriosca a shainaithint, agus spriocdhíriú orthu le patróil mar bheart coisctheach.

Úsáidfimid ár bhFoirne Póilíneachta Pobail agus bealaí éagsúla cumarsáide chun faisnéis a sholáthar don phobal ar cén saghsanna coireachta ar gá dóibh a bheith ar an airdeall ina dtaobh agus conas is féidir leo dul i mbun gnímh chun cabhrú leis an dóchúlacht go ndéanfar íospartach na coireachta díobh a laghdú.

Ar aon dul le samhail Cheanada, bunóidh an Garda Síochána Lárionad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht atá freagrach as taighde a dhéanamh agus as dea-chleachtas a leagan amach agus a dháileadh maidir le cosc ar choireacht.

Oibreoidh an Lárionad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht le hinstitiúidí tríú leibhéal, gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí agus seirbhísí idirnáisiúnta póilíní, agus le páirtithe leasmhara eile chun treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn agus dea-chleachtas idirnáisiúnta um chosc ar choireacht atá cruthaithe a shainaithint.

Soláthrófar an fhaisnéis seo d'Fhoirne Póilíneachta Pobail tríd an líonra d'oifigigh um chosc ar choireacht ar fud na tíre.

Soláthraímid comhairle ar chosc ar choireacht go háitiúil agus go náisiúnta don phobal ar bhealaí éagsúla – duine ar dhuine, i gcainteanna le grúpaí, trí na meáin áitiúla agus náisiúnta, dár lucht leanúna os cionn 250,000 ar na meáin shóisialta, agus do bhreis agus 350,000 de lucht féachana ar CrimeCall ar RTÉ 1.

D'fhonn cur leis seo, úsáidfimid sonraí coireachta agus anailísíocht thuarthach, agus ár Suirbhé ar Mheon an Phobail lena chinntiú go bhfuil ár gcomhairle faoi chosc ar choireacht an-ábhartha, sprioctha agus go dtéann sí i ngleic leis an gcoireacht. Reáchtálfar feachtais mhórthionchair agus fheasacha náisiúnta agus áitiúla um chosc ar choireacht, ar nós ár bhfeachtais frithbhuirgléireachta 'Glasáil agus Soilsigh' ('Lock Up & Light Up') maidir le saghsanna ar leith coireachta agus leas á bhaint as na bealaí is éifeachtaí chun faisnéis a sholáthar do na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu. Leagfar béim ar a chinntiú go ndéanaimid cumarsáid le codanna leochaileacha dár sochaí agus na codanna siúd is deacair a aimsiú.

Forbrófar bealaí nua cumarsáide chun bealaí breise a sholáthar don phobal chun teagmháil a dhéanamh linn, ar nós na n-aipeanna um chosc ar choireacht a fhorbairt.

“ ”

***Athrófar na rudaí a leagann ár n-oibríochtaí béim orthu ón mbéim a leagamar riamh anall ar fhreagairt do choireanna a tharla go dtí patrólú gníomhach a bheith á dhéanamh i gceantair, spriocdhíriú ar choirpigh agus cosc a chur ar choireacht tarlú.***

Caibidil 4

# Cosc a chur ar Choireacht

## Cosc ar Choireacht trí Chomhpháirtíocht

Oibreoimid leis an bpobal gnó agus le ceannairí tionscail chun na deiseanna le haghaidh coireachta a laghdú. Spreagfaimid an pobal a bheith rannpháirteach ionas go mbraitheann siad gur cuid den phróiseas póilíneachta pobail iad agus ionas go bhfeiceann siad an difríocht gur féidir le hoibriú le chéile a dhéanamh.

Oibreoimid go dlúth le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun tionchar ár dtionscnamh a uasmhéadú. Úsáidfimid ár gcláir chiontóirí agus bhainistíochta cáis, i gcomhar leis na Cúirteanna, an tSeirbhís Phromhaidh, FSS agus TÚSLA, chun ciontóirí ilghníomhacha agus ardriosca sa phobal a bhainistiú chun athchiontú a laghdú. Sampla de seo is ea an Chomhfhreagairt Ghníomhaireachta ar Choireacht (an JARC), ina n-oibríonn an Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh le chéile chun athchiontóirí a athstiúradh ón gcoireacht (féach Caibidil 11: Comhpháirtíochtaí).

Cuirfimid lenár gcaidreamh reatha le grúpaí pobail, ar nós Mhuintir na Tíre agus Fheirmeoirí Aontaithe Éireann (an IFA) anuas ar pháirtithe leasmhara, ar nós comhairlí áitiúla agus Comhchoistí Póilíneachta chun scéimeanna rathúla, ar nós Scéim na bhFoláireamh Téacs[25] agus Coscairí Coireanna[26] (‘Crime Stoppers’), agus forbróimid comhpháirtíochtaí nua chun cabhrú leis na deiseanna atá ann le haghaidh coireachta agus chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le cáilíocht beatha.

Déanfaimid teagmháil le húdaráis áitiúla i limistéar an Choisc ar Choireacht trí Dhearadh na Timpeallachta (CPTED).[27] Ba mhian linn go smaoineodh na pleanálaithe áitiúla, mar ár gcomhpháirtithe straitéiseacha sa limistéar seo, ar chosc ar choireacht nuair a dhearann siad forbairtí agus nuair a dhéanann siad breithniú ar iarratais pleanála.

Tionscnaimh phobalbhunaithe, ilghníomhaireachta um chosc ar ógchoireacht a bhfuil de chuspóir acu daoine óga a athstiúradh a raibh baint acu in iompar frithshóisialta agus/nó coiriúil, atá i gceist le Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, atá á riar ag Aonad um Chláir Phobail Sheirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, i gcomhoibriú le Biúró an Gharda Síochána don Chaidreamh Pobail.

“ ”

*D’éirigh le Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána chun ciontóirí óga a chosc ó shaol coireachta a iontráil.*

Soláthraíonn na tionscadail seo deiseanna do na leanaí tabhairt faoi oideachas, oiliúint fostaíochta, spóirt, ealaín agus ceol. Bainistíonn eagraíochtaí pobalbhunaithe thart ar 100 tionscadal. Go ginearálta, bíonn beirt oibrithe um cheartas i leith an aosa óig san fhoireann.

D’éirigh leis an gClár Athstiúrtha chun ciontóirí óga a chosc ó shaol coireachta a iontráil trí chur chuige gníomhdhírithe agus a smaoiníonn chun cinn a chuireann an dara deis ar fáil dóibh.

Ag oibriú le TÚSLA, scoileanna agus clubanna óige, déanfaimid breis cláir luath-idirghabhála a fhorbairt atá dírithe ar dhaoine óga atá i mbaol a athstiúradh ón gcoireacht, drugaí agus iompar frithshóisialta.[28]




[25] http://muintir.ie/about-us/community-text-alert/

[26] http://www.crimestoppers.ie

[27] http://www.garda.ie/Documents/User/CP%20Info%20Sheet%20-%20ED1%20-%20CPTED-2009-04-22.pdf

[28] http://www.tusla.ie/

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Déanfaidh an díriú nua seo ar chosc ar choireacht coireacht agus an eagla i leith coireachta a laghdú, agus soláthróidh sé sábháilteacht phobail níos fearr.

Cabhróidh sábháilteacht fheabhsaithe an phobail chun an cháil náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar an tír chun cónaí ann, chun oibriú ann, chun infheistíocht a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air, a atreisiú.

Trí díriú ar chosc a chur ar choireacht tarlú sa chéad áit – trí chomhpháirtíocht leis an bpobal – feabhsóidh sé an iontaoibh agus an mhuinín atá in san Gharda Síochána.

> “ ”
>
> *Trí díriú ar chosc a chur ar choireacht tarlú sa chéad áit – trí chomhpháirtíocht leis an bpobal – feabhsóidh sé an iontaoibh agus an mhuinín atá in san Gharda Síochána.*

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéis um Chosc ar Choireacht** | Éiteas comhsheasmhach um chosc ar choireacht ar fud na heagraíochta | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **An Lárionad Náisiúnta um Chosc ar Choireacht** | Lárionad a bhunú chun taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas maidir le cosc ar choireacht ar fud na heagraíochta | Comhairle agus gníomhaíocht um chosc ar choireacht a sholáthar go gairmiúil agus go comhsheasmhach | **R3 2016** | **R1 2017** |
| **Ardanailísíocht Póilíneachta** | Úsáid níos mó as uirlisí ar nós léarscáiliú coireachta agus póilíneacht thuarthach a fhorbairt | Eolas feabhsaithe chun faisnéis a sholáthar do chosc ar choireacht agus ar ghníomhaíocht phóilíneachta | **R3 2016** | **Ar bun** |
| **Straitéis Cumarsáide Seachtraí** | Tabhairt faoi fheachtais dhírithe faisnéise poiblí chun oideachas a chur ar an bpobal ar phríomhchomhairle faoi chosc ar choireacht | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Cainéil Nua Chumarsáide** | Cainéil nua chumarsáide a fhorbairt, ar nós aipeanna do dhaoine chun teagmháil a dhéanamh le agus foghlaim ón nGarda Síochána | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail | **R4 2016** | **Ar bun** |
| **Bainistíocht Ciontóirí** | Cur chuige athbhreithnithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i leith bainistíocht ciontóirí, ina measc ógchiontóirí agus ciontóirí atitimeacha trí chomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta | Laghdú ar rátaí athchiontaithe agus ógchiontóirí | **R3 2016** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 5

# Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua

Ón tráth a thuairiscítear coir go dtí go mbíonn sí os comhair na Cúirte, beidh imscrúdaitheoirí ardoilte againn a úsáideann na córais is déanaí lena chinntiú go ndéantar imscrúdú gairmiúil ar gach coir.

## Caibidil 5

# Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua

## Réamhrá

**Ceann de bhunchlocha gach seirbhís póilíneachta is ea imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar choireacht. Trí ghrúpaí treascracha agus coiriúla a chomhrac le himeacht na mblianta, d'fhorbair an Garda Síochána cumas agus acmhainn uathúil chun déileáil le himscrúduithe mórscála coiriúla.**

Tugadh chun solais i dtuarascálacha seachtracha[29], áfach, easnaimh inár gcumas chun coireacht a imscrúdú agus déanann comhaltaí imscrúdú ar roinnt cásanna gan na scileanna agus an oiliúint riachtanach. Chomh maith leis sin, tháinig siad ar easnaimh sa bhealach a rinneadh coireanna agus teagmhais a chur i dtaifead, a rangú agus sa bhealach ar déileáladh leo.

Bunaithe ar an aiseolas seo, thugamar faoi athbhreithniú iomlán ar ár bpróiseas imscrúdaithe coireachta. Mar thoradh air sin, glacfaidh an Garda Síochána le cur chuige nua i leith coireacht a imscrúdú a chinntíonn go ndéanann daoine ardoilte a úsáideann faisnéis agus teicneolaíocht atá chothrom le dáta chun gach coir a imscrúdú go héifeachtach. Tabharfaimid próisis nua isteach a chinnteoidh seirbhís níos fearr agus níos comhsheasmhaí do gach íospartach na coireachta agus do gach duine eile, finnéithe ina measc a chabhraíonn leis an nGarda Síochána lena gcuid oibre.




Ón tráth a thuairiscítear coir go dtí an tráth a bhíonn sí os comhair na cúirte, beidh córais i bhfeidhm againn chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an bpróiseas. Cinnteoimid go n-úsáidtear na hacmhainní cearta don teagmhas agus go ndéantar fianaise a ghabhtar a chatalógú go córasach. Déanfar monatóireacht ar an iomaí snáithe in imscrúduithe agus leas á bhaint as córas caighdeánach agus déanfaimid bainistiú leictreonach cáis ar gach comhad.

## Ár Struchtúir a Threisiú

Thug an Garda Síochána faoi chlár chun athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcaoi go imlonnaímid ár n-acmhainní agus ár gcumas imscrúdaithe a chomhordú ar fud na heagraíochta iomláine.

Bunóimid samhail náisiúnta bhainistíochta coireachta a dhéanfaidh soláthar do bhainistiú agus d'imscrúdú a dhéanamh ar choireacht ar leibhéal an phobail áitiúil, agus ar leibhéil roinne/réigiúnacha, agus náisiúnta/idirnáisiúnta. Déanfaidh coiste náisiúnta comhordaithe coireachta ar a bhfuil an Leas-Choimisinéirí, Oibríochtaí ina chathaoirleach, maoirseacht ar chur i bhfeidhm na samhla leasaithe le cur i bhfeidhm agus úsáid chomhsheasmhach acmhainní agus cumais a chinntiú, faoi mar a theastaíonn.

Beidh na haonaid náisiúnta imscrúdaithe freagrach as bainistiú agus imscrúdú a dhéanamh ar choireanna a bhfuil comhthéacs náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta acu a ndéanann Coimisinéir Cúnta le haghaidh Oibríochtaí Speisialta Coire maoirseacht orthu.

Go náisiúnta, leanfaimid le taithí agus saineolas imscrúdaithe a ghiaráil trí aonaid chomhlántacha agus imscrúdaitheoirí oilte gairmiúla a thabhairt le chéile. Tá Biúró nua cruthaithe againn cheana féin chun imscrúdú Drugaí agus Coireachta Eagraithe (DOCB) a chomhordú. Thug seo le chéile an taithí agus an saineolas suntasach a cruthaíodh san eagraíocht in imscrúdú a dhéanamh ar choireacht a bhaineann le drugaí agus ar choireacht eagraithe. Tugann an DOCB faoi imscrúduithe fadtéarmacha agus gearrthéarmacha beartacha isteach i ngníomhaíochtaí Grúpaí Coireachta Eagraithe atá bunaithe anseo agus thar lear.

Chomh maith leis sin, bhunaíomar Biúró nua um Sheirbhísí Cosantacha ar imscrúdú a dhéanamh ar fhoréigean baile, coireanna gnéasacha agus ar dhúshaothrú ban (Caibidil 2: Íospartaigh na Coireachta).

Dúshlán criticiúil atá roimh gach seirbhís phóilíní is ea an méadú ar choireacht gheilleagrach agus ar chibearchoireacht.

[29] Cigireacht an Gharda Síochána, *Crime Investigation*, 2014. *Tuarascáil Guerin*, 2014.




> *Go náisiúnta, leanfaimid le taithí agus saineolas imscrúdaithe a ghiaráil trí aonaid chomhlántacha agus imscrúdaitheoirí oilte gairmiúla a thabhairt le chéile.*

Sínfear obair Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise chun gach foirm de choireacht gheilleagrach a chumhdach faoin mBiúró nua um Choireacht Gheilleagrach. Beidh foireann oilte ag an mBiúró um Choireacht Gheilleagrach chun "an t-airgead a leanúint" agus ardteicneolaíochtaí. Chomh maith leis sin, oibreoidh siad go dlúth le gnólachtaí, an tionscal agus an lucht léinn chun an fhreagairt is nua-aimseartha phóilíní a sholáthar ar choireacht gheilleagrach.

Anuas air sin, déanfar ár nAonad Imscrúdaithe um Choireacht Ríomhaire (an CCIU) a athstruchtúrú lena chinntiú go ndéantar imscrúdú éifeachtúil ar chibearchoireacht agus ar choireacht atá cumasaithe i dtaobh na teicneolaíochta de (féach Caibidil 5: Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht).

Ar leibhéal réigiúnach, cuirfimid lenár gcumas imscrúdaithe trí chumas agus acmhainní breise a sholáthar i ngach réigiún.

Bunófar Foirne Bainistíochta Réigiúnaí Coireachta. Déanfaidh siad bainistiú agus imscrúdú ar choireanna ag a bhfuil comhthéacs réigiúnach.

Beidh imscrúdaitheoirí ag a bhfuil na scileanna agus an saineolas riachtanach chun déileáil le coireacht thromchúiseach agus eagraithe sna Foirne Bainistíochta Réigiúnaí Coireachta. Tacóidh aonaid náisiúnta leo, ar nós an CAB agus an Bhiúró um Choireacht Gheilleagrach, nuair is gá. Beidh na huirlisí ag na Foirne Bainistíochta Réigiúnaí Coireachta chun ár gcumas um bailiú faisnéise a fhorbairt, chun tabhairt faoi fhaireachas agus gach gné de choireacht thromchúiseach a imscrúdú.

Sínfear an tAonad Comhordaithe agus Tascála (an CTU) chuig gach réigiún an Gharda Síochána. Cabhróidh CTUanna leo siúd a shainaithint, a phróifíliú agus spriocdhíriú orthu a bhfuil baint acu in eagraíocht thromchúiseach agus eagraithe, agus cuireann siad cosc ar choireacht chun cinn trí phatrólú comhordaithe agus dírithe i láithreacha ina ndéantar go leor coireanna.

Cinnteoidh an tsamhail náisiúnta faisnéise a bheartaítear go ndéanfar faisnéis a bhailítear a sheoladh ar aghaidh trí na haonaid seo chuig ár nAonad Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil (an NCIU) (féach Caibidil 7: Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe). Cinnteoidh an caidreamh idir CTUanna réigiúnacha agus an NCIU go ndéanfar bainistíocht, comhordú agus sreabhadh níos éifeachtaí faisnéise tríd an eagraíocht.

Ar leibhéal Roinne, bunófar Foirne Bainistíochta Coireachta Roinne lena chinntiú go ndéanaimid imscrúdú níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar choireanna ardmhéid, ar nós buirgléireachta, agus go mbainfear torthaí níos fearr amach le haghaidh pobail áitiúla.

Is ionann a bheidh na scileanna agus na hacmhainní a úsáidfear ar leibhéal Réigiúnach agus Roinne agus iad siúd de chuid na n-aonad náisiúnta lena chinntiú go nglactar leis na teicnící um imscrúdú coireachta is nua-aimseartha agus is cothroime le dáta.

## Caibidil 5

# Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua

### Feabhas a chur ar Theagmháil le Custaiméirí agus ar ár gcumas Bainistíochta Teagmhas

Is minic gurb é an chéad teagmháil a bhíonn ag ball den phobal leis an nGarda Síochána ná nuair a ghlaonn siad ar ár seirbhís 999 nó nuair a chuireann siad glao nó a thugann siad cuairt ar a stáisiún áitiúil Gardaí. Thugamar faoi shraith tionscnamh chun feabhas agus barr feabhais a chur ar cháilíocht agus ar iomláine ár dteagmhála le custaiméirí lena chinntiú go mbíonn muinín ag an bpobal as ár gcumas chun freagairt ar na riachtanais agus na héilimh a bhíonn acu ar sheirbhís.

Níl aon phróiseas caighdeánach bainistíochta glaonna ann ar fud na tíre faoi láthair. I mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Port Láirge agus Luimneach, nuair a fhaightear glao, cuirtear i dtaifead é ar ár gcóras Seachadta Glaochuidithe (CAD) a chuireann ar ár gcumas gach glao a rianú chun conclúid a bhaint amach. Níl CAD ar fáil don eagraíocht iomlán faoi láthair.

Ar leithligh, cabhraíonn ár gCóras Aimsithe Feithiclí agus Daoine (AVPLS – léarscáil a léiríonn go cruinn cá bhfuil ár n-acmhainní ag aon tráth) le húsáid a bhaint as na hacmhainní is cuí agus an té atá is gaire don áit ónar cuireadh an glao. Nuair a tuairiscíodh coir, cuirtear i dtaifead ansin é ar PULSE (Córas Bainistíochta Teagmhas). D’fhonn próiseas níos éifeachtúla a dhéanamh dár bpróiseas bainistíochta glaonna agus teagmhas, déanfaimid gach ceann de na córais seo a nuashonrú agus a chomhtháthú, agus cuirfimid ar fáil iad ar fud na tíre iomláine mar cheist tosaíochta.

Tabharfaimid próiseas nua láraithe teagmhála custaiméirí isteach a dhéanfaidh glaonna a scaradh idir iad siúd óna dteastaíonn freagairt láithreach agus iad siúd ar fearr ar féidir déileáil leo trí phróiseas aisghlaoigh. Cruthóidh seo am méadaithe dár bhfreagróirí túslíne chun freagairt níos gairmiúla a sholáthar dóibh siúd is mó óna dteastaíonn sé. Cinnteoidh an próiseas nua seo go ndéantar monatóireacht ar gach glao le haghaidh seirbhíse agus go dtugtar freagairt níos éifeachtúla orthu.

Chun tacú leis an bpróiseas seo, bunóimid ionaid nua ghlaonna. Beidh sibhialtaigh i measc na foirne sna hionaid seo chun ath-imlonnú Gardaí chuig póilíneacht túslíne a éascú i ngach Roinn an Gharda Síochána ar fud na tíre. Soláthróidh teicneolaíochtaí nua bainistíocht agus faisnéise fíor-ama ar éifeachtúlacht ár seirbhíse agus cuirfidh siad ar ár gcumas comparáid a dhéanamh idir amanna freagartha le haghaidh gach Aonaid, Ceantair, Roinne agus Réigiúin sa tír.

Fad a ullmhaímid le haghaidh chur i bhfeidhm iomlán na dtograí thuas, mar chéim eatramhach, chuireamar próiseas nua TF-chumasaithe bainistíochta teagmhas ar fáil le déanaí do gach Ceantair an Gharda Síochána lena chinntiú go ndéileáiltear le gach teagmhas a chuirtear in iúl don Gharda Síochána go hiomlán agus go cuimsitheach. Ar an nós céanna, mar bheart eatramhach, inár n-ionaid neamh-CAD, chuireamar tús le córas nua taifeadta leictreonaigh a thabhairt isteach chun an dul chun cinn le haghaidh cúnaimh a rianú.

Bronnfaidh na próisis seo na huirlisí ar Ghardaí bainistíochta agus oibríochtúla chun gach céim den phróiseas bainistíochta glaonna agus imscrúdaithe a thaifeadadh, a rianú agus a mhaoirsiú go córasach go dtí go dtugtar an cheist chun críche.




> “ ”
> *Beidh imscrúdaitheoirí ag a bhfuil na scileanna agus an saineolas riachtanach chun déileáil le coireacht thromchúiseach agus eagraithe sna Foirne Bainistíochta Réigiúnaí Coireachta.*

Cuirfidh sé ar chumas na bainistíochta chun monatóireacht níos dlúithe a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar stádas glaonna le haghaidh seirbhíse agus imscrúduithe coiriúla agus athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraímid don phobal.

Anuas air sin, ceadóidh ár bpróisis nua d'Oifigigh Seirbhíse Íospartaigh chun faisnéis fíor-ama a sholáthar d'íospartaigh ar stádas a n-imscrúduithe.

Go hachomair, beidh sé mar aidhm againn córas aontaithe ó cheann go ceann a sholáthar chun bainistíocht a dhéanamh ar gach glao a chuirtear ar an nGarda Síochána agus gach coir a chuirtear in iúl dúinn.

## Bainistíocht ar Imscrúdú Coireanna

Mar gheall go bhfuil coirpigh agus líonraí coiriúla ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí, tá imscrúdú coireanna éirithe níos casta do gach seirbhís phóilíneachta.

Thug an Garda Síochána faoi chlár chun feabhas agus barr feabhais a chur ar a inniúlacht chun méideanna móra sonraí a bhailiú agus a bhainistiú. Tá réiteach TF á fhorbairt againn faoi láthair chun feabhas a chur ar ár dteicnící Bainistíochta Imscrúdaithe, ina measc imscrúduithe móra agus coireacht ardmhéid, ár gcumas Bainistíochta Cáipéisí agus Ábhair agus ár gcumais Chuardaigh Fiontraíochta (féach Caibidil 12: Teicneolaíocht).

Déanfaidh an Córas Bainistíochta Imscrúduithe bainistíocht gach imscrúdaithe a chaighdeánú agus a dhigitiú. Is éard atá ann ná líon córais idirnasctha a tugadh isteach i limistéir ar nós fhaisnéis, bhainistíocht imscrúdaithe, leithdháileadh ról, agus bhainistíocht foilseán an Gharda Síochána chun ár bpróiseas imscrúdaithe coireanna a fheabhsú agus a ghairmiúlú. Cuirfidh seo amharc aonair ar fáil d'imscrúdaitheoirí ar fhoinsí éagsúla sonraí.

Cuirfidh an Córas Bainistíochta Imscrúduithe ar chumas seomraí imscrúdaithe chun bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar imscrúduithe. Chomh maith leis sin, éascóidh sé rochtain ar fhaisnéis agus roinnt faisnéise d'fhonn nach n-oibríonn seomraí imscrúdaithe ar bhonn aonair.

Beidh ar chumas imscrúdaitheoirí róil a leithdháileadh go leictreonach laistigh d'imscrúdú agus beidh ar chumas gach úsáideora chun a dtascanna féin imscrúdaithe a rianú agus a bhainistiú ar líne. Déanfaidh sé, go héifeachtach, seomra leictreonach teagmhas a chruthú a thiocfaidh in ionad chur chuige reatha páipéarbhunaithe "an leabhair phost".

Cuirfidh an córas Bainistíochta Maoine agus Foilseán amharc aonair ar fáil d'imscrúdaitheoirí ar an maoin agus na foilseáin uile atá faoi choinneáil an Gharda Síochána a bhaineann lena n-imscrúdú. Sa mhullach air sin, cuirfidh sé ar chumas na hearraí siúd a thaifeadadh, a rianú agus a choimeád go sábháilte. Rachaidh sé seo i ngleic le príomhriosca atá ag an eagraíocht.

Laghdóidh sé an méid ama a chaitear le foilseáin a phróiseáil, cuirfidh sé feabhas ar chuntasacht nuair a bhíonn foilseáin ar coimeád, agus soláthróidh sé caighdeán i dtaobh conas a stóráiltear agus a choimeádtar na foilseáin agus an mhaoin go léir.

Cuirfidh an córas Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta ar chumas imscrúdaitheoirí cuardach a dhéanamh ar agus rochtain a fháil ar gach ábhar de chuid an Gharda Síochána a bhaineann lena gcás, ar nós cáipéisí, grianghraf, CCTV, físeáin agus closábhair. Is féidir an t-ábhar seo a sheoladh go leictreonach go hinmheánach agus go seachtrach chuig gníomhaireachtaí eile coiriúla, ar nós Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tiocfaidh seo in ionad an chórais reatha pháipéarbhunaithe a ghlacann go leor ama.

Má chuirtear an áis ar fáil chun comhaid CCTV agus closchomhaid a stóráil go lárnach, cuirfear ar chumas ardteicneolaíocht CCTV a úsáid chun anailís uathoibríoch a dhéanamh ar CCTV agus úsáid níos mó a bhaint as na hollmhéideanna d'fhaisnéis atá ar fáil trí CCTV. Áireofar leis seo fairsingiú a dhéanamh ar an teicneolaíocht Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR) agus ar chomhtháthú na teicneolaíochta seo isteach sa chóras láraithe stórála chun rochtain agus anailís níos leithne a chumasú.

Cuirfidh an áis um Chuardach Fiontraíochta ar chumas imscrúdaitheoirí chun amharc go leictreonach ar stair iomlán na n-imeachtaí in imscrúdú seachas brath ar chomhaid pháipéir. Ina theannta sin, beidh siad in ann na tascanna a rianú a chríochnaítear mar chuid den imscrúdú.

Is éard a bheidh mar an toradh deiridh air seo ná próiseas comhtháite bainistíochta agus imscrúdaithe coireanna a chinntíonn cur chuige caighdeánach agus comhsheasmhach i dtaobh tabhairt faoi imscrúduithe.

" "

*Déanfaidh an Córas Bainistíochta Imscrúduithe bainistíocht gach imscrúdaithe a chaighdeánú agus a dhigitiú.*

## Caibidil 5

# Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua

### An Biúró um Shócmhainní Coiriúla – Imscrúduithe Rathúla Ilghníomhaireachta

Bunaíodh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (an CAB) i 1996. Tá sé mar shainchúram reachtúil an Bhiúró tabhairt faoi imscrúduithe ar fháltais iompair choiriúil.

Sainaithníonn an CAB sócmhainní atá díorthaithe, (nó a mheastar atá díorthaithe), go díreach nó go hindíreach, ó ghníomhaíocht choiriúil, Téann sé i mbun gníomh cuí, ina dhiaidh sin, chun sócmhainní agus fáltais iompair choiriúil a bhaint nó a dhiúltú dá n-úinéirí. Foráiltear an bonn dlíthiúil atá leis an ngníomh seo san Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, arna leasú ag Acht 2005, agus ag reachtaíocht Leasa Shóisialaigh agus na gCoimisinéirí Ioncaim.

Úsáideann an CAB cur chuige ilghníomhaireachta, ildisciplíneach comhpháirtíochta ina gcuid imscrúduithe. Oibríonn siad go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí anuas ar ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta imscrúdaithe coireachta, agus d'éirigh leo sainaithint a dhéanamh ar fháltais choiriúlachta iasachta ó thíortha ar nós SAM agus na Ríochta Aontaithe. Oibríonn an CAB, chomh maith leis sin, le comhlachtaí idirnáisiúnta, ar nós an Choimisiúin Eorpaigh agus Ghréasán Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN). Gréasán neamhfhoirmiúil is ea CARIN de ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, a roinneann eolas agus faisnéis ar conas sócmhainní a rianú i dtír chomhalta. Téann tairbhí suntasacha chun sochair na láithreach idirnáisiúnta ón gcur chuige ilghníomhaireachta seo.

I rith 2014, d'éirigh leis an mBiúró os cionn €3.8 milliún a aisghabháil don Státchiste, ina measc €0.467m a aisghabhadh faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht, €3.017m a bailíodh faoi reachtaíocht na gCoimisinéirí Ioncaim agus €0.336m a aisghabhadh i ró-íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.

Lena chois sin, thug an Biúró 10 n-imeacht nua um fháltais ó choireacht os comhair na hArd-Chúirte a bhain Orduithe Eatramhacha (orduithe reoite) amach ar luach €6.76m. B'ionann cánacha agus ús a éilíodh i rith na bliana agus de bhreis ar €14 milliún agus b'ionann coigiltí leasa shóisialaigh agus os cionn €190,000.

## Feabhas a chur ar ár Scileanna agus Cumas Imscrúdaithe

Dúirt Ann Voskamp "Is é an cuid is deacra d'fhoghlaim agus d'oiliúint bunbhrí an chlaochlaithe."[30]

Mar gheall go bhfuil cineál agus méid na coireachta ag teacht chun cinn i gcónaí, tá sé ina ríthábhacht go gcinntímid go bhfuil oiliúint leanúnach á cur ar gach duine dár ndaoine – idir na mic léinn i gColáiste an Gharda Síochána agus na himscrúdaitheoirí sinsearacha agus an fhoireann ábhartha shibhialtach – sna treochtaí is déanaí coireachta agus i mbeartaíocht choirpeach.

Rinneadh ár gclár oiliúna Mac Léinn a nuashonrú le déanaí chun a leibhéal de scileanna imscrúdaithe a fheabhsú.

Méadóimid leibhéal agus méid na Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (CPD) a sholáthraítear ar bhonn leanúnach dár bpearsanra reatha.

Cuirfear ardoiliúint ar fáil d'imscrúdaitheoirí lánaimseartha coireanna a bhfuil baint acu in imscrúdú a dhéanamh ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus cuirfear oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann speisialaithe agus d'imscrúdaitheoirí sinsearacha.

De bhreis ar ár gclár imscrúdaithe coireanna, beidh oiliúint curtha againn ar an bpríomhphearsanra i limistéir, ar nós an mhéid a leanas: Oifigigh Imscrúdaithe Shinsearacha; Comhordaitheoirí i Seomra na dTeagmhas; Oifigigh Foilseán; Comhordaitheoirí Suirbhé ó Theach go Teach; Comhordaitheoirí na Foirne Cuardaigh; Oifigigh Idirchaidrimh do Theaghlaigh; agus Oifigigh Idirchaidrimh Eitnigh.

> *Cuirfear ardoiliúint ar fáil d'imscrúdaitheoirí lánaimseartha coireanna a bhfuil baint acu in imscrúdú a dhéanamh ar choireacht thromchúiseach agus eagraithe.*

[30] Voskamp, A (2011) *One Thousand Gifts: A Dare to Live Fully Right Where You Are.*

## Tacaíocht Imscrúdaithe

D'earcaíomar breis anailísithe coireachta chun feabhas a chur ar ár gcumas imscrúdaithe coireanna agus ar ár gcumas chun daoine a bhfuil amhras fúthu, treochtaí coireachta agus láithreacha ina ndéantar go leor coireanna a shainaithint.

Chuir achtú an Achta nua um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA), 2014 agus tabhairt isteach an Chórais nua Rianaithe DNA ag Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann (FSI) feabhas ar fhianaise a bhailiú agus ar chumas anailíseach dár n-imscrúdaitheoirí.

Chun tacú leis seo, tugadh teicnící nua bailithe fianaise isteach a chuireann feabhas ar cháilíocht agus ar iomláine na samplaí a ghlacann an Garda Síochána agus a chuirtear faoi bhráid FSI le hanailís a dhéanamh orthu.

Lena chois sin, soláthraíodh teicneolaíocht nua do Bhiúró Teicniúil an Gharda Síochána a sholáthraíonn faisnéis níos cruinne agus níos tráthúla do Ghardaí oibríochtúla.

Bhí páirt criticiúil ag obair Bhiúró Teicniúil an Gharda Síochána i scrúdú agus i ndoiciméadú fianaise fhéideartha in go leor imscrúduithe casta coiriúla.

Bhain sé an caighdeán idirnáisiúnta amach le déanaí le haghaidh saotharlanna tástála agus calabraithe trí na nósanna imeachta agus na próisis is fearr a bhí i gcleachtas a chur i bhfeidhm. De réir Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, tá caighdeán bainte amach anois ag Biúró Teicniúil an Gharda Síochána a sháraíonn go leor eagraíochtaí póilíní.

Leanfaimid le hinfheistiú a dhéanamh i bhfeabhas a chur ar scileanna agus saineolas an bhiúró theicniúil agus scrúdaitheoirí láithreacha áitiúla coireanna lena chinntiú go bhfuil na teicnící agus na teicneolaíochtaí is déanaí againn atá ar fáil chun coireacht a bhrath.

Áireofar leis seo Aonaid um Scrúdú Láithreacha Réigiúnacha Coireanna a bhunú. Thabharfadh na haonaid seo, a oibríonn faoin mBleachtaire-Cheannfort Réigiúnach, faoi scrúduithe tromchúiseacha coireanna go háitiúil. Chuirfeadh seo fáil níos fearr ar imscrúdaitheoirí ardoilte láithreacha coireanna, agus chuirfeadh sé ar chumas an Bhiúró Theicniúil chun oibriú mar shaotharlann amháin.

Cuirfimid lenár gcaidreamh le hEolaíocht Fhóiréinseach Éireann chun pobal dea-chleachtais a fhorbairt chun na scileanna agus an teicneolaíocht fhóiréinseach is cothroime le dáta a ghiaráil. Bunófar Fóram Náisiúnta Comhairleach. Is éard a bheidh san fhóram seo FSI, Biúró Teicniúil an Gharda Síochána agus ionadaithe ó réigiúin an Gharda Síochána chun dea-chleachtas a chur chun cinn laistigh den Gharda Síochána maidir leis an úsáid is mó a bhaint as eolaíocht fhóiréinseach in imscrúduithe coiriúla.

## Taifeadadh agus Aicmiú Coireanna

Cinnteoidh próiseas nua chun taifeadadh agus aicmiú coireanna a bhainistiú go mbaineann ár sonraí an iomláine is airde amach. Cinnteoidh monatóireacht laethúil a dhéanfaidh an bhainistíocht shinsearach, trí mheicníochtaí maoirsithe agus athbhreithnithe, go leanann cáilíocht agus iomláine ár sonraí an caighdeán is airde a bhaint amach go comhsheasmhach.

Tugadh faoi chlár píolótach chun measúnú a dhéanamh ar conas is féidir linn feabhas a chur ar ár bpróisis taifeadta agus aicmithe coireachta. Mar thoradh air sin, déanfar na próisis seo a lárú ag Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda Síochána (GISC).

I gcomhairliúchán leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le gníomhaireachtaí eile, tá caighdeáin nua á gcur i dtoll a chéile againn i dtaobh conas a dhéantar an choireacht a shainiú agus a aicmiú araon. Soláthróidh seo comhsheasmhacht ar fud na heagraíochta iomláine maidir le conas a chuirtear coireanna i dtaifead, conas a chomhairtear iad, conas a chuirtear i gcuntas iad agus conas a bhraitear iad.



## Caibidil 5

# Ag tabhairt Imscrúdú Coireanna chuig Leibhéal Nua

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Tabharfar ráthaíocht do gach saoránach go ndéanfar imscrúdú i leith ardchaighdeán comhsheasmhach ar a ngearáin. Cuirfear isteach ar choireacht eagraithe agus ar ghníomhaíocht threascrach.

Déanfaimid infheistiú inár gcumas anailíseach sonraí, idir chumas teicniúil agus daonna, lena chur ar chumas na heagraíochta chun an cumas a uasmhéadú chun coireacht den uile shaghas a chosc agus a bhrath.

Bainfidh an Stát tairbhe ó bhraistint fheabhsaithe slándála ar fud an phobail agus ó rátaí laghdaithe coireachta. Beidh muinín ag an bpobal agus ag páirtithe leasmhara as staitisticí agus sonraí coireachta.

Beidh scileanna, acmhainní agus cumas i bhfad níos fearr ag an eagraíocht chun imscrúdú agus spriocdhíriú gníomhach a dhéanamh ar choirpigh mhóra agus ilghníomhacha, agus ar na príomhshagsanna de choireacht.

### Sampla de Phróiseas Imscrúdaithe Coireachta

- Freagraíonn na Gardaí do choir
- Cionta comhchosúla gaolmhara a shainaithint
- Oibríocht droinge coiriúla níos fairsinge a nochtadh

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Glao 999 faighte** | Faightear glao 999 a thugann coir le fios | Teagmháil a dhéanamh leis an lucht bainistíochta; CAD; AVPLS | Sonraí an ghlaoiteora curtha i gcuntas ar an gCóras Bainistíochta Teagmhála<br>Is gá acmhainní a dháileadh, cruthaítear teagmhas ar CAD | Cabhraíonn an AVLPS leis an gComhalta den Gharda Síochána chun láthair a aimsiú |
| **Freastal ar an láthair agus scrúdú a dhéanamh** | Freastalaíonn an Garda ar an láthair agus tugann sé/sí faoi scrúdú | Soghluaisteacht; Pulse | Cabhraíonn teicneolaíocht iniompartha chun sonraí a ghabháil faoin láthair<br>Cruthaítear agus bainistítear an teagmhas ar PULSE | |
| **Tabhairt faoi thascanna teagmhais** | Tugann an Garda faoi thascanna a bhaineann leis an teagmhas | Bainistíocht maoine; ECM; Fóiréinsic | Gabhtar agus bainistítear foilseáin a ghlactar ón láthair trí bhainistíocht maoine<br>Tugtar faoi anailís fhóiréinsic ar gach foilseán | Stóráiltear ráitis finnéithe ar Bhainistíocht Ábhar Fiontair |
| **Seomra teagmhais a shocrú** | Taispeánann anailísíocht go bhfuil teagmhas mar chuid de shraith níos fairsinge coireanna | Anailísíocht; PAF; ECM; Bainistíocht Imscrúduithe | Sainaithníonn anailísíocht patrún coireachta<br>Déantar gach tasc a bhainistiú ar an gCóras Bainistíochta Imscrúduithe | Cuireann PAF ar chumas na nGardaí bainistíocht a dhéanamh ar rianú agus ar bhainistiú an imscrúdaithe<br>Stóráiltear an cháipéisíocht go léir ar Bhainistíocht Ábhar Fiontair |
| **Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí an tseomra teagmhais** | Úsáidtear teicneolaíocht imscrúdaithe chun an té a bhfuil amhras faoi/fúithi a shainaithint | CCTV; ANPR | Rianaíonn teicneolaíochta aitheanta aghaidhe an té a bhfuil amhras faoi/fúithi ó CCTV<br>Rianaitear an fheithicil a bhfuil amhras fúithi ar an ngréasán mótarbhealaigh trí ANPR a úsáid | |
| **Cuardaigh agus Gabháil** | Cuardaítear an té a bhfuil amhras faoi/fúithi ar bhunachair shonraí an Gharda Síochána, gabhtar é/í agus coinnítear é/í | PULSE; AFIS; Schengen; Bainistíocht Coimeádta | Aistrítear sonraí faoin gcás chuig an DPP trí Bhainistíocht Imscrúduithe<br>Bainistíonn an CJIP an cháipéisíocht imscrúdaithe sa chúirt | |
| **An pobal a chur ar an eolas agus idirchaidreamh a dhéanamh leis** | Tugtar faoi thascanna póilíneachta pobail chun athdhéanamh coire a chosc | PULSE; Creat Póilíneachta Pobail | Cinntíonn Bainistíocht Íospartaigh PULSE go ndéantar idirchaidreamh leis an íospartach agus go dtacaítear leis/léi<br>Méadaíonn an Fhoireann Phóilíneachta Pobail patróil sa cheantar chun athdhéanamh na coire a chosc | |
| **An cás a sheoladh chuig an DPP** | Tugtar faisnéis an Gharda Síochána chun na cúirte, áit a gciontaítear an té a bhfuil amhras faoi/fúithi | Bainistíocht imscrúdaithe; CJIP | Aistrítear sonraí faoin gcás chuig an DPP trí Bhainistíocht Imscrúduithe<br>Bainistíonn an CJIP an cháipéisíocht imscrúdaithe sa chúirt | |

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéis an tSeomra Rialaithe** | Straitéis a chruthú agus a chur i bhfeidhm go láimhseálfaidh ionaid láraithe teagmhála gach iarratas ar sheirbhís ón bpobal | Freagairt níos éifeachtúla ar ghlaonna le haghaidh seirbhíse | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Seachadadh Ríomhchuidithe (CAD)** | Córas nua CAD a chur i bhfeidhm | Freagairtí níos tapúla ar ghlaonna a chuireann an pobal agus leithdháileadh níos éifeachtúla acmhainní lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta sna háiteanna cearta ag na hamanna cearta. | **R3 2017** | **R3 2019** |
| **Córas Bainistíochta Teagmhálaithe** | Córas a chur i bhfeidhm chun gach teagmháil leis an bpobal a fháil, a bhainistiú agus a rianú | Seirbhís níos fearr don phobal | **R2 2018** | **R4 2019** |
| **PEMS** | Córas a chur i bhfeidhm chun ligean do bhainistíocht a dhéanamh ar gach maoin, anuas ar shlabhra iomlán coimeádta a choimeád do gach foilseán a bhaineann le teagmhas | Coimeádtar slabhra iomlán coimeádta do gach píosa maoine a iontrálann coimeád an Gharda Síochána | **R3 2015** | **R1 2017** |
| **Bainistíocht Imscrúduithe** | Córas a thabhairt isteach lena chur ar chumas bainistíocht agus rianú leictreonach a dhéanamh ar gach tasc agus próiseas imscrúdaithe | Imscrúdú gairmiúil agus tráthúil a dhéanamh ar gach coir | **R3 2015** | **R4 2017** |
| **Feidhmeanna Oibríochtúla Tacaíochta** | Úsáid níos mó a bhaint as dul chun cinn i bhfianaise fhóiréinseach agus DNA | Rátaí feabhsaithe braite | **R4 2018** | **R4 2019** |
| **Bainistíocht CCTV** | Úsáidfear teicneolaíochtaí ar nós bithmhéadracht 'Face in the Crowd' agus 'Shape in the Crowd' chun príomhspriocanna a shainaithint | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail | **R3 2017** | **R1 2019** |
| **Taifeadadh agus Aicmiú Coireanna** | Próisis nua tugtha isteach chun an choireacht a bhainistiú agus a thaifeadadh | Faisnéis á soláthar ag sonraí coireachta den sláine is airde do ghníomhaíocht póilíneachta | **R1 2015** | **Ar bun** |
| **Samhail Náisiúnta Bhainistíochta Coireachta** | Creat a fhorbairt chun imscrúdú a dhéanamh ar choireanna ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus roinne/ceantair | Imscrúduithe feabhsaithe ar gach leibhéal, go háirithe i gcoinne coireacht thromchúiseach agus eagraithe | **R4 2015** | **R4 2016** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.


GARDA

## Caibidil 6

# Póilíneacht Bhóithre

**Méadóimid an úsáid a bhainimid as an teicneolaíocht agus tabharfaimid Aonad Póilíneachta Bóithre isteach chun cabhrú le bóithre fiú níos sábháilte a dhéanamh dár mbóithre agus chun cosc a chur ar choirpigh úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre.**

Caibidil 6

# Póilíneacht Bhóithre

## Réamhrá

**Príomhthosaíocht don Gharda Síochána is ea caomhnú an tsaoil. Trínár mbóithre a choimeád sábháilte, cabhraíonn sé le saol a chosaint agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú. Ag oibriú i gcomhpháirt le heagraíochtaí ar nós an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an bpobal, laghdaíodh líon na mbásanna ar bhóithre agus sábháladh go leor saol. Is gá dúinn níos mó a dhéanamh, áfach, lena chinntiú go bhfuil in Éirinn na bóithre is sábháilte san Eoraip.**

Maraíodh 23,770 duine in imbhuailtí tráchta ar bhóithre ar bhóithre na hÉireann ó cuireadh tús leis na taifid i 1959. Bhí na céadta míle thíos le gortuithe, fiú le gortuithe a d'athraigh a saol. Tá aithne ag an gcuid is mó dínn ar dhuine éigin a ndearna tragóid ar na bóithre difear géar dóibh.

In 2005, maraíodh 396 duine ar ár mbóithre. Deich mbliana ina dhiaidh sin, tá laghdú anuas go dtí 165 duine tagtha ar an líon seo – an dara líon is ísle a cuireadh i dtaifead i dtaobh básanna ar bhóithre, anuas ar laghdú 61% anuas ó fhigiúr 2005.

Tá in Éirinn anois ceann de na taifid is fearr um shábháilteacht ar bhóithre san Eoraip. In 2014, rinne an ETSC (Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa) Éire a aicmiú mar an séú tír is sábháilte as na 26 tír Eorpach.



Baineadh seo amach ar roinnt bealaí.

Sholáthair bunú Bhiúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Síochána (an GNTB) faoi Choimisinéir Cúnta cur chuige comhsheasmhach i leith sábháilteachta ar bhóithre agus forfheidhmiú ar fud na tíre trí aonaid thiomnaithe tráchta a thabhairt isteach. Leagadh an sainchúram ar an GNTB as forfheidhmiú a chomhordú, beartas a fhorbairt bunaithe ar thaighde agus anailís, feabhas a chur ar chumarsáid, agus cur chuige nua a bheith i leith comhoibriú idirghníomhaireachta.

I measc na dtionscnamh eile suntasach um shábháilteacht ar bhóithre a bhí i gceist le deich mbliana anuas, bhí tabhairt isteach agus fairsingiú an chórais phointí pionóis, ceamaraí sábháilteachta a úsáid, na teorainneacha alcóil san fhuil a laghdú, agus feachtais spriocdhírithe oideachais agus feasachta.

Tugann taighde faoinar thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána le déanaí le fios, in ainneoin an fheabhais mhóir fhoriomláin atá tagtha ar shábháilteacht ar bhóithre, tá dúshláin shuntasacha fós ann.

Ní raibh crios sábhála á chaitheamh ag nach mór an tríú cuid den am a maraíodh tiománaithe nó paisinéirí ag tráth an imbhuailte. Idir aois 20 agus 39 a bhí breis agus an leath díobh siúd a gabhadh mar gheall go raibh siad ag tiomáint faoi thionchar alcóil agus/nó drugaí. Is ionann Úsáideoirí Leochaileacha Bóithre (coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe) agus an tríú cuid de gach duine a mharaítear ar ár mbóithre.

Rinneadh dul chun cinn suntasach, ach oibreoidh an Garda Síochána chun an líon daoine a mharaítear ar bhóithre na hÉireann a laghdú anuas go dtí – ar a laghad – sprioc Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 an Rialtais atá ar chomhionann leis na tíortha ina mbaintear amach an tsábháilteacht ar bhóithre is fearr san Eoraip, ar nós na hÍsiltíre, na Ríochta Aontaithe agus na Sualainne.

D'fhonn spriocanna AE agus Rialtas na hÉireann a bhaint amach chun an líon daoine a mharaítear ar bhóithre na hÉireann a laghdú, déanfaidh an Garda Síochána an méid a leanas:

- Dul chun cinn sa teicneolaíocht a úsáid chun úsáid ár mbóithre le haghaidh gníomhaíocht choiriúil a dhiúltú do choirpigh
- Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun ár straitéis póilíneachta bóithre a chur i bhfeidhm
- Béim a leagan ar fhorfheidhmiú tráchta ar féidir leis líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ár mbóithre a laghdú
- Iompar contúirteach i measc úsáideoirí bóithre a chomhrac trí láithreacht phoiblí, forfheidhmiú reachtúil, oideachas agus comhpháirtíocht

- An Córas Próiseála Muirear Seasta a fhairsingiú, pointí pionóis ina measc
- An Cór Tráchta a threisiú agus a athfhorbairt chun gach foirm de choiriúlacht ar an ngréasán bóithre a chomhrac

Glacfaidh an Garda Síochána le cur chuige uile-eagraíochta chun ár mbóithre agus ár bpobail a choimeád sábháilte.

Déanfar Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána den Chór Tráchta. Beidh sé freagrach as sábháilteacht ar bhóithre agus ról fairsingithe a fhorfheidhmiú chun coiriúlacht ar an líonra bóithre a chomhrac.

Chomh maith leis sin, beifear ag súil leis go gcomhlíonfaidh gach Garda a bhfeidhm mar eagraíocht phobalbhunaithe chun úsáid chontúirteach a chosc agus a bhrath ina gceantar.

## Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána

Comhlíonadh príomhról chun líon na ndaoine a mharaítear ar an mbóthar a laghdú mar gheall go bhfuil Cór Tráchta tiomnaithe againn. Déanfar an Cór a threisiú agus a athfhorbairt, áfach, chun sábháilteacht ar bhóithre agus cosc agus brath na coireachta a chónascadh.

Tá feidhm an Chóir le hathfhorbairt, chomh maith, chun glacadh le níos mó feidhmeanna póilíneachta bóithre. Déanfar Aonad Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána den Chór Tráchta. Trí oibriú le pearsanra neamhthráchta, oibreoidh sé chun úsáid an ghréasáin bhóithre a dhiúltú do choirpigh trí oibríochtaí forfheidhmithe ard-infheictheachta póilíneachta agus atá faoi stiúir faisnéise. Méadóimid treise Chór Tráchta an Gharda Síochána faoin mbliain 2018.

## Plean Póilíneachta Bóithre

Tá Plean Póilíneachta Bóithre an Gharda Síochána in ainm is na cuspóirí a bhaint amach a leagtar amach i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 an Rialtais.

Tá de chuspóir an Phlean an pobal a chosaint ó dhíobháil thromchúiseach agus sábháilteacht a chinntiú ar ár mbóithre trí gach úsáideoir bóithre a spreagadh chun feabhas a chur ar a gcaighdeáin trí chlár comhbheartaithe d'oibríochtaí ard-infheictheachta um shábháilteacht ar bhóithre agus d'oibríochtaí forfheidhmithe i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit eile. Déanfaimid iarracht an treocht aníos a bhaint amach arís a baineadh amach le deich mbliana anuas. Is é ár n-aidhm dheiridh chun imbhuailtí a laghdú a bhíonn ina chúis le bás agus le gortuithe tromchúiseacha.

Beidh an díriú um shábháilteacht ar bhóithre ar chatagóirí na n-úsáideoirí leochaileacha bóithre – gluaisrothaithe, rothaithe, sealbhóirí ceadúnais foghlaimeora, agus coisithe arb ionann iad agus os cionn an tríú cuid de líon na ndaoine a mharaítear ar na bóithre. Cuirfear oibríochtaí i bhfeidhm a chuireann oideachas ar agus a thacaíonn le húsáideoirí leochaileacha bóithre agus é ina chuspóir an líon daoine sna catagóirí seo a mharaítear a laghdú.

Chun sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú, leanfaidh an Garda Síochána le forfheidhmiú a dhíriú ar líon príomhchionta "tarrthála": tiomáint ar meisce (agus tiomáint faoi thionchar drugaí anois); tiomáint ar luas; guthán póca á úsáid; agus úsáid criosanna sábhála.

Tacóidh úsáid níos mó a bhaint as an teicneolaíocht, athfhorbairt an Chóir Thráchta mar Aonad Póilíneachta Bóithre leis seo chun úsáid an ghréasáin bhóithre a dhiúltú do choirpigh, agus clár feabhsaithe sábháilteachta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus páirtithe leasmhara eile leis seo.




*Tá ceann de na taifid is fearr um shábháilteacht ar bhóithre san Eoraip ag Éirinn anois. In 2014, rinne an ETSC (Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa) Éire a aicmiú mar an séú tír is sábháilte as na 26 tír Eorpach.*

Caibidil 6

# Póilíneacht Bhóithre

## Teicneolaíocht na hUathaitheanta Uimhirphlátaí a Fhairsingiú

Córas ceamaraí a tugadh isteach le déanaí atá i gceist le hUathaithint Uimhirphlátaí (ANPR) a léann uimhirphlátaí feithiclí trí theicneolaíocht aitheanta optúil carachtar a úsáid. Déanann an teicneolaíocht seiceáil chomhuaineach ar gach uimhirphláta feithicle i gcoinne bunachar sonraí “liostaí faire”, ar nós feithiclí goidte agus feithiclí nár íocadh cáin bhóthair astu. Tá ANPR comhtháite le PULSE chun feithiclí a bhfuiltear in amhras fúthu a shainaithint.

Chabhraigh teicneolaíocht ANPR, atá suiteáilte in 100 feithicil faoi láthair, le tiománaithe ardriosca, feithiclí neamhshábháilte agus gníomhaíocht choiriúil a bhaint ónár mbóithre. Tá sé á úsáid ag an nGarda Síochána chun an choireacht a laghdú go suntasach, rátaí braite a mhéadú agus faisnéis ríthábhachtach a sholáthar lena húsáid in obair frithsceimhlitheoireachta agus coireachta tromchúisí.

Mar chuid de thionscadal ANPR, forbraíodh bunachar sonraí lárnach faisnéise. Déanann an bunachar sonraí soláthar do chuardach feabhsaithe a dhéanamh ar fhaisnéis a chuireann feithiclí ANPR i dtaifead ar bhonn fíor-ama. Is féidir anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a bhailíonn an córas agus is féidir tuairiscí a ghiniúint (i gcomhlíonadh na gceanglas um Chosaint Sonraí) chun cabhrú le himscrúduithe um thrácht ar bhóithre agus coiriúla.

Leanfaimid ag oibriú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, Údaráis Phoirt, údaráis áitiúla agus le hoibreoirí carrchlóis phríobháidigh chun rochtain a fháil, chomh maith, ar shonraí óna gcórais ANPR, anuas ar chórais CCTV atá ag oibriú ar an ngréasán mótarbhealaigh.

Áireofar le breis fairsingiú an chórais ANPR athbhreithniú a dhéanamh ar an líon “liostaí faire” atá dírithe ar líon níos mó de thiománaithe contúirteacha agus d’fheithiclí lochtacha a bhaint ó na bóithre.

Chomh maith leis sin, déanfar an líon aonaid ANPR a fhairsingiú in 2016, agus beidh gach ceann cumasaithe i dtaobh 3G chun faisnéis fíor-ama a thabhairt do na Gardaí faoi fheithiclí a bhfuil in amhras fúthu.

Déanfaidh an Garda Síochána scrúdú ar láithreáin sheasta ANPR a thabhairt isteach ag láithreacha straitéiseacha ar fud an líonra bóithre anuas ar aonaid iniompartha ANPR a úsáid fad a bhíonn patrólú á dhéanamh.

## Líon Níos Airde Ceamaraí Soghluaiste Sábháilteachta

Príomhuirlis forfheidhmithe iad ceamaraí soghluaiste sábháilteachta. Oibrítear iad i gcriosanna ina raibh luas iomarcach ina chúis le comhréir shuntasach d’imbhuailtí.

I gcaitheamh na gcúig bliana sular tugadh isteach iad, tharla thart ar 30% de na himbhuailtí marfacha gach bliain i gcriosanna ar leith. Faoin mbliain 2015, tháinig laghdú breis agus leath anuas go dtí 13% sna criosanna seo. Is ionann seo agus laghdú ar líon na ndaoine a maraíodh, anuas ó 105 in 2004 go dtí 21 in 2015.

Méadófar an líon criosanna forfheidhmithe luais in 2016.

Tabharfaimid faoi athbhreithnithe rialta ar chriosanna forfheidhmithe luais agus, más gá, méadóimid an líon díobh.

Chomh maith leis sin, tá ocht veain shoghluaiste bhraite luais ag an nGarda Síochána ina bhfuil teicneolaíocht radair agus cheamara. Is féidir na feithiclí seo a úsáid ar bhonn ceilte agus follasach. Nuair a d’úsáideamar na veaineanna seo agus libhré an Gharda Síochána orthu, tháinig feabhas suntasach ar chomhlíonadh na luasteorann sna limistéir siúd.

Ar aon dul le moltaí Chigireacht an Gharda Síochána, déanfaimid scrúdú ar sheachfhoinsiú oibriú ár veaineanna féin soghluaiste braite luais le hoibreoir príobháideach faoi údarú an Gharda Síochána, ina measc ionchur ó Oifigigh Ceantair áitiúil.



## Fairsingiú Seicphointí

Tá méadú tagtha ar an gcomhlíonadh le reachtaíochta um thrácht ar bhóithre mar thoradh ar thabhairt isteach seicphointí MAT (Tástáil Alcóil Shainordaitheach) in 2006.

In 2015, tugadh faoi bhreis agus 70,000 seicphointe MAT agus méadóimid seicphointí MAT gach bliain i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn. Taispeánadh go ngníomhaíonn na seicphointí seo mar dhíspreagadh suntasach i leith tiomána ar meisce. Ba cheart go mbeadh tabhairt isteach beartaithe tástála i leith drugaí ar thaobh an bhóthair in 2016 ina dhíspreagadh breise.

Tá méadú tagtha ar sheicphointí ilghníomhaireachta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Custaim agus Mál, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí le blianta beaga anuas, agus rinneadh daoine a ghabháil i ngeall ar réimse cionta, ina measc cionta um thrácht ar bhóithre, brionnú agus póstaí bréagacha. Déanfaimid na comhoibriochtaí siúd a fhairsingiú i rith na gcéad cúig bliana amach romhainn.

## Iompar Athraitheach Tiománaithe

Níl amhras ar bith ann ach gur laghdaigh iompar athraitheach tiománaithe le deich mbliana anuas, go háirithe an laghdú atá tagtha ar thiomáint ar meisce, an leibhéal daoine a mharaítear ar na bóithre. Faoi mar is léir ó na figiúirí a bhaineann le húsáid criosanna sábhála, áfach, Tá sé ríthábhachtach go leantar le hoideachas a chur ar an bpobal faoi úsáid shábháilte a bhaint as na bóithre.

I gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, reáchtálann an Garda Síochána feachtais náisiúnta agus áitiúla spriocdhírithe oideachais chun luas na tiomána a laghdú i rith tréimhsí saoire nuair a thagann méadú traidisiúnta ar líon na ndaoine a mharaítear ar na bóithre.

Leanfaimid le húsáid a bhaint as ár mbealaí féin cumarsáide, ar nós CrimeCall agus ár gcainéil mheán sóisialta chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Anuas air sin, úsáidtear na meáin shóisialta chun daoine a chur ar an eolas nuair a bhíonn seicphointí ag titim amach i láithreacha ar leith.

Ina theannta sin, imríonn aiseolas a sholáthraíonn úsáideoirí bóithre dúinn trínár gcainéil mheán sóisialta tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar ghníomhaíocht forfheidhmithe. Mar shampla, in 2014, chuir roinnt daoine ar an eolas sinn faoi thiománaithe nach raibh a soilse ar lasadh acu i rith oícheanta an gheimhridh. I gcomhar le Cór Tráchta na Gaillimhe, cuireadh Oibríocht Solas i bhfeidhm chun an tsaincheist seo a thabhairt chun solais d'úsáideoirí bóithre i nGaillimh trí sheicphointí agus na meáin áitiúla. Ós rud é gur éirigh chomh maith sin leis an bhfeachtas, cuireadh i bhfeidhm Oibríocht Solas go náisiúnta.


## Na Cúiseanna atá le hImbhuailtí a Dheimhniú

Baineann ríthábhacht leis na cúiseanna a bhíonn le himbhuailtí a dheimhniú, ní hamháin i gcásanna inar dócha go ndéanfar ionchúiseamh, ach chun feabhas a chur ar shábháilteacht i dtaobh iompar tiománaithe agus innealtóireacht bóithre, chomh maith.

Tá ardscileanna ag agus ardoiliúint curtha ar 45 Imscrúdaitheoir Fóiréinseach ar Imbhuailtí (FCIanna) an Gharda Síochána. Úsáideann siad réimse teicnící, scileanna agus teicneolaíochta lena dheimhniú cé chomh tapa a bhí feithiclí ag taisteal, cé acu an raibh nó nach raibh lochtanna meicniúla orthu, an bhail a bhí ar an mbóthar ag tráth an imbhuailte, agus an t-iompar tiomána a bhí i gceist.

Déanfaimid athbhreithniú ar ról Imscrúdaitheoir Fóiréinseach Imbhuailte lena dheimhniú an féidir nó nach féidir le limistéir bhreise, ar nós imscrúdú láithreacha coire tairbhe a bhaint as scileanna na FCIanna.

Beidh scanóirí soghluaiste 3-D ag FCIanna amach anseo. Leis na scanóirí seo, soláthróimid íomhá 3-D d'imscrúdaitheoirí ar láthair imbhuailte, agus beidh sé níos fusa agus níos tapúla, dóibh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an láthair, dá bharr.



# Caibidil 6

# Póilíneacht Bhóithre




## Feabhsúcháin ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta (FCPS)

Is i ngeall ar thabhairt isteach pointí pionóis atá go leor den laghdú suntasach atá tagtha ar an líon daoine a mharaítear ar na bóithre ó 2002 i leith.

Eisíodh 238,626 fógra FCPS, ar an iomlán, in 2015 i dtaobh na bpríomhchionta atá bagrach don bheatha – tiomáint ar luas, gan criosanna sábhála a úsáid, agus gutháin phóca a úsáid.

Tá an GNTB, i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag oibriú chun cionta oiriúnacha um thrácht ar bhóithre a shainaithint a chorprófar isteach san FCPS agus le haghaidh Pointí Pionóis. Cabhróidh seo chun an líon ciontóirí a laghdú a theastaíonn chun freastal ar an gcúirt le haghaidh mionchionta um thrácht ar bhóithre, gan baint de shábháilteacht ar bhóithre.

Lena chois sin, beartaímid chun eisiúint pointí pionóis a dhéanamh níos éifeachtúla. Faoi láthair, eisíonn na Gardaí fógraí FCPS trí leas a bhaint as próiseas páipéarbhunaithe, a ghlacann go leor ama. Amach anseo, úsáidfidh na Gardaí gléasanna láimhe chun fógraí pointe pionóis a eisiúint go leictreonach d'úsáideoirí bóithre ag tráth an teagmhais.

Tugadh líon beart isteach, chomh maith leis sin, chun comhsheasmhacht a chinntiú sa bhealach ina raibh pointí pionóis á gcur i bhfeidhm agus ina raibh cinntí á ndéanamh faoina gcealú ag an nGarda Síochána i dtaobh daoine aonair. Tá Breitheamh ag tabhairt faoi athbhreithnithe rialta ar oibriú na hOifige Próiseála Muirear Seasta agus ar na cinntí, ach go háirithe, chun fógraí FCPS a chealú. Thug an Breitheamh, chomh maith leis sin, faoi líon de na scrúduithe siúd agus deimhníodh dó go raibh an eagraíocht comhlíontach i dtaobh an bhealaigh a dhéantar pointí pionóis a chealú anois.

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Laghdóidh bóithre sábháilte an líon daoine a mharaítear ar na bóithre agus líon na ngortuithe tromchúiseacha agus feabhsaíonn siad sábháilteacht an phobail. Cabhróidh díriú ar na deiseanna atá ann go mbainfidh coirpigh úsáid as an ngréasán bóithre chun coireacht a laghdú agus pobail a chosaint.

Beidh Éire i gcomhlíonadh spriocanna an AE agus beidh cáil uirthi i dtaobh bóithre sábháilte.

Cabhróidh teicneolaíochtaí agus scileanna feabhsaithe linn chun seirbhís níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla póilíneachta bóithre a sholáthar.




*Cabhróidh díriú ar na deiseanna atá ann go mbainfidh coirpigh úsáid as an ngréasán bóithre chun coireacht a laghdú agus pobail a chosaint.*

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Uathaithint Uimhirphlátaí (ANPR)** | An úsáid a fhairsingiú as ANPR i dtaobh póilíneacht bhóithre agus mar uirlis imscrúdaithe agus eolais | Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ANPR chun coirpigh agus ciontóirí bóthair a rianú agus spriocdhíriú orthu | **R3 2015** | **R2 2019** |
| **Córais ANPR a Chomhtháthú** | Oibriú le heagraíochtaí Stáit agus tráchtála chun rochtain an Gharda Síochána a fhairsingiú ar shonraí ó chórais ANPR agus ó cheamaraí CCTV ar fud na tíre | Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ANPR chun coirpigh agus ciontóirí bóthair a rianú agus spriocdhíriú orthu | **R1 2016** | **R4 2017** |
| **An tAonad Póilíneachta Bóithre** | Feidhmeanna Chór Tráchta an Gharda Síochána athfhorbartha | Ceiltear úsáid an ghréasáin bhóithre ar choirpigh | **R1 2016** | **R1 2017** |
| **Straitéis Cumarsáide Seachtraí** | I gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, gach bealach cumarsáide a fhiosrú agus a úsáid, chun faisnéis ríthábhachtach faoi shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar don phobal | Iompar níos sábháilte i measc úsáideoirí bóithre | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Seachfhoinsiú veaineanna luais** | Oibriú veaineanna soghluaiste luasbhraite a sheachfhoinsiú | Úsáid fheabhsaithe a bhaint as acmhainní | **R3 2015** | **R4 2016** |
| **Pointí pionóis a eisiúint ar bhonn soghluaiste** | Eiseofar pointí pionóis ag tráth an teagmhais trí mheáin leictreonacha seachas trí mheáin pháipéir | Éifeachtúlacht fheabhsaithe oibríochtúil trí theicneolaíocht | **R2 2016** | **R1 2017** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.


GARDA

## Caibidil 7

# Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe

**Úsáidfimid ardteicneolaíocht agus comhroinnt faisnéise chun aon bhagairtí ar shochaí na hÉireann a chosc, a bhrath agus a dhiúltú ó sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe.**

Caibidil 7

# Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe

## Réamhrá

**Áirítear le feidhmeanna reachtúla an Gharda Síochána, faoi mar a leagtar amach iad in Acht an Gharda Síochána, 2005, seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar ag a bhfuil an cuspóir chun an tsíocháin agus ord poiblí a chaomhnú, beatha agus maoin a chosaint, agus slándáil an Stáit a chosaint.**




*Cóipcheart The Irish Times an íomhá seo*

Leagtar amach in Acht an Gharda Síochána (an tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2015, a achtaíodh le déanaí, sainmhíniú ar sheirbhísí slándála (ar mhaithe le hiad a idirdhealú ó sheirbhísí póilíneachta i gcomhthéacs róil faoi seach an Údaráis Phóilíneachta agus an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais). Tugtar sainmhíniú ar sheirbhísí slándála amhail slándáil an Stáit a chosaint, an méid a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta dó:

- sceimhlitheoireacht intíre,
- sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta,
- slándáil dhomhanda agus comhoibriú gaolmhar idirnáisiúnta,
- daonlathas parlaiminte nó institiúidí an Stáit a threascairt, agus
- spiaireacht, sabaitéireacht agus gníomhartha trasnaíochta iasachta.

Comhoibríonn an Garda Síochána go dlúth leis na Fórsaí Cosanta, a sholáthraíonn cúnamh tacaíochta i roinnt limistéar. Lena chois sin, tá struchtúir eile i bhfeidhm a dhéileálann le gnéithe sonracha na slándála náisiúnta, ar nós an mhéid a leanas:

- An Coiste Slándála Náisiúnta (an NSC),
- An Coiste Slándála Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta,
- An Coiste Idir-Rannach um Chibearshlándáil,
- An Tascfhórsa um Pleanáil Éigeandála,

I ngeall go ngníomhaíonn an Garda Síochána mar an tseirbhís póilíneachta agus slándála anuas ar ról fairsing a bheith aige maidir le ceisteanna inimirce, éascaítear faisnéis agus eolas, a bhaineann le gach gné den choireacht agus den sceimhlitheoireacht agus aon fhorluí a thiteann amach idir an dá rud, a chomhordú agus chun bailiú, bainistíocht, rialú agus scaipeadh comhtháite a dhéanamh orthu.

Cé nach cuí cuntas mionsonraithe a thabhairt ar na straitéisí agus na modheolaíochtaí éagsúla a úsáideann an Garda Síochána i gcomhlíonadh a róil, tugtar cuntas ar roinnt príomhphrionsabal, nach gcuireann isteach ar ghníomhartha leanúnacha oibríochtúla, thíos. Príomhghné de gach straitéis atá dírithe ar an mbagairt a chruthaíonn an sceimhlitheoireacht, coireacht eagraithe agus limistéir eile atá ina n-ábhar buartha atá ag teacht chun cinn, is ea forbairt agus feabhsú leanúnach caidrimh idir an Garda Síochána agus comhpháirtithe slándála agus póilíní ó Stáit eile.

## Sceimhlitheoireacht – Intíre agus Idirnáisiúnta

Ní mór dúinn a chinntiú go mbíonn ár bhfreagairt ar an mbagairt i leith gníomhaíocht choiriúil sceimhlitheoireachta ailínithe, dírithe agus stiúrtha go straitéiseach.

Le 40 bliain anuas, tá forbairt shuntasach tagtha ar thaithí an Gharda Síochána i dtaobh bagairtí ó sceimhlitheoireacht intíre a shainaithint, cur isteach uirthi agus a chur faoi chois. Cuireadh isteach ar ghníomhaíocht agus intinn mhór sceimhlitheoireachta. Tá grúpaí sceimhlitheoirí athléimneach, áfach, agus in ainneoin gníomhartha comhsheasmhacha slándála agus póilíneachta – comhaltaí grúpa a mhonatóiriú, a chur as riocht, a ghabháil agus chur chun príosúin – leanann sceimhlitheoireacht intíre le bagairt shuntasach a imirt i bhfoirm ghníomhaíochtaí poblachtach easaontach.

Thug ionsaithe idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta chun géarsholais an bhagairt thromchúiseach agus dhinimiciúil a chruthaíonn sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta. Saincheist atá ina hábhar buartha mór do chomhpháirtithe forfheidhmithe dlí agus slándála is ea an feiniméan ina dtaistealaíonn daoine aonair ó áiteanna ar fud na hEorpa go dtí criosanna coimhlinte. Baineann tromlach na n-ábhar




buartha mór slándála leis an tionchar radacaithe a imrítear ar dhaoine a thaistealaíonn go dtí criosanna coimhlinte agus na rioscaí slándála a d'fhéadfadh bheith i gceist ar fhilleadh dóibh ar a dtíortha dúchais.

Dúshlán atá roimh chomhpháirtithe forfheidhmithe dlí agus slándála atá ag dul i méid is ea féinradacú agus an bhagairt atá ann i leith ionsaithe "ionsaitheoir aonair". Tá úsáid níos mó á bhaint ag grúpaí sceimhlitheoireachta agus coiriúla as teicneolaíochtaí nua. Tá teicneolaíocht chumarsáide á húsáid anois acu chun lucht leanúna reatha agus nua a spreagadh, agus chun bealaí nua agus úrnua a cheapadh chun tabhairt faoi ionsaithe agus sceimhlitheoireacht a leathadh.

Tá sé ag éirí níos dúshlánaí de shíor i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe slándála agus forfheidhmithe dlí chun gníomhú go héifeachtach i gcoinne na sceimhlitheoireachta ina leith seo. Teastaíonn comhoibriú agus comhpháirtíocht chun aon bhagairt fhéideartha a shainaithint, gníomhú ina leith agus a chomhrac. Is soiléir nach leor modheolaíochtaí traidisiúnta frithsceimhlitheoireachta, leo féin, chun an saghas seo de bhagairt a chomhrac agus teastaíonn smaointeoireacht nua agus bealaí comhoibritheacha chun oibriú uaidh.

Is é an bhagairt is mó faoi láthair atá roimh shlándáil náisiúnta na hÉireann ná gníomhaíocht sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach eagraithe in Éirinn agus thar lear. Bíonn na bagairtí siúd casta agus neamh-intuartha. Is gá dúinn a chinntiú go bhfuil an cumas agus na hacmhainní againn chun tabhairt faoi chur chuige lúfar agus freagrúil iltaobhach i leith dúshlán casta agus atá ag teacht chun cinn de shíor. Treiseofar ár straitéisí frithsceimhlitheoireachta chun dul i ngleic leis na dúshláin nua. Ní mór go n-áireofar leis seo, agus áireofar leis for-rochtain agus feasacht ar gach leibhéal den phóilíneacht le grúpaí pobail agus comhpháirtithe agus leagfar béim ar chosc, dúshláin straitéiseacha a shárú, faisnéis agus eolas a roinnt, agus forfheidhmiú.

Tá cuntas fadálach agus rathúil ag an nGarda Síochána agus ag Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann de bheith ag comhoibriú chun an sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann a chomhrac. Leanfaidh an comhoibriú seo a bheith ríthábhachtach i dtaobh gníomhaíocht choiriúil ag a bhfuil toise thrasteorann a chomhrac, pé foinse nó spreagadh a bhíonn ag an ngníomhaíocht chéanna. Nuair a bhítear ag déileáil le sceimhlitheoireacht a bhaineann le cúrsaí intíre, treiseofar ár gcaidreamh uathúil le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus leagfar béim phríomha ar ár gcomhrac i leith gníomhaíochtaí coiriúla sceimhlitheoireachta a dhéanann díobháil do phobail ar an dá thaobh den teorainn.

Deimhneoidh ár lúfaireacht, freagrúlacht, tacaíocht pobail, agus ár gcomhoibriú le comhpháirtithe intíre agus idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí agus slándála an rath imscrúdaithe a bheidh orainn, den chuid is mó. Ní mór dúinn bheith níos réamhghníomhaí agus níos freagrúla, agus déanfaimid amhlaidh, i gcomhréir leis an leibhéal bagartha.

Cuirfimid feabhas leanúnach ar ár gcleachtais roinnte faisnéise le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta ar aon dul le beartais reatha. Forbróimid straitéisí for-rochtana agus oideachais as a n-eascróidh rannpháirtíocht pobal agus comhpháirtithe ar fud na tíre iomláine agus níos faide i gcéin.

Cinnteoimid feasacht i measc ár gceannasaithe sinsearacha féin agus ghaireas an Stáit ar staid na timpeallachta bagartha agus feabhas a chur ar ár gcumas chun measúnacht agus measúnú a dhéanamh ar cheachtanna a foghlaimíodh sa bhaile agus thar lear chun gníomhaíocht choiriúil sceimhlitheoirí a chosc, a bhrath agus freagairt uirthi.

> ***"Oibreoidh an Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe go dlúth leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun 'an t-airgead a leanúint' agus díriú ar bhrabúis agus ar fháltais na coireachta eagraithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta."***

# Caibidil 7

# Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe

## Coireacht Thromchúiseach agus Eagraithe

Chuir domhandú agus dul chun cinn mear sa teicneolaíocht le borradh agus trasnáisiúnú gníomhaíocht eagraithe choireachta. Tarlaíonn go mbíonn saoránaigh aonair ina n-íospartaigh i ngeall ar ghrúpaí coireachta eagraithe a oibríonn lasmuigh dár dteorainneacha trí choireacht ar nós gadaíocht aitheantais, camscéimeanna idirlín/ríomhphoist, fioscaireachta agus saghsanna eile de choireacht atá ag teacht chun cinn. Cruthaíonn seo dúshláin nua le haghaidh forfheidhmiú dlí, agus tá fadhb domhanda á cruthú aige nach féidir a chomhrac laistigh dár dteorainneacha féin amháin.

Cruthaíonn coireacht thromchúiseach agus eagraithe olldúshlán don mhaith choiteann agus don tsíocháin ar a mbraitheann maireachtáil shibhialta. I measc gníomhaíocht eagraithe choiriúil, atá spreagtha ag brabús agus cumhacht, smuigleáil; gadaíocht gluaisteán; earraí góchumtha, (táirgí leighis ina measc, ar féidir leo díobháil thromchúiseach a dhéanamh do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí), imeaglú; sracadh; gáinneáil ar dhaoine, striapachas, agus foréigean a bhaineann le drugaí, a bhaineann pobail áitiúla amach agus a dhéanann díobháil dóibh. Cé go bhfuil an chuid is mó de ghrúpaí coireachta eagraithe forbartha ar bhonn intíre, bíonn toisí suntasacha idirnáisiúnta ag roinnt díobh.

Príomhghné a chuireann grúpaí atá gníomhach in Éirinn chun cinn is ea gáinneáil ar dhrugaí, ach tugaimid gníomhaíocht faoi deara i margaí gaolmhara coiriúla a dhéanann gáinneáil ar earraí iolracha, ar nós airm thine agus toitíní a smuigleáil, sciúradh airgid, robála ar mhaithe le maoiniú, sractha agus imeaglú. Tá cuntas teiste ag an nGarda Síochána i dtaobh coireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, agus tá rath suntasach bainte amach aige. Ar a shon sin, éiríonn le foréigean agus tionchar caimiléireachta a chruthaíonn gníomhaíocht choireachta eagraithe tionchar a imirt ar shábháilteacht phoiblí agus díobháil a dhéanamh do phobail áitiúla gach lá. Sin an fáth go leanfaidh an Garda Síochána le tús áite príomha a thabhairt dó.

Threisíomar ár gcumas le déanaí chun an bhagairt a chruthaíonn coireacht eagraithe a chomhrac trí Bhiúró comhdhlúite um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe (an DOCB) a bhunú. Tugann seo le chéile réimse saineolais agus eolais chun ár gcumas a mhéadú go suntasach chun gníomhaíochtaí daoine aonair agus grúpaí a chomhrac go réamhghníomhach a mbíonn baint acu i ngníomhaíocht choireachta eagraithe in Éirinn agus thar lear.

Oibreoidh an DOCB go dlúth leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun 'an t-airgead a leanúint' agus díriú ar bhrabúis agus ar fháltais na coireachta eagraithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Treiseoimid an oiliúint a chuirtear ar Phróifíleoirí Sócmhainní Roinne chun oibriú leis an CAB agus leis an mBirúo um Choireacht Eacnamaíoch/ Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (an GBFI) chun díriú ar fháltais na coireachta, fáltais na coireachta ina measc a dhéanann mionchoirpigh agus meánchoirpigh.

Déanfaimid ról an Bhiúró um Choireacht Eacnamaíoch/ Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (an GBFI) a bhreisfhorbairt agus a bhreistreisiú chun coireacht an bhóna bháin a chomhrac agus, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla eile, chun an cumas agus na hacmhainní a chruthú chun coireacht eacnamaíoch i ngach ceann dá foirmeacha a chomhrac.

Feabhsóimid feasacht phoiblí ar an mbaol agus an tionchar a chruthaíonn coireacht thromchúiseach agus eagraithe. Treiseoimid ár n-obair le pobail, gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha chun an tionchar díobhálach a laghdú a chruthaíonn drugaí agus gníomhaíocht eile choireachta eagraithe do phobail áitiúla. Díreoimid go réamhghníomhach ar mhangaireacht drugaí ar leibhéal na sráide agus ar fháltais na mangaireachta céanna.

Cuirfimid barr feabhais ar an úsáid a bhainimid as oifigigh idirchaidrimh thar lear agus cuirfimid lenár gcaidreamh dlúth oibre le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí, ina measc Europol, Interpol agus an FBI chun faisnéis a roinnt agus chun dul sa tóir ar ghníomhaíochtaí na líonraí coiriúla seo.

Comhlíonfaimid ról ceannaireachta i gcomhchathaoirleacht a dhéanamh, i gcuideachta an PSNI, ar an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta. Déanfaidh an Tascfhórsa, ar a mbeidh údaráis phóilíní agus chustam ón dá dhlínse, an CAB agus Gníomhaireacht Choireachta na Ríochta Aontaithe (an NCA) agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile an tionchar díobhálach a chomhrac a chruthaíonn smuigleáil trasteorann agus gníomhaíocht choiriúil a bhíonn ina cúis le díobháil a dhéanamh do phobail ar an dá thaobh den teorainn.

Cuirfimid feabhas ar ár socruithe comhoibrithe agus roinnte faisnéise le gníomhaireachtaí comhpháirtithe agus déanfaimid ár struchtúir áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhreisfhorbairt chun comhoibriú agus solúbthacht a threisiú. Úsáidfimid an fhaisnéis agus an t-eolas chun íomhá atá cothrom le dáta a choimeád agus tús áite a thabhairt d'imscrúduithe.

## Bainistíocht Faisnéise

Is é faisnéis bunchloch aon seirbhís slándála nó póilíneachta. Mar gheall ar chastacht agus cineál trasnáisiúnta go leor de bhagairtí an lae inniu a chruthaíonn sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, baineann níos mó tábhachta le comhoibriú idirnáisiúnta agus roinnt faisnéise ná mar a bhí riamh roimhe seo.

Leanfaidh bagairtí póilíneachta agus slándála ag teacht chun cinn agus le dúshláin nua a chur i láthair. Cruthaíonn tírdhreach athraitheach agus timpeallacht oibriúcháin chumarsáide láithrí domhanda, a éascaíonn an t-idirlíon agus ardáin na meán sóisialta idir dhúshláin agus deiseanna le haghaidh slándála agus forfheidhmiú dlí.

Cruthóidh dul chun cinn mear teicneolaíochtaí nua cumarsáide dúshlán leanúnach le haghaidh rialtas chun príobháideacht, slándáil agus buarthaí um shábháilteacht phoiblí a chothromú.

Is gá do ghníomhaireachtaí slándála agus póilíneachta úsáid a bhaint as faisnéis chun eolas a sholáthar dá ngníomhartha. Ní thagraíonn seo ach d'eolas oibríochtúil nó beartach maidir le hoibríochtaí laethúla, ach ar an gcuma chéanna, agus b'fhéidir go mbaineann breis tábhachta leis, tagraíonn sé do mheasúnuithe a dhéanamh ar bhagairtí eolais straitéisigh agus d'acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh amach anseo.

Ina theannta sin, beidh gá níos mó ann le teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh leis an lucht léinn agus leis an tionscal chun faisnéis a sholáthar dár dtuiscint agus chun inniúlacht arb ann di faoi láthair a mhéadú. Beidh comhpháirtíochtaí traidisiúnta slándála agus póilíneachta le síneadh lena chinntiú go mbíonn na huirlisí riachtanacha againn chun ár bpoist a chomhlíonadh chun an tsochaí a chosaint.

Príomhról atá in eolas ábhartha a bhailiú, a phróiseáil agus a chur i ngníomh i dtaobh déileáil leis na dúshláin a chruthaíonn gníomhaíocht sceimhlitheoirí agus choiriúil. Leanfaimid le heispéiris a roinnt agus dul faoi oiliúint le comhpháirtithe idirnáisiúnta lena chinntiú go mbíonn an lúfaireacht agus an ullmhacht ar chumas againn chun déileáil le cásanna ina mbíonn bagairtí dinimiciúla i gceist.

Leanann an méid faisnéise a chruthaíonn eagraíochtaí agus daoine aonair ag dul i méid go mear. Áirítear leis seo faisnéis atá ar fáil trí fhoinsí oscailte agus ardáin dhigiteacha. Forbróimid acmhainn DIGINT (eolas digiteach) agus na struchtúir, córais agus próisis chuí chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint den fhaisnéis seo agus í a chomhtháthú isteach i dtáirgeadh anailíseach a chuireann eolas ar fáil do mheasúnuithe faisnéise, bagartha agus riosca.

Déanfaimid na daoine cearta a earcú, a chur faoi oiliúint agus a fhorbairt agus cuirfimid próisis agus an teicneolaíocht i bhfeidhm chun eolas a dhéanamh d'fhaisnéis. Teastaíonn anailísithe agus oifigigh eolais ghairmiúla oilte ó phróiseáil agus léirmhíniú sonraí. Teastaíonn modhanna agus teicnící ardfhorbartha anailíseacha ó eolas a dhéanamh d'fhaisnéis agus, sa chás gur féidir, an cumas a bhaineann le heolas a aistriú ina fhianaise a fhiosrú.

Forbróimid comhsheasmhacht i leith modheolaíocht chur chuige agus léirmhínithe i measc sheirbhís an Gharda Síochána.

Forbróimid timpeallacht thiomnaithe anailíseach sonraí chun an tacaíocht is fearr a sholáthar d'anailís, ina measc eolaithe/anailísithe sonraí a thabhairt isteach chun tacú le hobair anailíseach. Chuireamar tús le déanaí le hanailísithe breise oilte gairmiúla sibhialtacha a earcú agus a imlonnú chun ár gcumas reatha a mhéadú. Leanfaimid le hinfheistiú sna huirlísí agus sna crua-earraí chun breis forbartha agus treisiú a dhéanamh ar ár gcumas.

Croíriachtanas gairmiúil de chuid speisialtóirí póilíneachta agus slándála atá agus a bheidh sa chumas agus sa toilteanas chun cinntí a dhéanamh faoi chúinsí éiginnteachta. Is léir go mbaineann riosca le cinntí a dhéanamh sa chás nach féidir tionchar torthaí féideartha a thuar go hiomlán. Faoi na cúinsí siúd, ní mór béim mhéadaitheach a leagan ar a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis bharrmhaith ar fáil do dhéantóirí cinntí – gníomh a

“ ”

*Treiseoimid cumas, inniúlacht agus acmhainní ár ndaoine chun an ullmhacht agus an fhreagracht a bheith againn chun déileáil le bagairtí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn.*

## Caibidil 7

# Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe

dhéanfaidh cáilíocht na gcinntí a rialú agus a fheabhsú.

Forbróimid struchtúir chomhtháite chomhtháiteacha eolais chun ár gcumas agus ár n-acmhainní a chur faoi bhorradh ar mhaithe le heolas a bhailiú, a anailísiú agus a mheasúnú ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirfimid feabhas breise ar struchtúir reatha lena chinntiú gurb ann don anailís chuí agus go scaiptear eolas chun faisnéis a sholáthar do mheasúnuithe bagartha agus riosca agus chun an fhaisnéis cheart a chur ar fáil do na daoine cearta.

Cuirfimid feabhas ar ár gcórais bhainistíochta eolais chun faisnéis a bhailiú go slán agus a scaipeadh go tráthúil ar fud na heagraíochta. Úsáidfimid arduirlisí agus ardteicneolaíocht anailíseach ó thaobh istigh den Gharda Síochána agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta chun tacú le agus faisnéis a sholáthar d'oibríochtaí an Gharda Síochána atá faoi stiúir eolais atá dírithe ar dhaoine aonair agus grúpaí a bhagraíonn díobháil a dhéanamh don tsochaí.

Mar chuid dár gclár nuachóirithe, forbróimid próisis níos treise ghnó, a chomhtháthaíonn anailís isteach sa chóras eolais, a shainaithníonn bagairtí, a fhorbraíonn pleananna oibríochtúla chun dul i ngleic leo, agus a thomhaiseann an rath a bhíonn ar ár n-idirghabháil.

Mar chuid dár gclár infheistíochta teicneolaíochta, déanfaidh an Garda Síochána comhtháthú le córais faisnéise ar fud na hEorpa, ina measc Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus an Bunachar Sonraí Cáipéisí Goidte agus Caillte (an SLTD). Déanfaidh seo breisfhorbairt ar ár n-inniúlacht agus ár gcumas chun comhoibriú agus faisnéis a chomhtháthú go díreach le seirbhísí eile póilíneachta ar fud an AE agus ár dteorainneacha a threisiú.

Breisfhorbróimid an sárchaidreamh atá cruthaithe cheana féin againn le Europol, Eurojust, Interpol agus comhpháirtithe póilíneachta agus slándála ar fud an domhain lena chinntiú go ndéanaimid a dtaithí agus a bhfoghlaim a ghiaráil.




### Baineann Ríthábhacht le Comhpháirtíochtaí chun Slándáil Náisiúnta a Chosaint

"Is é cáilíocht ár ndaoine agus ár gcomhpháirtíochtaí – agus an cumas sin chun oiriúnú agus nuálú a dhéanamh – a thugann an mhuinín is mó dom as an todhchaí"

*Andrew Parker, Ard-Stiúrthóir (AS) MI5, Deireadh Fómhair 2015*

"Tuigimid anois, níos mó ná mar a thuigeamar riamh roimhe seo an tábhacht a bhaineann le comhoibriú um fhorfheidhmiú dlí trasteorann chun bagairtí domhanda a chomhrac, ar nós sceimhlitheoireachta agus cibearchoireachta. I gcaitheamh na tréimhse dúshlánaí seo, baineann ríthábhacht le comhpháirtíochtaí tréana i measc an lucht forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta a chruthú, agus malartú tapa agus éifeachtúil faisnéise, chun ár saoránaigh agus ár gcomhshlándáil a chosaint"

*Stiúrthóir Europol, Rob Wainwright, Meán Fómhair 2015*

“ ”

***Tuigimid anois, níos mó ná mar a thuigeamar riamh roimhe seo an tábhacht a bhaineann le comhoibriú um fhorfheidhmiú dlí trasteorann chun bagairtí domhanda a chomhrac, ar nós sceimhlitheoireachta agus cibearchoireachta.***

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Cosnóimid muintir na tíre agus an Stát seo chun áit shábháilte a dhéanamh d'Éirinn chun cónaí ann, chun oibriú ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun infheistiú a dhéanamh ann.

Cuirfidh rochtain níos tapúla ar fhaisnéis ar fud na heagraíochta ar chumas againn cur isteach ar ghníomhaíochtaí grúpaí sceimhlitheoirí agus coireachta eagraithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cuirfidh Samhail agus córas nua oibriúcháin Bhainistíochta Eolais ar chumas rochtain a fháil ar fhaisnéis a chabhróidh le cinnteoireacht a shainaithint agus le faisnéis a sholáthar do chinnteoireacht agus maorlathas neamhriachtanach a laghdú.

Treiseoimid cumas, inniúlacht agus acmhainní ár ndaoine chun an ullmhacht agus an fhreagracht a bheith againn chun déileáil le bagairtí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn.

Cabhróidh caidreamh a threisiú le pobail mhionlaigh bunaithe ar iontaoibh agus meas le radacú a laghdú agus iontaoibh agus muinín as póilíneacht a chur chun cinn.

Cabhróidh comhtháthú níos mó córas le comhpháirtithe um fhorfheidhmiú dlí ceartais agus dlí anseo agus thar lear chun staid ullmhachta a chruthú chun bagairtí reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn a chomhrac.

Úsáidfear táirgí anailíseacha agus eolais chun faisnéis a sholáthar do phleanáil agus d'fhorbairt bheartach, oibríochtúil agus straitéiseach freagairtí.

Cuirfimid feabhas bhreise ar ár gcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta mar chomhpháirtithe iontaofa.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Bainistíocht Faisnéise** | Eolas feabhsaithe a sholáthar dár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe chun díriú ar sceimhlitheoirí agus/nó ar GCEanna | Slándáil fheabhsaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sábháilteacht phobal | **R3 2013** | **Ar bun** |
| **Córas Faisnéise Schengen** | Córas a chur i bhfeidhm chun foláirimh maidir le daoine, feithiclí agus maoin a fháil agus a ghníomhú ó bhallstáit rannpháirteacha | Slándáil fheabhsaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | **R1 2016** | **R2 2018** |
| **Bunachar Sonraí Cáipéisí Taistil a Goideadh agus a Cailleadh (SLTD)** | A chur ar chumas Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce chun SLTD Interpol a fhiosrú chun cabhrú leis an bpróiseas déanta cinntí faoi inimirce | Slándáil fheabhsaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | **R3 2016** | **R2 2017** |
| **Comhoibriú Seachtrach** | Feabhas a chur ar chomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta Stáit agus le comhpháirtithe acadúla agus na hearnála príobháidí chun bagairtí a chomhrac | Slándáil fheabhsaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta trí dhíriú ar agus cur isteach ar dhronganna náisiúnta agus idirnáisiúnta coireachta agus grúpaí sceimhlitheoireachta | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Póilíneacht Fheabhsaithe Teorann** | Feabhas a chur ar ár n-obair le réimse comhpháirtithe maidir le póilíneacht teorann | Freagairt fheabhsaithe ar shaincheisteanna coireachta agus slándála i limistéar na teorann | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Ardanailísíocht Póilíneachta** | An úsáid a bhaintear as anailísíocht a chur chun cinn chun imscrúdú réamhghníomhach a dhéanamh orthu siúd a bhfuil baint acu sa sceimhlitheoireacht agus/nó i gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe | Ag díriú agus ag cur isteach ar dhronganna náisiúnta agus idirnáisiúnta coireachta agus grúpaí sceimhlitheoireachta | **R3 2016** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 8

# Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht

**Cuirfimid feabhas ar ár gcumas agus oibreoimid le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun bonneagar criticiúil a chosaint agus gníomhaíocht choiriúil a chosc agus a bhrath.**


Caibidil 8

# Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht

## Réamhrá

**Mar gheall ar luas mear dul chun cinn teicneolaíochta, anuas ar shofaistiúlacht mhéadaitheach líonraí coiriúla agus eagraíochtaí sceimhlitheoirí, ábhair lena mbaineann ríthábhacht i measc gach seirbhís póilíneachta agus slándála is ea cibearchoireacht agus cibearshlándáil. Imríonn cibearionsaithe tionchar millteanach ar Rialtais, comhlachtaí Stáit, daoine aonair, gnólachtaí agus an bonneagar ríthábhachtach náisiúnta.**

Beidh an Garda Síochána dírithe i gcónaí ar dhéileáil le bagairtí agus coireanna atá ag teacht chun cinn i gcónaí a imríonn tionchar ar shaoránaigh na hÉireann a úsáideann straitéis nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na cibearshlándála agus na cibearchoireachta.




## Cibearshlándáil

Tagraíonn cibearshlándáil go minic do chosaint agus gníomhartha a úsáidtear chun an cibearfhearann a chosaint, sna réimsí sibhialtacha agus míleata araon, ó bhagairtí chun díobháil a dhéanamh do líonraí idirspleácha agus do bhonneagar faisnéise. Tá an chibearshlándáil meáite ar infhaighteacht agus iomláine na líonraí agus an bhonneagair agus rúndacht na faisnéise a chuimsítear iontu.[31]

Sainmhínítear go soiléir i gCibearstraitéis an Gharda Síochána ár ról sa Chibearfhearann amhail leanúint ón riachtanas chun slándáil an Stáit a chosaint faoi alt 7 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Forbraíodh Cibearstraitéis an Gharda Síochána chun bonneagar faisnéise criticiúla na heagraíochta a chosaint ó chibearionsaí agus déileáil leis an mbagairt shíormhéadaitheach a chruthaíonn ionsá ar líonraí Rialtais.

Ar a shon sin, lena chinntiú gur féidir le hÉirinn í féin a chosaint ó chibearionsaí ó Stáit bhradacha agus gnéithe aonair coiriúla, teastaíonn cur chuige iomlánaíoch uile-rialtais.

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an DCENR) an phríomh-Roinn Rialtais sa limistéar seo. Bhunaigh sí an Lárionad Náisiúnta Cibhearshlándála (an NCSC), Foireann Freagartha ar Theagmhas Slándála Ríomhaire an Rialtais (CSIRT-IE), agus d'fhorbair sí Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála d'Éirinn.

Leag an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála an bhéim ar an dá phríomhlimistéar lena mbaineann cistiú agus pearsanra maidir le cur i bhfeidhm na straitéise agus chun rath a bhaint amach i gcur chuige ar fud an Stáit i leith cibearshlándála. Beidh ról substainteach le comhlíonadh ag an nGarda Síochána i gcur i bhfeidhm oibríochtúil na straitéise seo.

Soláthróidh an Garda Síochána plean iomlánaíoch agus comhcheangailte oibríochta ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2015-2017 chun déileáil le gach foirm de chibearionsaí.

Rachaidh an plean seo i ngleic le riachtanais bheartacha agus oibríochtúla na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála.

Aithníonn ár gCibearstraitéis an gá atá le comhpháirtíochtaí a chruthú le gach páirtí leasmhar chun teagmhais chibearshlándála a chosc agus freagairt orthu.

[31] Comhchumarsáid le Parlaimint na hEorpa (2013) *Straitéis Cibearshlándála an Aontais Eorpaigh: Cibearspás Oscailte, Sábháilte agus Slán.*

Déanfaimid an méid a leanas:

- Straitéis shoiléir agus chomhtháite a fhorbairt i dtaobh cibearchúrsaí leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (an DCENR), an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (an NCSC) ina measc.
- Forbróimid próiseas straitéiseach cumarsáide le páirtithe na hearnála príobháidí d'fhonn iontráil i gcomhaontuithe lena chinntiú gur féidir leis an nGarda Síochána cosc a chur ar theagmhais chibearshlándála agus freagairt orthu.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hinstitiúidí tríú leibhéal chun an saineolas atá ar fáil a ghiaráil i dtaighde agus i bhforbairt, ina measc infheistíocht fhéideartha in oideachas agus oiliúint leanúnach (e.g. le Lárionad UCD um Imscrúdú ar Chibearchoireacht). Áireofar leis seo anailís ar riachtanais oiliúna agus earcaíocht fhéideartha a dhéanamh ar shaineolas speisialtóra in eolaíocht ríomhaireachta agus i bhfaisnéisíocht, i.e. céimithe tríú leibhéal a bhfuil na tacair riachtanacha scileanna acu sa limistéar seo.

Bunóidh an Garda Síochána Deasc nua Náisiúnta Chibearshlándála (an NCSD) atá dírithe ar Choireacht agus Slándáil. Déanfaidh sí idirchaidreamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc Aonad Náisiúnta Europol (an ENU), Lár-Bhiúró Náisiúnta Interpol (an NCB), comhpháirtithe póilíní agus eagraíochtaí slándála ar nós Europol (EC3), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (an ENISA), agus Interpol.

Ar a bharr sin, bunófar Lárionad Oibríochtaí Slándála Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta Faisnéise. Is éard atá anseo ná dhá aonad thiomanta ar leith a dhéileálfaidh le neamhrialtachtaí i Líonraí Córais Faisnéise agus a sholáthróidh cibearuirlisí agus uirlisí fóiréinseacha agus bonneagar chun tacú le póilíneacht oibríochtúil agus le gníomhaíochtaí Slándála Stáit.

Bronnfar breis ról ar an Oifig Náisiúnta Bainistíochta Móréigeandála atá lonnaithe ag Ceanncheathrú an Gharda Síochána agus déanfar an lárphointe teagmhála den Oifig a dhéanfaidh an méid a leanas:

- Tabhairt faoi phlé agus idirchaidreamh leis na Ranna ábhartha Rialtais, gníomhaireachtaí náisiúnta, comhlachtaí thar lear agus grúpaí eile a bhaineann le slándáil Bhonneagar Náisiúnta Criticiúil na hÉireann (e.g. iompar, cumarsáid, fuinneamh, uisce, etc)[32] i gcur chuige uile-rialtais i leith bonneagar ríthábhachtach a chosaint i gcoinne cibearionsaí.
- Scrúdú a dhéanamh ar aon saincheisteanna eile a shainaithnítear a bhaineann le cúram freagartha móréigeandála cibearshlándála ag an nGarda Síochána.

## Cibearchoireacht

Tagraíonn cibearchoireacht i gcoitinne do réimse fairsing gníomhaíochtaí coiriúla ina mbíonn baint ag ríomhairí agus córais faisnéise cibé acu mar phríomhuirlis, príomhsprioc nó príomhchumasóir i measc gach saghas coireachta. Cuimsíonn cibearchoireacht an méid a leanas;

- Cionta traidisiúnta a dhéantar le cúnamh ó theicneolaíocht nua (e.g. calaois, brionnú, sciúradh airgid, scaradh, gáinneáil ar dhrugaí, cionta inimirce agus gadaíocht aitheantais), cionta a bhaineann le hábhar (e.g. leithdháileadh ábhar mí-úsáide leanaí nó gríosú i leith fuath ciníoch a leithdháileadh ar líne)
- Cionta a bhaineann le ríomhairí agus córais faisnéise amháin (e.g. ionsaithe i gcoinne córais faisnéise, diúltú seirbhíse agus bogearraí mailíseacha).

> *Aithníonn ár gCibearstraitéis an gá atá le comhpháirtíochtaí a chruthú le gach páirtí leasmhar chun teagmhais chibearshlándála a chosc agus freagairt orthu.*

[32] Is éard atá i mBonneagar Náisiúnta Criticiúil (CNI) na seirbhísí buntábhachtacha ar a mbraitheann an saol laethúil, ar nós leictreachais, uisce, iompair, teileachumarsáide, tráchtála agus sláinte. (An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála 2015-2017).

## Caibidil 8

# Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht

## An tAonad Imscrúdaithe um Choireacht Ríomhaire

Tá an tAonad Imscrúdaithe um Choireacht Ríomhaire (an CCIU) ar an bhfód le breis agus scór blianta ag Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (an GBFI) agus is iomaí rath a bhí air chun coireanna a bhrath, ar nós calaois a bhaineann le ríomhairí, péidifilia ar líne, agus trádáil neamhdhleathach ar an DarkNet. Tá taithí agus saineolas suntasach cruthaithe aige le go leor dá ndaoine, a gcaitear leo ar bhonn seachtrach mar shaineolaithe ina réimsí ar leith.

D'eascair riaráiste cásanna sa CCIU a thuairiscitear go forleathan, áfach, as easpa infheistíochta i dteicneolaíocht agus acmhainní[33].

D'eascair laghdú ar an riaráiste as acmhainní breise agus athrú próisis sa CCIU, ach lena chinntiú go mbíonn ar chumas agus d'acmhainn aige déileáil le méideanna oibre reatha agus amach anseo, déanfar an CCIU a athstruchtúrú. Mar chuid den athstruchtúrú seo, déanfar breis bainistíochta agus foirne a earcú.

Beidh Ceannfort i gceannas ar an CCIU agus ceapfar beirt Bhleachtairí-Chigirí mar chuid de struchtúr nua – duine amháin a bheith i gceannas ar chibearchoireacht, agus duine eile a bheidh freagrach as scrúdú fóiréinseach a dhéanamh ar ríomhairí. Tacóidh líonta breise comhaltaí agus foirne le gach ceann.


Anuas air sin, bunófar aonaid réigiúnacha an CCIU.[34] Bhí aonaid réigiúnacha phíolótacha ag oibriú go rathúil i Ros Mhic Thriúin agus i mBaile an Chollaigh. Soláthróidh aonaid réigiúnacha an CCIU seirbhísí fóiréinseacha ríomhaire go háitiúil faoi mhaoirseacht an CCIU.

Chun breis tacaíochta a thabhairt do na haonaid réigiúnacha, forbróimid agus tabharfaimid isteach cumas chéadfhreagróra agus triáise go náisiúnta. Tacóidh na chéadfhreagróirí seo leis na haonaid réigiúnacha agus déanfaidh siad soláthar do leibhéal srathaithe cumais go náisiúnta agus beidh an CCIU ar an tsraith uachtarach tacaíochta agus cumais.


Sa mhullach air sin, oibreoimid leis an FBI, arb iad na ceannasaithe sa réimse seo, chun dea-chleachtas sa limistéar seo a ghiaráil.

Ar chríochnú an athstruchtúraithe seo, déanfaimid athbhreithniú ar conas a d'éirigh leis.

### Struchtúr Beartaithe Bainistíochta CCIU




### Samhail Bheartaithe Oibriúcháin an CCI




33 Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland*.

34 Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland*.

## Oiliúint

Tá modúl ag an CCIU i gcomhar le Coláiste an Gharda Síochána ar imscrúdú cibearchoireachta atá dírithe ar gach mac léinn an Gharda Síochána. Cuirfear oiliúint ar gach comhalta eile den Gharda Síochána trínár líonra CPD i bhfeasacht ar chibearchoireacht agus ar imscrúdú cibearchoireachta.

Cuirfidh an Garda Síochána lena chaidreamh fadmharthanach leis an Lárionad um Imscrúdú Cibearchoireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath trí alumni an CCIU a thug faoi chúrsaí staidéir ag an Ollscoil sa chibearfhearann.

Forbróimid comhpháirtíochtaí níos oideachasúla le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta ag a bhfuil saineolas i gcibearshlándáil lena chinntiú go bhfuil eolas ceannródaíoch ar fáil ar fud na heagraíochta. Rachaimid sa tóir ar dheiseanna chun breisfhorbairt a dhéanamh ar chaidreamh agus chun saineolas a roinnt.

## Cosc ar Chibearchoireacht

Tá aon duine aonair, gnólacht nó eagraíocht a úsáideann gléas nasctha leochaileach i leith cibearchoireachta. Ar chuma na coireachta as líne, is minic gur féidir le bearta simplí a bheith éifeachtach chun an leochaileacht seo a laghdú.

Trí oibriú i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara na hearnála poiblí agus príobháidí, úsáidfidh an CCIU deiseanna, ar nós chainéil chumarsáide an Gharda Síochána, CrimeCall, agus feachtais um fheasacht phoiblí lena chinntiú go gcuirtear an t-oideachas ar dhaoine maidir le hiad féin a chosaint ón gcibearchoireacht. Déanfaimid breisfhorbairt ar ár ngníomhaíochtaí um chosc ar choireacht sa limistéar seo.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéisí Cibearshlándála agus Cibearchoireachta** | Straitéisí athbhreithnithe Cibearchoireachta agus Cibearshlándála a chur i bhfeidhm, ina measc réigiúnú Aonaid Imscrúdaithe Coireachta Ríomhaire | Feabhas curtha ar shlándáil an bhonneagair chriticiúil. Imscrúdú feabhsaithe a dhéanamh ar chibearchoireacht | **R4 2015** | **R4 2017** |
| **An Deasc Náisiúnta Chibearshlándála** | Deasc Chibearshlándála a bhunú chun idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta forfheidhmithe dlí agus slándála | Feabhas curtha ar shlándáil an bhonneagair chriticiúil | **R1 2016** | **R4 2016** |
| **An Lárionad Oibríochtaí Teileachumarsáide agus Slándála TF** | Lárionad a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar líonraí an chórais faisnéise agus cibearuirlisí agus cibearbhonneagar a sholáthar do ghníomhaíochtaí tacaíochta póilíneachta agus slándála | Feabhas curtha ar chibearshlándáil | **R1 2016** | **R4 2016** |
| **Réigiúnú agus Fairsingiú an CCIU** | Aonaid Réigiúnacha an CCIU a bhunú chun seirbhísí fóiréinseacha ríomhaire a sholáthar go háitiúil | Imscrúdú feabhsaithe a dhéanamh ar chibearchoireacht | **R3 2015** | **R4 2017** |
| **Struchtúr nua le haghaidh an Aonaid Imscrúdaithe Coireacht Ríomhaire** | Struchtúr nua a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcibearchoireacht agus ar leithdháileadh na n-acmhainní cuí chun tacú lena oibriú | Imscrúdú feabhsaithe a dhéanamh ar chibearchoireacht | **R1 2016** | **R4 2017** |
| **Comhoibriú Seachtrach** | Feabhas a chur ar chomhoibriú le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta Stáit agus le comhpháirtithe acadúla agus na hearnála príobháidí chun cibearbhagairtí a chomhrac | Cibearshlándáil fheabhsaithe | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Straitéis Cumarsáide Seachtraí** | Faisnéis a sholáthar don phobal agus do ghnólachtaí faoi conas iad féin a chosaint ó chibearionsaithe | Feasacht fheabhsaithe phoiblí agus tráchtála agus feasacht fheabhsaithe i leith cibearchoireacht slándála | **R3 2015** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 9

# Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú

Beidh rialachas agus ceannaireacht níos treise ar fud na heagraíochta lena chinntiú go léirímid an dea-chleachtas i dtaobh cúrsaí dlíthiúla, eiticiúla agus gairmiúla.

Caibidil 9

# Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú

## Réamhrá

**Tugann Cigireacht an Gharda Síochána faoi deara gur "Téama a thagann aníos arís agus arís eile ar fud thuarascálacha na Cigireachta is ea an bhearna idir forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus an easpa de rialachas éifeachtach, ceannaireacht agus maoirseacht ionsáiteach lena chinntiú go ndéantar aidhmeanna beartais a sholáthar ar deireadh."**[35]

Príomhghné dár gcur chuige i leith ceannaireacht agus rialachas éifeachtach a bheidh in athshainiú a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Tacóimid leis an Údarás Póilíneachta chun Cód Eitice a fhorbairt, agus cód inmheánach iompair a fhorbairt.



## Ceannaireacht

Teastaíonn ceannaireacht ó eagraíochtaí inniu atá níos rannpháirtí, níos oscailte chun tabhairt faoi dhíospóireacht agus easaontú folláin, nach bhfuil chomh drogallach céanna roimh rioscaí a ghlacadh, agus atá níos cóirithe chun tabhairt faoi fhoghlaim agus foghlaim ó earráidí a rinneadh roimhe seo.

Is rí-fhíor seo, go háirithe laistigh de sheirbhísí pobalbhunaithe, áit a mbaineann ríthábhacht le haiseolas úsáideora deiridh, chun an fhís eagraíochtúil a choimeád, athbheochan, athfhoirmliú agus chun athsmaoineamh a dhéanamh uirthi, amanna.

Sainaithneoimid na scileanna agus an cumas a theastaíonn chun ár roil cheannaireachta a chomhlíonadh agus chun an deis a sholáthar dár ndaoine chun na scileanna agus an cumas sin a fhorbairt. Riachtanas leanúnach a bheidh i bhforbairt a dhéanamh ar agus in oiliúint a chur ar cheannairí reatha agus amach anseo an Gharda Síochána (féach Caibidil 10: Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh).

Cuireadh tús le clár meantóireachta agus cóitseála ar gach leibhéal, earcaithe ina measc agus, i ngeall air sin, is féidir lenár gcomhaltaí foghlaim ó eispéiris daoine eile laistigh den eagraíocht ar conas a ndualgais a chomhlíonadh i leith ardchaighdeáin.

Leanfaimid lenár ndaoine a fhorbairt. Cinnteoidh ár gcomhoibriú fadmharthanach le ceannairí sa saol acadúil agus sa tionscal go soláthrófar cláir shaincheaptha chun scileanna agus cumas ábhartha a sholáthar a fhad le leibhéal iarchéime, agus an leibhéal sin san áireamh. Rinneamar na cláir seo a oscailt agus síneoimid iad chun eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach a áireamh. Déanfaidh seo ár bpeirspictíocht agus ár gcumas ceannaireachta a fhairsingiú.

Soláthróimid deiseanna dár ndaoine chun a scileanna agus a n-eolas a fhairsingiú chun a ngairmeacha a fhorbairt trí aistrithe laistigh den eagraíocht agus malartuithe le seirbhísí eile póilíní.

Ní mór go ndéanfaidh iompar ceannaireachta ár gcroíluachanna a chothú: Ionracas, Freagracht, Meas agus Gairmiúlacht. Déanfaimid breis forbartha ar ár luachanna mar chuid dár straitéis nua chorparáideach chun ionbhá a áireamh.

Aistreofar freagracht agus freagrúlacht ar fud na heagraíochta lena chur ar chumas ceannaireacht chomhoibritheach, cinnteoireacht níos éifeachtaí agus freagrúlacht do riachtanais áitiúla. Chun seo a bhaint amach, chuireamar tús le hathdhearadh ról agus chumas na Réigiún, na Ranna agus na gCeantar. Ní mór ceannaireacht a sholáthar ar gach leibhéal den eagraíocht – a bhfuil ról na bainistíochta maoirseachta ina phríomhghné de.

[35] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland*.

## Maoirseacht

De réir Chigireacht an Gharda Síochána, "I dtéarmaí póilíneachta oibríochtúla, is ionann maoirseacht agus an gníomh ina ndéantar maoirsiú ar an bhfoireann a idirghníomhaíonn go díreach agus go minic lena gcustaiméirí."[36]

Baineann ríthábhacht le lucht bainistíocht maoirseachta ar a bhfuil an oiliúint cheart agus ag a bhfuil na hacmhainní dóthanacha chun an leibhéal maoirseachta a sholáthar a theastaíonn chun príomhspriocanna eagraíochtúla a bhaint amach agus chun seirbhís éifeachtach a sholáthar don phobal. Leanfaimid le deiseanna forbartha a sholáthar do gach comhalta agus foireann mhaoirseachta atá saincheaptha i leith a riachtanas. Oibreoimid, chomh maith leis sin, le ranna rialtais agus leis an Údarás Póilíneachta chun acmhainní dóthanacha a sholáthar.

Cinnteoimid go soláthraíonn próiseas ár gCreata Freagracht Feidhmíochta (PAF) cur chuige struchtúrach i leith rannpháirtíocht chomhoibritheach ar gach leibhéal idir an bhainistíocht shinsearach agus a ndaoine a sholáthraíonn deiseanna chun saincheisteanna a thabhairt chun solais agus moltaí a dhéanamh faoi conas príomhchuspóirí agus príomhspriocanna a bhaint amach.

## Rialachas

Baineann gné lárnach le seirbhísí ghairmiúil póilíneachta agus slándála ag a bhfuil cleachtais agus struchtúir rialachais le daonlathas éifeachtach a choimeád. Déanann creat éifeachtach rialachais róil agus freagrachtaí a shainiú, luach a chur leis, feabhas a chur ar cháil, agus dearbhuithe agus muinín a sholáthar as an eagraíocht. Baineann cáil chorparáideach tairbhe shubstainteach ó thrédhearcacht agus freagracht mhéadaithe a sholáthraítear trí struchtúir rialachais agus bhainistíochta riosca atá daingean agus infheicthe go soiléir.

De réir Chigireacht an Gharda Síochána, "...tá Coimisinéir an Gharda Síochána agus foireann bhainistíochta sinsearaí an Gharda Síochána freagrach as córais dea-rialachais a chur i bhfeidhm a thacaíonn leis na spriocanna agus an fhís chorparáideach."[37]

Tá struchtúr rialachais chorparáidigh á chruthú againn a léiríonn dea-chleachtas go dlíthiúil, go heiticiúil agus go gairmiúil. Ní mór go n-éascódh rialachas don Gharda Síochána ár bpríomhchuspóir; seirbhís ardchaighdeáin agus éifeachtach póilíneachta agus slándála náisiúnta a sholáthar. Rinneadh na socruithe rialachais don Gharda Síochána a athshainiú le déanaí tar éis gur tugadh isteach an tÚdarás Póilíneachta (féach Caibidil 11: Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú).

Beimid trédhearcach inár gcuid gníomhartha, oscailte, agus freagrach go follasach. Forbróimid creat soiléir le haghaidh rialachais agus cinnteoireachta sa Gharda Síochána. Buntacóidh sainiú soiléir feidhmeanna, ról agus freagrachta le pleananna straitéise, agus le húdarás a chur i bhfeidhm. Beidh cinnteoireacht agus an bealach a bhainfear cinntí amach trédhearcach agus dian; agus tacóidh faisnéis agus comhairle ar chaighdeán maith leo.

Mar chuid dár dtiomantas do Phlean Athnuachana na Státseirbhíse 2014, ghlac an Garda Síochána leis an gCaighdeán um Rialachas Corparáideach don Státseirbhís a foilsíodh le déanaí.

Thugamar boird rialachais i bhfeidhm a léiríonn moltaí Chigireacht an Gharda Síochána. Cuirfidh na boird seo rialachas chun cinn ar fud na heagraíochta agus cinnteoidh siad maoirseacht, freagracht agus comhlíonadh. Anuas ar thorthaí comhlachtaí maoirseachta eile, cuirfidh torthaí Ghnóthaí Inmheánacha an Gharda Síochána, Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána agus an Aonaid um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána faisnéis ar fáil do na boird seo d'fhonn comhsheasmhacht a sholáthar chun seirbhís ghairmiúil agus eiticiúil póilíneachta a sholáthar. Déanfaimid suíomh na n-aonad seo a athailíniú chun meicníochtaí rialachais agus freagrachta a chuíchóiriú laistigh den eagraíocht.

Cuirfidh obair ár gCoiste Iniúchóireachta neamhspleách breis feabhais ar an obair seo.

> ***"Leanfaimid le deiseanna forbartha a sholáthar do gach comhalta agus foireann mhaoirseachta atá saincheaptha i leith a riachtanas."***

[36] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*
[37] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

Caibidil 9

# Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú

## Forbairt Beartais

Teastaíonn cur chuige stuama, trédhearcach agus comhordaithe i leith forbairt, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú beartais ó dhea-rialachas.

I measc na ndúshlán rialachais i limistéar an bheartais ar gá dul i ngleic go práinneach leo, tá an easpa de struchtúr caighdeánaithe agus láraithe chun bainistíocht a dhéanamh ar bheartas; láithreacht an iomarca saghsanna cáipéise a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar bheartas eagraíochtúil; droch-chumarsáid a dhéanamh i leith beartais go hinmheánach agus go seachtrach, agus tacaíocht neamhleor dóibh siúd atá sannta chun beartas a dhréachtú.

Mar thoradh air sin, is baol don eagraíocht beartas a chur i dtoll a chéile ar a ndéantar drochfhorbairt, droch-chumarsáid, droch-chur i bhfeidhm, agus atá neamhéifeachtúil agus/nó neamhéifeachtach.

Tabharfaimid Creat Bainistíochta Beartais isteach a shaineoidh conas a dhéanann an Garda Síochána beartas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú. Cuirfidh sé ar chumas tuiscint níos fearr a bheith ar, agus rochtain níos fearr a fháil ar bheartas ar fud na heagraíochta, a threiseoidh rialachas ar gach leibhéal.

Beidh rochtain i bhfad níos fearr ag muintir an phobail ar thromlach ár gcáipéisí beartais.

## Bainistíocht Riosca

Tá cur chuige comhtháite agus iomlanaíoch i leith bainistíocht riosca ar cheann de na bunchlocha a bhaineann le rialachas éifeachtach corparáideach a bhaint amach. Cabhraíonn sé le tosaíochtaí a bheartú agus cuspóirí a leagan amach, chun anailís a dhéanamh ar éiginnteacht laistigh de shocruithe déanta cinntí, chun freagracht a shoiléiriú, agus lena léiriú conas is fearr a fhreastalaítear ar leas an phobail. Ní mór go bhfuil ar chumas an Gharda Síochána chun freagairt go héifeachtach agus go cuí ar rioscaí suntasacha a bhagraíonn dár gcuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla.

Tá próiseas foirmiúil bainistíochta riosca á oibriú ag an nGarda Síochána ó 2008 i leith. Bhí an próiseas seo éifeachtach chun normalú na bainistíochta riosca a thosú laistigh den Gharda Síochána agus chuir sé ar chumas na heagraíochta chun cinntí feasacha a dhéanamh chun rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú.

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le roinnt blianta anuas in éiteas eagraíochtúil bainistíochta riosca a fhorbairt, is gá dúinn riosca a bhunú níos mó i gcultúr ár n-eagraíochta agus aibíocht ár gcur chuige bainistíochta riosca a fhorbairt.



In 2015, chríochnaíomar athbhreithniú cuimsitheach ar ár gcur chuige bainistíochta riosca agus d'fhorbraíomar 'Cur Chuige Athbhreithnithe i leith Bainistíocht Riosca'. Cinnteoidh seo go leanann ár bpróisis bhainistíochta riosca a bheith daingean agus go léiríonn siad dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Comhlíonfaidh sé beartais an Rialtais agus cinnteoidh sé go ndéantar bainistiú ar rioscaí corparáideacha agus áitiúla a imríonn tionchar ar bhaint amach chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta ar aon dul le Ráiteas Straitéise agus pleananna na heagraíochta.

Is é an Leas-Choimisinéir Rialachais agus Straitéise an Príomhoifigeach Riosca anois don Gharda Síochána. Tá siad freagrach as riosca corparáideach a shainaithint, bainistíocht riosca a chur chun cinn, agus an Coimisinéir agus an tÚdarás Póilíneachta a chur ar an eolas ar éifeachtacht na bainistíochta riosca.

Bunófar Oifig thiomanta Bainistíochta Riosca chun tacaíocht lánaimseartha a sholáthar don Phríomhoifigeach Riosca, an Bord um Rialú Riosca agus Beartais, Úinéirí Riosca Chorparáidigh agus gach páirtí leasmhar a mbíonn baint acu i mbainistíocht riosca.

Tá bainistíocht fhoirmiúil riosca á tabhairt isteach ar leibhéil éagsúla san eagraíocht ionas gur féidir rioscaí a thabhairt chun solais agus a chur faoi bhráid an Phríomhoifigigh Rioscaí. Mar shampla, ceapfar Curaidh Rioscaí ar leibhéal Ard-Cheannfoirt i ngach Réigiún. Tacóidh siad le cur i bhfeidhm an phróisis bhainistíochta riosca laistigh dá Réigiún.

Déanfar ár mbeartais, nósanna imeachta caighdeánacha agus ár ráiteas rioscaí inghlactha a nuashonrú, agus cuirfimid réiteach TF Bainistíochta Rioscaí i bhfeidhm chun tacú lenár bpróisis bhainistíochta riosca amach anseo.

Oibreoidh an 'Cur Chuige i leith Bainistíocht Riosca' i gcomhoibriú leis an Aonad um Chaighdeáin Ghairmiúla an Gharda Síochána agus le Rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Gharda Síochána.

## Struchtúr

Ceann de ghnéithe sainiúla an Gharda Síochána ná an ról uathúil atá aige ag cur seirbhís póilíneachta agus slándála ar fáil. Cruthaíonn seo go leor buntáistí a leantar a ghiaráil le cosaint ár bpobal, sábháilteacht phobail agus slándáil ár stáit a chinntiú. Idirdhealaíonn sé seo ár n-eagraíocht ó go leor seirbhísí póilíneachta eile sa mhéid is go ndéileálaimid le gach gné de phóilíneacht agus shlándáil.

Cinntíonn ár láithreacht thíreolaíoch go mbíonn teagmháil dhlúth eadrainn le pobail ar fud na tíre. Ní mór seo a choimeád.

Thug Cigireacht an Gharda Síochána an méid a leanas faoi deara "…nuair a chuirtear na freagrachtaí faoin Acht (Acht an Gharda Síochána) san áireamh, is tábhachtach go mbíonn struchtúir agus córais éifeachtacha i bhfeidhm lena chur ar chumas an Choimisinéara chun na róil a chomhlíonadh nach mór do shealbhóir an phoist cuntas a thabhairt orthu thar ceann na heagraíochta…'[38].

Mhol Cigireacht an Gharda Síochána cairt leasaithe eagraíochtúil, chomh maith, chun maoirseacht agus cur i bhfeidhm spriocanna eagraíochtúla a éascú.[39]

Nuair a chuirtear cineál na seirbhíse a sholáthraímid, agus an comhthéacs tíreolaíochta agus cultúrtha ina n-oibrímid san áireamh, is deacair a mhacasamhail de sheirbhís póilíneachta a shainaithint. Tá súil caite againn ar chláir nua-chóirithe i seirbhísí póilíneachta eile agus i gcomhlachtaí poiblí agus príobháideacha, agus tá rudaí tábhachtacha foghlamtha againn uathu, ar nós an ghá atá le hathdhearadh agus athstruchtúrú eagraíochtúil.

Ar cheann de na príomhcheachtanna a d'fhoghlaimíomar ó na heagraíochtaí seo, agus ónár n-eispéiris féin agus ceantair agus ranna á gcónascadh, ná a chinntiú nach gcuireann na mórathruithe siúd as don chaidreamh dlúth a mbainimid sult as leis an bpobal.

Bhí ar roinnt de na heagraíochtaí a thug isteach cláir chriticiúla athstruchtúraithe na hathruithe a iompú ina dhiaidh sin mar gheall ar an laghdú a bhí tagtha ar an tseirbhís póilíneachta a bhí á soláthar agus an tionchar diúltach a d'imir na hathruithe seo ar mhuinín an phobail.

Táimid feasach, chomh maith, go bhféadfadh nach mbeadh an Garda Síochána in ann cur chuige "ollphléisce" an athstruchtúraithe a ghlacadh agus an bhainistíocht a laghdú ó thaobh líon daoine. Ina ionad sin, creidimid gurb í an chéad chéim chun ár struchtúr eagraíochtúil a athdhearadh agus measúnú a dhéanamh ar thionchar an athraithe seo sula ndéanfar cinneadh ar na líonta cuí pearsanra a theastaíonn i Ranna agus i gCeantair.

Agus ár struchtúr eagraíochtúil á athdhearadh, is é an príomhriachtanas ná chun an cumas agus na hacmhainní a chinntiú ar gach leibhéal chun leanúint le seirbhís fhreagrúil, lúfar agus sholúbtha póilíneachta a sholáthar ag a bhfuil na leibhéil chuí de cheannaireacht, rialachas agus cuntasacht éifeachtach.

Cruthóimid struchtúr, chomh maith, ar féidir leis tabhairt faoi dhúshláin reatha, amach anseo agus iad siúd atá ag teacht chun cinn. Go háirithe, na dúshláin a chruthaíonn coireacht thromchúiseach agus eagraithe, sceimhlitheoireacht intíre agus idirnáisiúnta, cibearchoireacht agus coireacht eacnamaíoch, agus seirbhís éifeachtach póilíneachta pobail a sholáthar do phobail áitiúla. Gné bhunúsach dár bhfealsúnacht is ea an iontaoibh agus tacaíocht an phobail a choimeád.

Tabharfaimid struchtúr isteach ní hamháin a chuimsíonn prionsabail an rialachais chorparáidigh, ach a sholáthraíonn seirbhís éifeachtach póilíneachta agus slándála do na pobail ar a bhfreastalaímid.

Tá sé ríthábhachtach go leanann Oifigigh Réigiúnacha, Roinne agus Cheantair le baint a bheith acu leis an gceantar áitiúil agus na pobail áitiúla. Cabhrófar leis seo trí fhoireann tacaíochta shibhialtach agus struchtúir bhreise a sholáthar dóibh sna limistéir a leanas: acmhainní daonna, Airgeadas agus cumas tacaíochta speisialtóra ar leibhéal Réigiúnach agus Roinne.

Beidh Coimisinéirí Cúnta Réigiúnacha freagrach as gach gné de phóilíneacht agus de shlándáil ina gceantar freagrachta, ina measc cúrsaí oibríochtúla, airgeadas, riarachán agus feidhmíocht. Cuirfidh aistriú na freagrachta agus na cuntasachta go dtí gach Réigiún ar chumas againn cinnteoireacht níos éifeachtaí a dhéanamh. Anuas air sin, beidh siad freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir nua-aoisithe agus cuirfidh siad limistéar beartais ar leith chun cinn.


Forbraíodh struchtúr nua eagraíochtaí, faoi mar a leagtar amach thíos, a chuirfidh ar chumas an Gharda Síochána chun seirbhís chuntasach póilíneachta a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais agus toimhdí sochaí nua-aimseartha.


[38] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*
[39] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

## Caibidil 9

# Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú

**An Garda Síochána Struchtúr Rialachais agus Eagraíochtúil**




Coiste Comhairleach Straitéiseach Seachtrach
An Coiste Chomhairligh Sheachtraigh Trasfhoirmithe
PRÍOMH-OIFIGEACH RIARACHÁIN
LEAS-CHOIMISINÉIR RIALACHAIS AGUS STRAITÉISE
Teicneolaíocht Faisnéise
Airgeadas agus Infheistíocht
Riosca agus Beartas
Trasfhoirmiú
Stiúr. Feidhm. Airgeadais agus Seirbhísí
Stiúr. Feidhm. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Stiúr. Feidhm. Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine
POL Sláinte agus Folláine Cheirde
CC Rialachas agus Cuntasacht
Stiúr. Feidhm. Bainistíocht Straitéise agus Athraithe
CC nó Stiúr. Feidhm. an Dlí agus Comhlíonadh
CC Feidhm. Seirbhísí Tacaíochta agus Corparáideacha
Airgeadas
Bainistíocht Eastáit
Bainistíocht Flít
Soláthar
Bainistíocht Sonraí
Teicneolaíocht Faisnéise
Teileachumarsáid
Bainistíocht Acmhainní Daonna
Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
Caidreamh Fostaithe
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú
Sláinte agus Sábháilteacht
Sláinte Cheirde
Cúnamh Fostaithe
Caighdeáin Ghairmiúla
Gnóthaí Inmheánacha
Bainistíocht Riosca
Iniúchóireacht Inmheánach
Soláthar Trasfhoirmithe Straitéisigh
Pleanáil Straitéiseach
Feidhmíocht Eagraíochta
Seirbhísí Dlí
Forbairt, Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht Beartais
Cearta Daonna
Cumarsáid agus na Meáin
Bainistíocht Páirtithe Leasmhara
Bainistíocht Faisnéise (Cáilíocht Sonraí, an GISC, Grinnfhios-rúchán, an FCPO)

Caibidil 9

# Eagraíocht atá i mbun Athrú a Stiúradh agus a Rialú

## Struchtúr Nua Eagraíochtúil

Déanfar ról agus feidhmeanna Cheanncheathrú an Gharda Síochána a athstruchtúrú chun maoirseacht agus rialachas méadaithe a sholáthar, agus forbrófar breis freagrachta agus cuntasachta sna sé réigiún i gcomhthráth. Déanfar monatóireacht i gCeanncheathrú an Gharda Síochána ar oibríochtaí póilíneachta, agus déanfar breithniú ar fheidhmíocht agus rialachas ar fud na heagraíochta.

Déanfaidh rannóg Seirbhísí Corparáideacha an próiseas riaracháin idir an Cheanncheathrú agus na Réigiúin a chuíchóiriú.

Déanfaimid ról agus feidhm gach roinne a athstruchtúrú agus Foirne Bainistíochta Roinne á gcruthú, a chorpróidh díriú níos mó ar rannpháirtíocht sa phobal agus ar shábháilteacht phoiblí ar leibhéal ceantair, agus ról an imscrúdaithe coireachta, na póilíneachta bóithre, na feidhmíochta agus na gcaighdeán á chuíchóiriú. Cuirfidh seo ar chumas gach Roinne chun rialachas agus maoirseacht níos mó a dhéanamh agus chun an méid ama a chaitear i mbun páipéarachais a laghdú. Beidh Ceannfoirt in ann díriú níos mó ar phóilíneacht áitiúil agus fhreagrúil a sholáthar, ag díriú ar a ról ceannaireachta laistigh den Cheantar chun caighdeáin agus cáilíocht na n-oibríochtaí a choimeád.

Mar chuid dár phleanáil lucht saothair, sainaithneoimid róil agus feidhm ar féidir le gairmithe leis an oiliúint cheart tabhairt fúthu. Oibreoimid le ranna eile rialtais lena chinntiú go leanann a mhéid Gardaí agus is féidir ag tabhairt faoi dhualgais oibríochtúla. Níl de rún againn ach sibhialtaigh a chur in ionad Gardaí. Is mian linn an t-ualach riaracháin agus maorlathach atá ar ár ndaoine go léir a laghdú trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht, digitiú níos mó agus uathoibriú breise. Déanfar eagraíocht níos cuíchóirithe agus níos éifeachtúla dínn.

In 2007, tugadh cuntas i dtuarascáil an Ghrúpa Chomhairligh um Bainistíocht agus Forbairt Ceannaireachta an Gharda Síochána ar an tábhacht a bhaineann lenár róil, údaráis agus caidreamh a shonrú go soiléir. Lena chois sin, luadh gur cheart tarmligean anuas tríd an eagraíocht bheith ar chomhionann le cuntasaíocht aníos, gur cheart go ndéanfaí feidhmíocht a thomhas agus a bhreithmheas ar gach leibhéal, agus gur cheart socruithe cearta a dhéanamh le haghaidh oiliúna agus forbairt foirne chun iad a ullmhú dá róil nua nó athraithe.

I gcaitheamh an dara céim de Thionscnamh Struchtúir agus Dearaidh na hEagraíochta, déanfar struchtúr, próisis agus nósanna imeachta na heagraíochta a athbhreithniú, agus déanfar aon athruithe a theastaíonn, lena chinntiú go bhfuil ar chumas na heagraíochta oibriú go héifeachtach amach anseo ar aon dul leis an bhfís agus an straitéis fhoriomlán.

A luaithe a chríochnófar é, gníomhóidh Struchtúr agus Dearadh na hEagraíochta mar phointe ríthábhachtach tagartha do cheannaireacht an Gharda Síochána. Déanfar é a ghiaráil chun faisnéis agus tacaíocht a sholáthar do phríomhchinntí cláir, a chinntíonn go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag gach tionscnamh ar aon dul le fís agus treo foriomlán straitéiseach na heagraíochta.

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Cuirfidh rialachas agus ceannaireacht níos treise ar fud na heagraíochta feabhas ar cháilíocht agus ar chomhsheasmhacht ár seirbhíse. Léireoidh sé trédhearcacht agus cuntasacht.



*Eascróidh forbairt eagraíochta as timpeallacht chuimsitheach oibre a léiríonn luach ar agus a spreagann foghlaim agus forbairt.*

Eascróidh forbairt eagraíochta as timpeallacht chuimsitheach oibre a léiríonn luach ar agus a spreagann foghlaim agus forbairt.

Cuirfidh seirbhís nua-aimseartha, ghairmiúil agus éifeachtach muinín mhéadaithe phoiblí chun cinn.

Déanfar cinnteoireacht níos éifeachtaí agus níos áitiúla dá bharr, ag a bhfuil línte níos soiléire cuntasachta, rialachais agus maoirseachta ar fud na heagraíochta agus beidh an tsoiléireacht ar aon dul leis an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás Póilíneachta.

> *Déanfar ról agus feidhmeanna Cheanncheathrú an Gharda Síochána a athstruchtúrú chun maoirseacht agus rialachas méadaithe a sholáthar, agus dílárófar breis freagrachta agus cuntasachta go dtí na sé réigiún i gcomhthráth.*

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Deiridh |
|---|---|---|---|---|
| **Struchtúr agus Dearadh Eagraíochtúil** | Athruithe a chur i bhfeidhm ar struchtúr agus rialachas na heagraíochta agus cuntas soiléir á thabhairt ar róil agus freagrachtaí | Rialachas tréan ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Tá ar chumas na heagraíochta freastal ar éilimh reatha agus amach anseo. Níos mó freagrachta aistrithe chuig réigiúin chun póilíneacht a sholáthar bunaithe ar riachtanais áitiúla. Leithdháileadh róil, freagrachta agus acmhainní a shainaithint go soiléir | **R2 2016** | **R4 2017** |
| **Bainistíocht Riosca** | Próiseas feabhsaithe chun rioscaí eagraíochtúla a shainaithint, a rialú agus a bhainistiú | Cinnteoireacht níos soiléire agus níos tapúla maidir le rioscaí<br><br>Riosca laghdaithe i leith na heagraíochta | **R4 2015** | **R4 2016** |
| **Foghlaim agus Forbairt** | Cláir forbartha meantóireachta, cóitseála agus ceannaireachta le tabhairt isteach | Seirbhís níos fearr a sholáthar don phobal ó chomhaltaí agus ó fhoireann ardoilte agus an-spreagtha | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Barr Feabhais a chur ar an bPróiseas Riaracháin** | Laghdóidh próisis nua an páipéarachas agus cuirfidh seo méadú faoi éifeachtúlacht agus cruthóidh sé breis ama chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí póilíneachta | Seirbhís fheabhsaithe don phobal | **R4 2015** | **R4 2018** |
| **An Oifig um Thrasfhoirmiú Straitéiseach** | Mol lárnach acmhainní oilte a bhunú agus a choimeád chun soláthar an chláir nua-aoisithe a bhainistiú | Scéim nua-aoisithe agus Athnuachana an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm go rathúil agus go héifeachtach | **R2 2015** | **Ar bun** |
| **Iniúchadh agus Creat Beartais** | Creat beartais athbhreithnithe a chur i bhfeidhm agus iniúchadh beartais a chur i gcrích | Lucht saothair eolasach, feasach agus gairmiúil | **R1 2016** | **R4 2016** |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | Próisis riaracháin na Ceanncheathrún a chuíchóiriú | Cumarsáid fheabhsaithe agus cleachtais oibre riaracháin chuíchóirithe | **R3 2015** | **R2 2017** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.


GARDA

## Caibidil 10

# Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh

Cuirfimid na huirlisí, an treoir agus an tacaíocht cheart, an oiliúint agus an fhorbairt chuí agus an cheannaireacht ar fáil dár ndaoine chun a bpoist a dhéanamh go héifeachtach.

Caibidil 10


# Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh

## Réamhrá

**Tá nach mór 16,000 de chomhaltaí, foireann agus cúltaca tiomanta de chuid an Gharda Síochána againn. Bainfidh ríthábhacht lena dtiomantas agus a ndúthracht chun seirbhís póilíní den chéad scoth a dhéanamh den Gharda Síochána.**

Léiríonn ár suirbhé ar an bhfoireann inmheánach go bhfuiltear sásta tabhairt faoi na hathruithe a theastaíonn, ach teastaíonn na huirlisí, na tacaíochtaí agus an oiliúint ónár ndaoine lena chur ar a gcumas a bpáirt a chomhlíonadh chun seo a bhaint amach.

Chuir an ghéarchéim fhioscach a rabhamar thíos léi le déanaí olldúshlán roimh an nGarda Síochána. Ní raibh de rogha againn ach freagairt uirthi trínár gcaiteachas agus ár leibhéil soláthair foirne a laghdú, agus i gcomhthráth, seirbhís póilíneachta agus slándála a chothú i dtimpeallacht a bhí ag éirí ní ba chasta agus ní b'éilithí de shíor. Ábhar mórtais é gur thug ár ndaoine faoin dúshlán.




In 2014, tugadh chun solais i dTuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána[40] conas a laghdaigh ciorrú buiséid ár gcumas chun fostaithe a chur faoi oiliúint agus forbairt.

Tá dul i ngleic le riachtanais oiliúna agus forbartha ar cheann de phríomh-bhunchlocha an chláir nua-aoisithe. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta againn san eagraíocht chun an réimse fairsing seirbhísí a mbítear ag súil leis a sholáthar go héifeachtach.

Cuirfimid na huirlisí, an treoir agus an tacaíocht, an oiliúint agus an fhorbairt chuí, agus an cheannaireacht ar fáil dár ndaoine lena chur ar a gcumas acu a bpoist a dhéanamh. Tá de chuspóir an Gharda Síochána bheith mar fhostóir maighnéid a léiríonn ár bpobail éagsúla agus a mheallann an tallann is fearr ón réimse is leithne daoine.

Beidh ár struchtúir eagraíochtúla, ár gcinnteoireacht agus ár mbealaí oibre geall leo siúd a bhíonn ag seirbhís nua-aimseartha, éifeachtach agus chuntasach póilíneachta.

Cruthaíonn póilíneacht agus slándáil riosca don bheatha. Aithnímid na héilimh shuntasacha fhisiciúla agus mheabhracha a bhíonn ar ár nGardaí i ngeall ar chastacht agus inathraitheacht na hoibre agus an baol bunúsach a bhaineann le seirbhís póilíneachta agus slándála a sholáthar. Soláthróimid tacaíochtaí chun sláinte agus folláine ár gcomhaltaí a chur chun cinn.

## Straitéis Acmhainní Daonna

Bronnfaidh ár Straitéis Acmhainní Daonna na tacaíochtaí ar na comhaltaí, an fhoireann agus an cúltaca a theastaíonn uathu chun cabhrú leo a ngairmeacha gairmiúla a fhorbairt agus sársheirbhís a sholáthar don phobal.

Tá chúig phríomh-chomhábhar sa Straitéis Acmhainní Daonna – seirbhís Acmhainní Daonna níos éifeachtúla; Pleanáil fheabhsaithe an Lucht Saothair; feidhmíocht eagraíochtúil agus fostaithe a threisiú; foghlaim agus forbairt, agus méadracht fheabhsaithe acmhainní daonna.

I ngeall ar Shamhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna a thabhairt isteach, soláthrófar tacaíocht agus seirbhísí gairmiúla acmhainní daonna, ar nós rochtain fíor-ama ar fhaisnéis ar bhealaí nua.

Cuirfidh ár gcóras nua Bainistíochta Acmhainní Daonna ar chumas chomhaltaí an Gharda Síochána chun feidhmeanna féinseirbhíse a úsáid chun roinnt riachtanais acmhainní daonna a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, beidh rochtain ag foireann acmhainní daonna ar chórais nua-aimseartha, éifeachtacha bhainistíochta acmhainní daonna atá ceangailte le, agus comhtháite le, córais reatha. Cuirfear córas nua TF i bhfeidhm go gairid amach anseo a thacaíonn le himlonnú agus le sceidealú na foirne.

Cinnteoidh Pleanáil an Lucht Saothair go bhfuil an méid ceart daoine againn a bhfuil na scileanna cearta acu

[40] Cigireacht an Gharda Síochána (2014) *Crime Investigation*.

sna háiteanna cearta. Áireofar leis seo leithdháileadh acmhainní, úsáid scileanna, bunachar sonraí scileanna, earcaíocht agus bainistíocht tallainne, aistrithe, arduithe céime, luaineacht daoine agus pleanáil comharbais.

## Oiliúint agus Forbairt

"Baineann ríthábhacht le hoiliúint éifeachtach agus le forbairt ghairmiúil i dtaobh aon seirbhís nua-aimseartha póilíní. Go stairiúil, chaith seirbhísí póilíneachta acmhainní substainteacha chun oiliúint a earcú, ach bhí an earnáil phríobháideach i bhfad chun cinn orthu i dtaobh forbairt ghairmiúil fhadtéarmach pearsanra."

*Cigireacht an Gharda Síochána ina tuarascáil ar thodhchaí na póilíneachta in Éirinn ón mbliain 2007*[41]

Is mian linn na daoine is fearr a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád agus a chinntiú go mbíonn deiseanna soiléire forbartha gairme acu. Chun seo a bhaint amach, méadóimid ár n-infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt i measc gach aicme agus gráid agus soláthróimid deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta, gluaiseacht chliathánach agus deiseanna ardaithe céime.

Sainaithneoimid an tacar scileanna a theastaíonn le haghaidh gach róil san eagraíocht d'fhonn bearnaí oiliúna agus forbartha a shainaithint. Ansin tabharfaimid na scileanna dár ndaoine chun seirbhís ghairmiúil a sholáthar agus cuirfimid ar a gcumas acu déileáil le treochtaí atá ag teacht chun cinn. Meascán de mhodhanna traidisiúnta ina mbeidh foghlaim theicneolaíochtchumasaithe a bheidh i gceist leis an modheolaíocht soláthair.

Chuireamar cáilíocht ar fáil le déanaí i Staidéar ar an Státseirbhís agus Gníomhaireachtaí Stáit don fhoireann shibhialtach. Tá ár n-earcaithe nua ag tabhairt faoi Bhaitsiléir Ealaíon i bPóilíneacht Fheidhmeach. Tá roinnt dár mbainisteoirí, idir meán-bhainisteoirí agus bainisteoirí sinsearacha, ag tabhairt faoi Bhaitsiléir Eolaíochta i gCeanaireacht agus Rialachas Póilíní, agus chun an leanúntas foghlama a chur i gcrích, tabharfaimid clár feidhmiúcháin isteach arís eile dár bhfoireann cheannaireachta sinsearaí.

Ní mór go mbeidh forbairt ghairmiúil ina tairiseach laistigh den tseirbhís ag féachaint d'fhoghlaim agus forbairt atá dírithe ar ról a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach go gcoimeádtar comhaltaí agus an fhoireann cothrom le dáta ar bheartais agus athruithe ábhartha a dhéantar ar an dlí. Soláthrófar an oiliúint seo trí mheascán d'fhoghlaim atá bunaithe i seomra ranga agus ar líne. Bainfidh ríthábhacht leis an oiliúint seo, chomh maith, i dtaobh an ratha a bheidh ar an gclár nuachóirithe agus soláthrófar í ar thionscnaimh nua sula gcuirfear i bhfeidhm iad.

Tugtar tús áite do cheannairí reatha agus amach anseo an Gharda Síochána a shainaithint, a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu. Cuireadh tús le clár meantóireachta agus cóitseála ar gach leibhéal, mic léinn ina measc, d'fhonn gur féidir lenár gcomhaltaí foghlaim ó eispéiris daoine eile laistigh den eagraíocht ar conas a ndualgais a chomhlíonadh i leith ardchaighdeáin. Mar shampla, soláthraíonn meantóirí oilte tacaíocht forbartha le haghaidh Ceannfort, Ard-Cheannfort agus Imscrúdaitheoirí Sinsearacha ar tugadh ardú céime dóibh le déanaí.

Soláthróimid deiseanna dár ndaoine chun a scileanna agus a n-eolas a fhairsingiú chun a ngairmeacha a fhorbairt trí aistrithe laistigh den eagraíocht agus malartuithe le seirbhísí eile póilíní.



"
*Méadóimid ár n-infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt i measc na gcéimeanna go léir.*
"

41 Cigireacht an Gharda Síochána (2007) *Policing in Ireland: Looking Forward*.

Caibidil 10

# Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh

## Cúltaca an Gharda Síochána

Leanfaidh an Garda Síochána ag cur le cúltaca an Gharda Síochána agus é a fhairsingiú mar aitheantas ar an tacaíocht ríthábhachtach agus luachmhar a sholáthraíonn na comhaltaí deonacha seo don Gharda Síochána.

Caitheann breis agus 900 comhalta cúltaca a n-am féin saor chun cabhrú linn agus le pobail. Bronnadh cumhachtaí breise orthu i lár 2015 agus coimeádfar síneadh breis cumhachtaí faoi athbhreithniú seasmhach. Faoi mar a mhol Cigireacht an Gharda Síochána[42], bronnfar na cumhachtaí ar an gcúltaca chun cur níos mó a chur leis an tseirbhís agus ar bhealaí nua.

Chomh maith leis sin, scrúdóimid bealaí nua inar féidir an leas is éifeachtaí san eagraíocht a bhaint as cúltaca an Gharda Síochána, a bhfuil réimse leathan scileanna agus saineolais acu i limistéir ar nós na teicneolaíochta, an airgeadais, agus na hoiliúna.



## Aiseolas Cuiditheach a Sholáthar

Comhlíonfaidh an PALF, an Creat Feidhmíochta agus Foghlama don Gharda Síochána, príomhról i bhfeabhas a chur ar shásamh poist, feidhmíocht eagraíochtúil, agus an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána don phobal.

Cuireann an PALF ar chumas bainisteoirí chun measúnacht fhoirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhfoirne, spriocanna a leagan amach dóibh, aiseolas a sholáthar dóibh, agus scrúdú a dhéanamh ar cén scileanna is gá dóibh a fhorbairt.

Déanfaidh an PALF an méid a leanas:

- Tiomantas na heagraíochta a atreisiú i dtaobh fhorbairt na foirne trí chomhaltaí a éascú chun tabhairt faoi spriocanna agus spriocanna a bhaint amach, aiseolas a fháil, plé a dhéanamh ar fheidmíocht agus riachtanais forbartha, agus na deiseanna cuí forbartha a sholáthar
- Cur chuige aonair agus foireannbhunaithe a ghiniúint chun tacú le pleananna póilíneachta ceantair, roinne, réigiúnacha agus eagraíochtúla
- Cur chuige saincheaptha a sholáthar chun riachtanais agus dúshláin shonracha an Gharda Síochána a chomhlíonadh
- Tuiscint shoiléir a chur ar fáil ar leibhéil scileanna agus inniúlachta ar fud na seirbhíse
- Díriú a bhronnadh ar mhonatóireacht, oiliúint, chóitseáil agus tacaíocht fhoireann an Gharda Síochána
- Ailíniú a dhéanamh le próisis eagraíochtúla eile, ina measc earcaíocht, oiliúint agus forbairt gairme

I ndiaidh triail phíolótach a mhair 12 mhí a bhaint as an PALF[43], tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ina raibh grúpaí fócais, ceistneoir, anailís ar shaincheisteanna agus cruinnithe. D'fhorbair measúnóir neamhspleách tuarascáil ar an athbhreithniú píolótach.[44]

Tabharfaimid creatlach bhainistíochta feidhmíochta isteach chun treoir, aiseolas agus tacaíocht forbartha a sholáthar do chomhaltaí.

---

[42] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland*

[43] Tugadh faoi chlár píolótach an PALF i gCeantar Thrá Lí, Ceantar Dhomhnach Broc agus ag Biúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise idir Eanáir 2012 agus Eanáir 2013. Bhí 381 rannpháirtí bainteach.

[44] Tuarascáil ar an gCreat Feidhmíochta, Cuntasaíochta agus Foghlama (P.A.L.F.). Tionscadal Píolótach don Gharda Síochána – an Dr Gerard McMahon, Léachtóir agus Sainchomhairleoir, 2013

## Ár nDaoine a Bhainistiú le Cúram agus Meas

Is gá go mbraitheann na comhaltaí agus an fhoireann go léirítear luach orthu – ní hamháin i measc an phobail i gcoitinne, ach i measc comhghleacaithe, maoirseoirí agus bainisteoirí san ionad oibre. Déanfar Beartais um Dhínit san Ionad Oibre le haghaidh chomhaltaí an Gharda Síochána agus na foirne sibhialtach a chomhtháthú isteach i mbeartas amháin..

Thugamar roinnt tionscnamh um chothromaíocht saoil is oibre isteach – socruithe solúbtha oibre a sháraíonn teidlíocht reachtúil, ar nós scéimeanna um bliain oibre níos giorra agus roinnt oibre. Comhlíonfaimid ár ndualgais mhorálta agus dhlíthiúla chun aon idirdhealú san ionad oibre a dhíbirt. Cuirfimid timpeallacht dhearfach, chomhionann, éagsúil, chuimsitheach, chothrom agus chóir oibre chun cinn. Seasfaimid le agus cosnóimid cearta daonna do chách.

Leantar ag caitheamh ar fud an domhain le póilíneacht, mar ghairm, mar cheann de na gairmeacha is baolaí agus is strusmhara. Leagfar béim athnuaite ar fholláine shíceolaíoch agus fhisiciúil ár gcomhaltaí agus ár bhfoirne.

Forbrófar straitéis um shláinte agus folláine ghairme faoi threoir agus stiúir an Phríomhoifigigh Leighis. I gcomhar leis an Roinn Sláinte, cuirfimid aclaíocht agus spóirt fhisiciúla chun cinn d'fhonn eagraíocht níos sláintiúla, níos aclaí a dhéanamh den Gharda Síochána. Cinnteoimid go gcuirtear an tacaíocht eagraíochtúil is fearr chun déileáil le saincheisteanna sláinte gairme dár gcomhaltaí agus dár bhfoireann thorrach, bhreoite, ghortaithe nó éagumsaithe.

Tacaíonn Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe an Gharda Síochána le comhaltaí chun deacrachtaí pearsanta agus a bhaineann leis an obair a bhainistiú agus a réiteach. Beidh an tseirbhís atreoraithe rúnda agus tacaíochta gairmiúla seo ar fáil do chomhaltaí atá ag fónamh agus d'iar-chomhaltaí an Gharda Síochána, dá neasteaghlaigh, mic léinn agus do chomhaltaí seirbhísí seachtracha póilíní atá ar scor agus dá dteaghlaigh a chónaíonn sa Stát.

In 2016, bunófar Seirbhís Neamhspleách 24-7 Comhairleoireachta do gach comhalta den Gharda Síochána, an cúltaca agus an fhoireann ina measc. Is éard a áireofar leis an gcomhairleoireacht seirbhís gutháin agus atreoraithe a cheadóidh sé sheisiún comhairleoireachta duine ar dhuine le haghaidh gach duine. Soláthróidh an tseirbhís comhairleoireacht ar réimse fairsing oibre agus saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí pearsanta, ina measc ach gan a bheith teoranta dóibh, saincheisteanna teagmhais chriticiúil, tráma, airgeadais, caidrimh, andúile, méala, struis, coimhlinte, agus sláinte.

Ina theannta sin, cuirfimid lenár líonra Tacadóirí Piaraí, ina bhfuil 847 comhalta faoi láthair. Comhghleacaithe an Gharda Síochána iad Tacadóirí Piaraí ar cuireadh oiliúint orthu chun cabhrú le comhaltaí i ndiaidh teagmhas trámach san ionad oibre.

> *Leantar ag caitheamh ar fud an domhain le póilíneacht, mar ghairm, mar cheann de na gairmeacha is baolaí agus is strusmhara.*

## Rannpháirtíocht an lucht saothair a spreagadh

Bíonn smaointe iontacha ag ár ndaoine i dtaobh conas is féidir linn feabhsú. Soláthraíonn cruinnithe rialta faisnéise aonaid deiseanna do gach comhalta agus an fhoireann go léir den Gharda Síochána chun saincheisteanna a thabhairt chun solais agus chun smaointe a thabhairt chun cinn.

Anuas ar chumarsáid agus teagmháil áitiúil duine ar dhuine leis an mbainistíocht áitiúil, tá fóraim chumarsáide agus chomhairliúcháin á bhforbairt againn faoi láthair chun rannpháirtíocht níos mó a sholáthar d'fhostaithe i dtodhchaí na heagraíochta. Bunóimid creat rannpháirtíochta fostaithe, chomh maith, chun oibriú go comhoibritheach le gach grúpa ionadaíoch foirne.

Cinnteoidh ár Straitéis nua Cumarsáide Inmheánaí gurb eol dár ndaoine cad atá ag tarlú san eagraíocht agus cén fáth a bhfuil sé ag tarlú. Bainfidh tábhacht ar leith leis seo fad a chuirimid an iomaí tionscnamh nua-chóirithe i bhfeidhm. Oibreoimid níos déine chun an obair iontach a rinne fostaithe a chur chun cinn (féach Caibidil 13: Cumarsáid).

### Príomh-shaincheisteanna a thug comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána chun solais i suirbhé inmheánach:

- Íseal-leibhéil mheanma
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige póilíneachta pobail a choimeád
- An gá atá le hoiliúint leanúnach
- Trédhearcacht sa phróiseas ardaithe céime
- Fáil ar acmhainní agus ar shrianta buiséid
- Idirghníomhú níos mó i measc bainisteoirí sinsearacha leis na daoine a n-oibríonn siad leo ar gach leibhéal

Caibidil 10

# Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh

## Na Daoine is Fearr a Mhealladh agus a Choimeád

Tá an Garda Síochána meáite ar an tallann is fearr agus is féidir a earcú agus a choimeád ó réimse leathan cúlraí chun todhchaí na póilíneachta a thabhairt go dtí lár an 21ú hAois.

Thaispeáin an iomaíocht le déanaí chun 600 Garda a earcú gur fostóir maighnéid atá sa Gharda Síochána – chuir breis agus 16,500 duine iarratas isteach ar na poist.

Anuas ar an bhfeachtas earcaíochta a dhíriú ar fhir agus mná ar fud na hÉireann agus Dhiaspóra na hÉireann, rinneamar iarracht shuntasach chun daoine a mhealladh ó phobail mhionlaigh agus ó ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht dóibh lena chinntiú go léirítear san eagraíocht comhdhéanamh athraitheach shochaí na hÉireann. Soláthraíonn lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach an cumas chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár bpobal agus chun freastal níos fearr air.

Mar chuid den iarracht chun daoine a earcú, sa mhullach ar an bhfeachtas meán, agus na hiarrachtaí follasacha a rinneamar chun teagmháil a dhéanamh le pobail ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, cuireadh físeáin i dtoll a chéile chun éagsúlacht an Gharda Síochána a thabhairt chun solais mar iarracht chun achainí a dhéanamh ar dhaoine ó chúlraí éagsúla chun machnamh a dhéanamh ar ghairm bheatha mar Gharda. Ar bhonn carnach, amharcadh ar na físeáin ar líne breis agus 20,000 uair.

Trí gach earnáil den phobal a aimsiú, roinnt grúpaí ar deacair teagmháil a dhéanamh leo ina measc, lorgaíomar chun na hiarrthóirí b'éirimiúla agus b'fhearr a mhealladh.

Lena chois sin, tugadh isteach sraith ar leith earcaíochta le haghaidh comhaltaí de chuid chúltaca an Gharda Síochána a bhí ag fónamh a chomhlíonann gach critéir eile incháilitheachta. Léiríonn an beart dearfach earcaíochta seo an t-ardluach a chuirimid ar an rannchuidiú suntasach a rinne ár nGardaí cúltaca cheana féin.

D'fhonn ár ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceadaíodh do chainteoirí líofa Gaeilge – a chomhlíonann gach critéar incháilitheachta eile – chun iarratas a dhéanamh ar Shruth speisialaithe Gaeilge.

Déanfaidh gach duine a théann leis an nGarda Síochána amach anseo staidéar ar Bhaitsiléir Ealaíon (BA) i bPóilíneacht Fheidhmeach. Tá an cúrsa seo, a sholáthraítear i gcomhar le hOllscoil Luimnigh, dírithe ar fhoghlaim fhadhb-bhunaithe ag a bhfuil díriú tréan ar ionbhá. Ansin, ar fhágáil Choláiste an Gharda Síochána dóibh mar phromhóirí cuirfear oiliúint inphoist i stáisiúin orthu, foghlaimeoidh siad bunaithe ar thaithí phearsanta ó Ghardaí taithíocha agus eolacha faoi phraiticiúlacht na póilíneachta laethúla.



Déanfaimid ár réimse tallainne i measc na bainistíochta sinsearaí a leathnú trí ghairmithe dinimiciúla ardchumasacha shinsearacha a earcú chun tabhairt faoi raon príomhfheidhmeanna tacaíochta chun oibriú ar bhonn comhtháite agus bríomhar leis an bhfoireann uachtarach bhainistíochta.

Sa mhullach air sin, cuirfimid leis an réimse fairsing scileanna atá i measc ár ngairmithe sibhialtach in anailísíocht sonraí, straitéis agus príomhlimistéir eile.

Lorgóimid chun ár ndaoine is fearr a choimeád trí oiliúint ardchaighdeáin, conairí soiléire forbartha gairme agus an deis a sholáthar dóibh chun scileanna nua a ghnóthú trí oibriú i rannóga speisialaithe.

Aithnítear fostaithe a dhéanann mórdhifear don eagraíocht trí chlár foirmiúil aitheanta fostaithe. Cuirfear seo i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na tíre agus cuimseoidh sé ár ndaoine go léir.

## Acmhainní agus Bonneagar

Teastaíonn na hacmhainní ónár ndaoine chun a bpoist a dhéanamh go héifeachtach agus go gairmiúil.

Soláthrófar tacaíocht bhreise dár ndaoine trí 550 Garda nua a thabhairt isteach san eagraíocht agus 600 Garda breise eile atá le teacht an bhliain seo chugainn. Déanfaidh níos mó foirne sibhialtach a thabhairt isteach amhlaidh chomh maith.

Cinnteoimid go ndéantar na háiseanna atá ar fáil dár ndaoine a nuachóiriú chun tacú lena riachtanais.

Mar chuid de chiste Bonneagair an Rialtais, tá 30 stáisiún le huasghrádú, agus tógfar ceanncheathrú nua Réigiúnach agus Roinne le haghaidh na Gaillimhe, Loch Garman agus Shráid Chaoimhín sna blianta amach romhainn. Cabhróidh an clár infheistíochta chun coinníollacha cuí oibre a sholáthar d'fhostaithe.

D'iontráil feithiclí nua flít an Gharda Síochána le bliain anuas agus cuireadh €46m ar leataobh chun infheistíocht bhreise a dhéanamh i gcaitheamh na gcúig bliana amach romhainn. Lorgóimid chun infheistíocht a dhéanamh i mbreis feithiclí faoi mar a shainaithnítear in athbhreithniú atá ar bun faoi láthair ar riachtanais iompair do na chéad chúig bliana amach romhainn.

Laghdóidh ár n-infheistíocht in TFC an t-ualach páipéarachais a chuirfidh ar chumas ár ndaoine oibriú níos éifeachtúla. Cabhróidh sé leo chun tabhairt faoi imscrúduithe go pras, go héifeachtach agus go comhsheasmhach ar an gcaighdeán is airde. Beidh rochtain acu ar fhaisnéis ríthábhachtach fad a bheidh siad ag gluaiseacht thart ionas gur féidir leo breis ama a chaitheamh sa phobal agus freagairt go pras ar chásanna atá ag teacht chun cinn (féach Caibidil 12: Teicneolaíocht).

## Lucht Saothair Éagsúil

Leagfaidh Straitéis nua Éagsúlachta agus Cuimsithe na heagraíochta béim thréan ar thimpeallacht oibre a chruthú atá oscailte, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach.

Ní mór dár lucht saothair éagsúlacht na sochaí a léiriú níos fearr. Is fada an bealach atá curtha dínn i dtréimhse sách gearr ama. Tá go leor comhaltaí dár gcúltaca de bhunadh pobail mhionlaigh, ach teastaíonn i bhfad níos mó a dhéanamh sa limistéar seo.

Leanfaimid ag glacadh le héagsúlacht chun an tsochaí shíorathraitheach ar a bhfreastalaímid a léiriú.

Bunófar líonraí éagsúlachta i limistéir ar nós Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinscneacha (LADT), inscne, agus eitneachta lena chur ar chumas comhaltaí agus foirne ag a bhfuil eispéiris agus peirspictíochtaí i gcoiteann iad a roinnt. Foinse thábhachtach aiseolais a bheidh sna líonraí éagsúlachta maidir le héifeachtacht na mbeartas chun comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn san ionad oibre.

## Córais shábháilte oibre a chinntiú

Tá an Garda Síochána tiomanta don riosca a íoslaghdú i leith sláinte agus sábháilteacht fostaithe, mhic léinn an Gharda Síochána, comhaltaí de chuid chúltaca an Gharda Síochána agus an phobail a ndéanann a ngníomhaíochtaí difear dóibh. Díríonn ár mbeartas Sláinte agus Sábháilteachta ar fheidhmíocht sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú trí gach reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh agus córais a shíorfheabhsú.

Oibríonn an Rannóg Sláinte agus Sábháilteachta in Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine go dlúth leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, le sábháilteacht agus folláine ár gcomhaltaí agus ár bhfoirne a chinntiú, anuas ar na custaiméirí agus na hoibrithe conartha a ndearnamar teagmháil leo.

Forbróidh an Garda Síochána patrúin seala chun cur le riachtanais phóilíneachta an phobail agus leis an éagsúlacht seirbhísí póilíneachta a sholáthraímid. Soláthróidh ár gcórais nua sonraí cothrom le dáta a threoróidh ár riachtanais phleanála agus ár leibhéil imlonnaithe ag príomhthráthanna agus i bpríomhláithreacha.

Ar aon dul le Treoir an AE maidir le hAm Oibre agus i gcomhpháirtíocht leis na comhlachais foirne, forbraíodh uainchlár nua chun freastal níos fearr ar riachtanais na heagraíochta agus tacú le teaghlaigh i gcomhthráth. Ina theannta sin, cruthóidh an t-uainchlár nua solúbthacht níos mó chun imscrúdú a dhéanamh ar choireacht agus ar obair sainrannóg.

Tá cáilíocht agus caighdeán trealaimh aonfhoirmigh ina saincheist atá tagtha aníos arís agus arís eile. Sa ghearrthéarma, oibreoimid le grúpaí ionadaíoch lena chinntiú go scrúdaítear agus go mbreithnítear an cheist seo.

### Is é ár nGealltanas ár dTiomantas

- Chun na daoine is fearr ó gach ceann dár bpobail fhairsinge a earcú agus a choimeád
- Ár ndaoine a ionduchtú, a chur faoi oiliúint, agus na scileanna a thabhairt dóibh ar an mbealach ceart
- Ár nDaoine a bhainistiú le cúram agus meas
- Gairmeacha a fhorbairt trí chóras beoga bainistíochta tallainne
- Seirbhísí sláinte cheirde agus folláine a sholáthar
- Cultúr a chruthú a spreagann rannpháirtíocht fostaithe
- Córais shábháilte oibre a chinntiú
- Ár mbeartais acmhainní daonna a shimpliú, a chuíchóiriú agus a phromhadh i leith comhionannais agus cearta daonna
- Teicneolaíocht a úsáid chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ár n-acmhainní

Caibidil 10

# Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh



## Simpliú agus promhadh um chearta daonna a dhéanamh ar ár mbeartais acmhainní daonna

Tá an Garda Síochána tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht, uileghabhálacht agus cearta daonna a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile.

Tugadh isteach sraith nua dualgais dhlíthiúla a leagfar ar chomhlachtaí na hearnála poiblí ar achtú Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus Comhionannas, 2014, ina gceanglaitear ar chomhlacht poiblí – ar nós chás an Gharda Síochána – i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le

A. Idirdhealú a dhíbirt,

B. Comhionannas deiseanna agus caitheamh lena fhoireann agus leis na daoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus

C. Cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

Tá uirlis chuimsitheach phromhaidh Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san Ionad Oibre á forbairt faoi láthair againn lena chinntiú nach ndéanfaidh beartais agus cleachtais ach an reachtaíocht a chomhlíonadh, ach go bhfeidhmeoidh siad, chomh maith leis sin, mar shárshampla de dhea-chleachtas idirnáisiúnta inár n-iarrachtaí chun éagsúlacht agus comhionannas a chur chun cinn, agus cearta daonna a chosaint.

> *Tá an Garda Síochána tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht, uileghabhálacht agus cearta daonna a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile.*

> *Beidh na scileanna agus na hacmhainní cearta ag fostaithe sa Gharda Síochána chun tabhairt faoina bpoist go héifeachtach agus go gairmiúil agus chun comhlíonadh a bhaint amach sa tseirbhís.*

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Beidh na scileanna agus na hacmhainní cearta ag fostaithe sa Gharda Síochána chun tabhairt faoina bpoist go héifeachtach agus go gairmiúil agus chun comhlíonadh a bhaint amach sa tseirbhís.

Cruthóidh laghdú ar pháipéarachas níos mó ama chun póilíneacht a dhéanamh sa phobal agus chun oibriú níos éifeachtúla.

Cuirfidh rochtain ar theicneolaíocht agus faisnéis fheabhsaithe feabhas ar a gcumas chun coireanna a imscrúdú.

Beidh tacaíochtaí leasa ar fáil don fhoireann go léir.

Déanfar a taithí agus eolas fairsing ár bhfoirne a shaothrú chun cabhrú le feabhas a chur ar an eagraíocht agus ar sholáthar seirbhíse.

Braithfidh an fhoireann go léirítear luach orthu agus go dtacaítear leo, agus beidh cultúr ann ina n-aithnítear an phóilíneacht mar ghairm, a mbeidh soláthar seirbhíse níos fearr don phobal mar thoradh deiridh air.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéis Acmhainní Daonna** | Straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a sholáthróidh na tacaíochtaí do na comhaltaí, don fhoireann agus don chúltaca a theastaíonn uathu chun cabhrú leo a ngairmeacha a fhorbairt | Seirbhís fheabhsaithe a sholáthar don phobal ó lucht saothair ardoilte agus an-spreagtha | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Córas Comhtháite Bainistíochta Acmhainní Daonna** | Feidhmeanna féinseirbhíse AD a sholáthar do chomhaltaí an Gharda Síochána ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi acmhainní atá ar fáil don fhoireann AD | Úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní agus iad a imlonnú níos éifeachtúla | **R3 2016** | **R1 2019** |
| **Pleanáil an Lucht Saothair** | Córas leithdháilte acmhainní, bunachar sonraí ar líne agus uirlisí pleanála comharbais a thabhairt isteach | An líon ceart daoine ag a bhfuil na scileanna cearta sna háiteanna cearta | **R3 2016** | **R2 2019** |
| **Foghlaim agus Forbairt** | Straitéis Oiliúna agus Forbartha a Fhorbairt chun forbairt ghairmiúil leanúnach, meantóireacht agus cóitseáil a sholáthar chun tacú le forbairt scileanna gach comhalta agus na foirne uile | Seirbhís fheabhsaithe a sholáthar don phobal | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **An Clár Cúnaimh d' Fhostaithe** | Clár athnuaite Cúnaimh d'Fhostaithe a thabhairt isteach lena n-áireofar comhairleoireacht 24/7 fostaithe | Seirbhís chúnaimh d'fhostaithe atá níos inrochtana agus níos tacúla | **R4 2015** | **R4 2016** |
| **Bainistíocht Feidhmíochta** | Creat bainistíochta feidhmíochta a thabhairt isteach chun treo, aiseolas agus tacaíocht forbartha a sholáthar do chomhaltaí | Eagraíocht a thacaíonn le forbairt agus foghlaim na foirne uile | **R3 2016** | **R4 2018** |
| **Cúltaca an Gharda Síochána a fhairsingiú** | Ról chomhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána a fhairsingiú | Seirbhís fheabhsaithe don phobal. | **R2 2015** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 11

# Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú

**Oibreoimid níos dlúithe lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun pobail a chosaint agus tacú leo.**

Caibidil 11

# Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú

## Réamhrá

**Ní féidir leis an nGarda Síochána fadhbanna na coireachta, na heagla agus na sábháilteachta poiblí a mbíonn an tsochaí thíos leo a réiteach leo féin. Níl aon bhealach eile lena réiteach go hiomlán ach trí chomhoibriú tiomanta, gníomhach idir an Stát, comhlachtaí neamh-Stáit, agus an pobal.**



Oibrímid gach lá i gcomhpháirtíocht le réimse comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cabhraíonn na comhpháirtíochtaí sin chun coireacht a chosc agus a bhrath, ár dtír agus a muintir a chosaint, an t-ualach ar ár n-acmhainní a laghdú, agus lena chois sin is féidir lenár ndaoine a lán a fhoghlaim uathu.

Soláthraíonn siad buntáistí ríthábhachtacha don tsochaí mar chosaint leanaí, iompar frithshóisialta a laghdú, dul i ngleic le sceimhlitheoireacht, agus cur isteach ar choireacht eagraithe. Cuid lárnach iad sin den obair a dhéanaimid. In ainneoin cuntas teiste an Gharda Síochána maidir le comhoibriú le daoine ní i gcónaí a ghlacamar le comhairle ná le cáineadh ónár gcomhpháirtithe ná ó dhaoine lasmuigh.[45] Chuaigh sé sin chun aimhleasa na heagraíochta agus na ndaoine a mbímid ag freastal orthu.

Beidh fonn níos mó ar an nGarda Síochána glacadh le cabhair agus le saineolas seachtrach, agus bainfidh siad an leas is mó agus is féidir as chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil don phobal.

Beidh comhpháirtíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon againn. Beidh siad bunaithe ar éisteacht, ar fhoghlaim agus ar ghníomhú go freagrach.

## Ag oibriú leis an bPobal

Bhí na naisc láidre a bhí againn leis an bpobal ríthábhachtach maidir lena gcoinneáil shlán.

De réir na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (ESCE)[46], ní mór do chomhpháirtíochtaí póilíneachta éifeachtach a bheith:

- Infheicthe agus inrochtana ag an bpobal
- Eolas a bheith ag an bpobal fúthu
- Ag éisteacht le hábhair imní an phobail
- Ag freagairt do riachtanais an phobail
- A chinntiú go mbíonn an pobal rannpháirteach leo agus go spreagann siad chun gnímh iad.
- A bheith cuntasach as a gcuid gníomhaíochtaí agus as a dtorthaí.

Trí dhíriú athuair ar phóilíneacht phobail beidh níos mó gardaí sna comharsanachtaí áitiúla trí Fhoirne Póilíneachta Pobail tiomnaithe a chur ar fáil (féach Caibidil 3: Rannpháirtíocht sa Phobal). Aithneoidh gach Foireann Phóilíneachta Pobail na príomh-shaincheisteanna atá le réiteach ina gceantar agus oibreoidh siad le pobail áitiúla faoi conas is fearr dul i ngleic leo. Lena chois sin, bunófar Fóram Sábháilteachta Pobail i ngach Ceantar de chuid an Gharda Síochána. Oibreoidh Gardaí áitiúla le grúpaí pobail, le grúpaí deonacha agus le gníomhaireachtaí áitiúla le teacht ar bhealaí comhchoiteanna chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cáilíocht bheatha.

Leathnóimid na tionscnaimh um choiriúlacht a chosc mar Fholáirimh Théacs (féach ar an bpainéal) a oibrímid le grúpaí pobail.

[45] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*
[46] ESCE, *Good Practice in Building Police-Public Partnerships*, 2008.

## Comhpháirtíochtaí le Comhpháirtithe Reachtúla agus Earnála Poiblí

Oibreoidh an Garda Síochána i gcomhar le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta eile chun dul i ngleic le saincheisteanna maidir le sábháilteacht an phobail agus cáilíocht bheatha trí:

- Prótacail éifeachtacha idirghníomhaireachta a bheith againn a inseoidh go soiléir do dhaoine cad is féidir leo bheith ag súil leo ónár gcuid seirbhísí comhpháirteacha
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí agus saineolas ar fáil – nuair is féidir – 24 uair in aghaidh an lae, 365 lá sa bhliain
- Caidreamh le gníomhaireachtaí eile idir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chothú, chun go mbeidh freagraí prasa againn ar riachtanais nua.

Tá ról tábhachtach ag Comhchoistí Póilíneachta san obair sin. Comhlachtaí comhairleacha áitiúla iad na Comhchoistí sin ar a bhfuil comhaltaí den Oireachtas, de na húdaráis áitiúla ábhartha agus Gardaí. Déanann siad athbhreithniú ar na tosca is bun le coireacht i gceantair áitiúla agus conas is féidir dul i ngleic leo ar bhealach comhcheangailte a d'fhéadfadh eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí deonacha a bheith páirteach ann.

Tá ar gach Comhchoiste straitéisí bhliantúla agus ilbhliantúla a fhorbairt agus tuairisc a sholáthar faoina gcur i bhfeidhm agus neartóidh sé sin an caidreamh oibre idir na Comhchoistí agus bainistíocht áitiúil an Gharda, agus méadóidh sé cuntasacht áitiúil. Oibreoimid i gcomhar le Comhchoistí Póilíneachta chun bealaí straitéiseacha agus oirbheartaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le coireacht i réimsí ar leith.

Bímid ag obair in éineacht le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile Stáit gach lá, ar nós comhpháirtíochtaí idir na Gardaí agus gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta chun roinnt de na daoine is leochailí sa phobal a chosaint.

Oibrímid le TUSLA, le heagraíochtaí comhpháirtíochta stáit, deonacha agus pobail, agus le leanaí agus le daoine óga le go mbeidh saol níos sábháilte acu agus le cuidiú leo cur go dearfach lena bpobail agus leis an tsochaí.

Leanfaimid orainn ag iniúchadh bealaí chun comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le gníomhaireachtaí Stáit chun seirbhísí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil le chéile.

Mar shampla, iasachtú chomhaltaí an Gharda Síochána a rinneadh le déanaí leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Fiosróimid iarratais chun an tionscnamh seo a fhairsingiú chuig limistéir eile den tseirbhís phoiblí, áit ar féidir lenár saineolas tairbhí a chruthú don dá pháirtí.

## Comhpháirtithe Ceartais Choiriúil

Oibríonn an Garda Síochána i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh chun dul i ngleic le coireacht agus chun rátaí athchiontaithe a laghdú.

Sampla de seo is ea an Chomhfhreagairt Ghníomhaireachta ar Choireacht (an JARC), ina n-oibríonn an Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh le chéile chun athchiontóirí a athstiúradh ón gcoireacht. Ós rud é go ndéanann 25% de na coirpigh 75% de na coireanna maoine bainistíonn JARC ciontóirí ilghníomhacha agus cuireann deiseanna ar fáil dóibh le déileáil lena n-iompar agus é mar aidhm acu sábháilteacht an phobail a chosaint.

D'oibrigh an Garda Síochána i gcomhar lena gcomhpháirtithe um cheartas coiriúil le cúig bliana anuas agus chabhraigh siad chun cur le héifeachtúlacht an chórais um cheartas coiriúil. Mar shampla, oibreoimid níos mó i gcomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna chun daoine a chúiseamh agus a ionchúiseamh níos tapúla.

Fiosróimid bealaí chun an caidreamh seo a fhairsingiú agus a chinntiú go gcomhlíonaimid ról dearfach i gcomhtháthú luath ceann ar cheann a dhéanamh ar thionscnaimh cheartais choiriúil ina n-áirítear an Garda Síochána.

Leanfaimid ag oibriú le comhlachtaí, ar nós Choiste Smyth lena chinntiú go gcomhlíonaimid riachtanais reachtúla agus Bhunreachtúla ar na cearta a bhíonn ag daoine a mbíonn amhras fúthu nuair a thugtar faoi athbhreithniú.

## Comhpháirtithe um Fhorfheidhmiú an Dlí Idirnáisiúnta agus um Shlándáil

D'oibrigh an Garda Síochána lenár gcomhghleacaithe um fhorfheidhmiú an dlí agus le gníomhaireachtaí slándála lena n-áirítear an PSNI, Europol, Interpol agus an FBI agus d'éirigh linn ionsaithe sceimhlitheoireachta a chosc, deireadh a chur le dronga eagraithe coireachta, agus chuamar i ngleic le déileáil idirnáisiúnta drugaí (féach Caibidil 7: Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe).

Sampla de seo ab ea an chomhoibríocht i Meán Fómhair 2014 idir an Garda Síochána, Lucht Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim agus Cabhlach na hÉireann, le cúnamh ó ghníomhaireachtaí sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, agus sa Phortaingéil, chun cócaon arbh fhiú thart ar €358m é a urghabháil amach ó chósta Chorcaí.

Déanfaimid ár gcórais a nuashonrú le tacú le breis tras-chomhoibrithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú dlí chun dul i ngleic le coiriúlacht agus sceimhlitheoireacht (féach Caibidil 7: Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe), agus coireanna mar chibearchoireacht atá ag fás (féach Caibidil 8: Cibearshlándáil agus Cibearchoireacht).

Comhlíonfaimid ról príomha agus réamhghníomhach maidir le dualgais náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus coiriúlacht agus sceimhlitheoireacht de gach saghas a chomhrac.

Comhlíonfaimid ról réamhghníomhach agus cuirfimid le hinstitiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta, ar nós Europol agus Interpol.

Caibidil 11

# Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú

## Comhpháirtithe um Chearta an Duine

Bhí comhpháirtíocht chuiditheach ag an nGarda Síochána lenár gcomhpháirtithe a oibríonn ar son cearta an duine agus saoirsí sibhialta trí obair an Choiste Chomhairligh Straitéisigh um Chearta an Duine (SHRAC). Áirítear ar bhaill an Choiste Amnesty Ireland, an tÚdarás Comhionannais, an Chomhairle um Chearta an Duine, agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine.

Spreag an Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine feasacht faoi chearta an duine go mór i measc bhaill an Gharda Síochána. Tá cearta an duine i gcroílár forbairt beartais agus oiliúna anois. Tá creat beartais láidir um chearta an duine tugtha isteach, agus tá beartais eagrúcháin agus oiliúna na heagraíochta á bhforbairt go leanúnach agus á n-athbhreithniú lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an tseirbhís phóilíneachta na riachtanais maidir le cearta an duine.

Trí leas a bhaint as saineolas ár gcomhpháirtithe sa Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine cinnteofar go mbeidh prionsabail faoi chearta an duine ina ndlúthchuid dár ngníomhaíochtaí ó oiliúint go cur i bhfeidhm oibríochtúil.

Sa chaoi sin cinnteoimid go dtabharfar urraim do chearta an duine i gcás gach duine a mbeimid i dteagmháil leo, cibé an daoine iad atá faoi dhrochamhras, baill de phobail mhionlaigh, nó íospartaigh choireachta.

Tá níos mó i gceist leis seo ná rialacha agus rialacháin a chomhlíonadh mar is bealach é le cabhrú le Gardaí aonair agus leis an eagraíocht ina iomláine cur leis an muinín atá ag an bpobal asainn agus an mhuinín sin a choinneáil buan.[47]

### CÁS-STAIDÉAR: Comhpháirtíocht Phobail chun Coireacht a Chosc

Comhthionscnamh de chuid an Gharda Síochána, Muintir na Tíre, Faire Chomharsanachta agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann is ea Foláireamh Téacs a chuireann ar chumas pobal éagsúil Grúpaí a chur ar bun chun foláirimh a fháil le cur in iúl dóibh faoi ghníomhaíocht amhrasach nó coiriúil ina gceantar féin.

Chomh maith le feasacht a spreagadh i measc úsáideoirí na seirbhíse is minic a spreagann sé iad chun gníomhaíocht amhrasach a thuairisciú do Ghardaí.

Tá os cionn 130,000 ball ag Foláireamh Téacs ar fud níos mó ná 700 pobal. Níos mó ná 5 milliún téacs seolta go dtí seo.

Braitheadh agus gabhadh roinnt daoine de thoradh roinnt Foláireamh Téacs.

## Ag oibriú leis an Lucht Gnó

Tá níos mó agus níos mó comhthionscadal á mbunú i gcomhar leis an bpobal gnó trí chomhpháirtíochtaí díreacha agus trí Fhóraim Phobail níos leithne mar na tionscnaimh um Fhaire Ghnó a bunaíodh in go leor cathracha agus bailte ar fud na hÉireann.

Léiríonn comhshocruithe den sórt sin an dul chun cinn mór atá déanta ón am a dtugtaí comhairle maidir le cosc na coireachta do lucht gnó agus nuair a chuirtí fios ar na Gardaí faoi ghníomhaíocht amhrasach. Ina measc tá:

- Cómhaoiniú a thabhairt, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus na Gardaí, do thabhairt isteach ceamaraí Teilifíse an Chiorcaid Iata (TCI) chun ceantair láir na gcathracha agus na mbailte a dhéanamh níos sábháilte.
- Comhordú ar phleanáil straitéiseach slándála agus teagmhais i gcomhar leis na Gardaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus lucht miondíola.
- Bunú Faire Ríomhghnó le tacú le cumarsáid idir Gardaí agus gnólachtaí.
- Maoiniú acmhainní atá dírithe ar an bpobal, mar shampla rothair, córais iompair Segways agus Veaineanna Pobail do Ghardaí Pobail

Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag forbairt comhpháirtíochtaí nuálaíocha leis an earnáil phríobháideach chun an leas is mó is féidir a bhaint as a gcuid saineolais agus acmhainní chun sábháilteacht phoiblí a mhéadú agus coireacht a laghdú.




[47] Aitheasc a thug an Dr Vicky Conway ag Comhdháil faoi Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine, i mBaile Átha Cliath, 2014.



## Institiúidí Tríú Leibhéal agus Taighde

Bíonn an Garda Síochána i dteagmháil i gcónaí le hinstitiúidí tríú leibhéal ag féachaint an bhféadfar comhpháirtíochtaí a chur ar bun i dtionscadail acadúla agus taighde.

Sampla den chomhpháirtíocht sin í an obair atá déanta ag Aonad Imscrúdaithe Choireachta Ríomhaire an Gharda Síochána agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun clár Céim Mháistreachta a fhorbairt i bhFóiréinsic Ríomhaireachta.

Rinne an Garda Síochána tuilleadh forbartha ar a gcuid theicnící um anailís sonraí ó thaobh geo-shonraí, mapáil thuarthach coireachta agus próifíliú socheacnamaíoch agus cruthaíonn siad sin deiseanna comhpháirtíochta le hOllscoileanna agus le hIonaid Barr Feabhais a gcuid scileanna a ghiaráil sna réimsí seo.

Tá tionscadal comhoibritheach amháin, Airigh Slán, dírithe ar dhaoine atá ag cur fúthu nó ag oibriú i lár chathair Bhaile Átha Cliath nó ar chuairt ann le faisnéis fíor-ama a thabhairt dóibh ó réimse comhlachtaí chun go n-aireoidh siad níos sábháilte. I measc na gcomhpháirtithe sa tionscadal seo, a bhfuil maoiniú AE á lorg dó, tá an Garda Síochána, Motorola, PwC, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Déanfaimid leathnú ár gcuid oibre leis an saol acadúil agus le hinstitiúidí taighde chun leas a bhaint as a gcuid saineolais agus eolais i réimsí éagsúla chun an tseirbhís a chuirimid ar fáil a fheabhsú agus chun deiseanna breise oiliúna a sholáthar dár ndaoine.

## CÁS-STAIDÉAR: Iompar Frithshóisialta a Chomhrac

Clár athstiúrtha is ea an Sraithchomórtas go Déanach san Oíche atá á reáchtáil ag Cumann Peile na hÉireann i gcomhar leis an nGarda Síochána, comhairlí áitiúla agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Spreagann sé daoine óga i mbaol le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt, rud a laghdaíonn iompar frithshóisialta a dhéanann daoine óga i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Cuireadh tús leis an gclár in 2008 i mBaile Átha Cliath mar thionscnamh beag ach bhí a leithéid de rath air gur leathnaíodh amach é ar bhealach orgánach. Sampla is ea é den chaoi ar féidir le comhaltaí den Gharda Síochána sa phobal baint a bheith acu le roinnt de na daoine óga is imeallaithe agus é sin a dhéanamh faoi mar is mian leis na daoine óga féin. Tháinig laghdú níos mó ná 50% ar an méid glaonna a fuarthas faoi iompar frithshóisialta sa dá ionad inar cuireadh tús leis an tionscnamh.

Reachtáladh Sraithchomórtais go Déanach san Oíche i 16 Chontae agus ghlac beagnach 3,000 gasúr agus duine óg páirt iontu go dtí seo.

“ ”

*Cinntíonn an Chomhfhreagairt Ghníomhaireachta ar Choireacht, ina n-oibríonn an Garda Síochána, Seirbhís Príosún na hÉireann agus an tSeirbhís Phromhaidh le chéile chun athchiontóirí a athstiúradh ón gcoireacht.*

Caibidil 11

# Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú

## Comhlachtaí Maoirsithe agus Rialála

Tá an Garda Síochána tiomanta d'oibriú go cuiditheach lenár gcomhlachtaí maoirseachta agus rialála a bhfuil ról tábhachtach acu chun iontaoibh an phobail as póilíneacht a chinntiú agus an tseirbhís a chuirimid ar fáil don phobal a fheabhsú.

### An tÚdarás Póilíneachta

Comhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú an Gharda Síochána is ea an tÚdarás Póilíneachta. Cuireann sé chun cinn iontaoibh agus muinín an phobail as póilíneacht agus cabhraíonn sé chun na seirbhísí póilíneachta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú in Éirinn inniu.

Tá na cuspóirí céanna ag an Údarás Póilíneachta agus an Garda Síochána. Ach ní leor é sin.

Ó bheith ag labhairt le seirbhísí póilíneachta eile agus lena gcuid údarás maoirseachta, d'aithníomar go gcruthaítear timpeallacht atá comhoibritheach agus táirgiúil má bhíonn caidreamh ann a bhfuil iontaoibh, meas agus oscailteacht mar aon le comhthuiscint faoi róil na bpáirtithe go léir mar bhonn taca faoi.

Beidh an Garda Síochána ag obair go dian chun cur leis chaidreamh atá ann cheana féin lena chinntiú go gcruthófar timpeallacht fhrithpháirteach tháirgiúil idir obair an dá eagraíocht. Cinnteoidh ár nOifig um Sheirbhísí Corparáideacha a tugadh isteach le déanaí go ndéileálfar le riachtanais an Údaráis agus comhlachtaí rialála eile go tapa, go hoscailte agus go cruinn.

> *Baineann ríthábhacht le comhlacht neamhspleách, éifeachtach maoirseachta chun muinín an phobail a chinntiú as póilíneacht.*

### Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

Tá comhlacht neamhspleách éifeachtach maoirseachta ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh muinín ag an bpobal as póilíneacht. Tá sé ráite arís is arís eile ag Coimisinéir an Gharda Síochána laistigh agus lasmuigh den eagraíocht go bhfuil ról reachtúil fíorluachmhar ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána maidir le cabhrú linn ár seirbhísí don phobal a fheabhsú.

Cuireann Oifig tiomnaithe laistigh den Gharda Síochána pointe teagmhála ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus cinntíonn sí go gcomhlíonann an Garda Síochána treoracha ón gCoimisiún.

Bhí dea-thoradh ar an tionscnamh seo agus tugann an Garda Síochána freagra anois ar thart faoi 90% de na hiarratais ar fhaisnéis nó ar cháipéisíocht a dhéanann an coimisiún maidir le himscrúdaithe alt 98 agus alt 95 laistigh de na frámaí ama comhaontaithe.[48] Caithfear níos mó oibre a dhéanamh sa réimse seo, ach aithníonn Coimisinéirí an Ombudsman go poiblí go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta faoin scéal.

De réir mar a dhéantar forbairt bhreise ar an gcur chuige comhpháirtíochta seo spreagfaidh sé roinnt na faisnéise go pras eadrainn. Ní sheolfar faisnéis ar aghaidh chuig Coimisiún an Ombudsman toisc gur gá dúinn é sin a dhéanamh ach toisc gurb é sin is mian linn a dhéanamh. Is féidir ceisteanna a aithint agus comhiarrachtaí a dhéanamh chun cleachtais atá faoi bhun an chaighdeáin a laghdú trí oiliúint.

### Cigireacht an Gharda Síochána

Measann an Garda Síochána gur comhpháirtí acu í Cigireacht an Gharda Síochána chun sármhaitheas phóilíneachta a bhaint amach. D'fhoilsigh an Chigireacht roinnt tuarascálacha luachmhara a chabhraigh linn dul i bhfeabhas. Tá sé tar éis moltaí a dhéanamh maidir le hinfheistíocht bhreise i gcórais agus i dteicneolaíocht faoi mar a d'iarr an eagraíocht.

Leanfaimid ar aghaidh ag oibriú go bisiúil agus go comhoibritheach le Cigireacht an Gharda Síochána chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil don phobal. Thugamar aghaidh inár gclár nuachóirithe ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas san aon tuarascáil déag de chuid na Cigireachta.

[48] Figiúirí Oibriúcháin Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Eanáir-Meán Fómhair 2015 www.gardaombudsman.ie

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Is trí chomhoibriú le comhpháirtithe i réimsí éagsúla a dhéanfar coireacht a laghdú, sábháilteacht an phobail a mhéadú, agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta a fheabhsú.

Bíonn torthaí níos fearr ann nuair a roinntear smaointe agus acmhainní.

Cabhraíonn comhpháirtíochtaí leis an nGarda Síochána chun coireacht a chosc agus dul i ngleic léi agus an méid acmhainní atá riachtanach a laghdú. Lena chois sin cuireann siad eispéiris iontacha foghlama ar fáil dár bhfoireann agus don eagraíocht, óna dtagann cultúr na hoscailteachta gan scáth agus comhthuiscint ar ról lárnach an Gharda Síochána mar sheirbhís slándála agus forfheidhmithe an dlí.

> *Laghdófar an choireacht, méadófar sábháilteacht an phobail, agus cuirfear feabhas ar shlándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chomhoibriú le comhpháirtithe i measc aicmí éagsúla.*

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Comhoibriú Seachtrach** | Feabhas a chur ar chomhoibriú le príomheagraíochtaí Stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha, príomhpháirtithe acadúla agus tráchtála | Seirbhísí feabhsaithe don phobal chun dul i ngleic le limistéir atá ina bpríomhábhair bhuartha | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Creat Póilíneachta Pobail** | Foirne Póilíneachta Pobail agus Fóraim Phóilíneachta Pobail a thabhairt isteach, agus an obair a fhairsingiú le comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla chun sábháilteacht phobal a chinntiú | Pobail shlána agus shábháilte | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Comhroinnt faisnéise** | Eolas feabhsaithe a sholáthar dár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe chun díriú ar sceimhlitheoirí agus ar GCEanna | Slándáil fheabhsaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus sábháilteacht fheabhsaithe phobal | **R3 2013** | **Ar bun** |
| **Bainistíocht Ciontóirí** | Cur chuige athbhreithnithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i leith bainistíocht ciontóirí, ina measc ógchiontóirí agus ciontóirí atitimeacha trí chomhpháirtíochtaí idirghníomhaireachta | Laghdú ar rátaí athchiontaithe agus ógchiontóirí | **R4 2016** | **R3 2017** |
| **An Tionscnamh Seirbhíse Poiblí Sinsearaí (an SPS)** | Bheith rannpháirteach i Straitéis Forbartha Ceannaireachta an SPS a chruthaíonn cuid de Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí de chuid an Rialtais | Ceannaireacht threisithe shinsearach, trí chomheispéiris, bealaí nua agus nuálacha a shainaithint chun na dúshláin cheannaireachta a shárú a bhíonn roimh eagraíocht na nGardaí | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Compháirtíochtaí le hInstitiúidí 3ú Leibhéal** | Ár gcomhpháirtíochtaí le hInstitiúidí 3ú Leibhéal a fhairsingiú chun a saineolas a úsáid | Seirbhís fheabhsaithe don phobal. Eolas agus scileanna méadaithe i measc ár ndaoine. | **R2 2015** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 12

# Teicneolaíocht

**Beidh an Garda Síochána ina sheirbhís póilíneachta fíor-cheangailte a úsáideann ardteicneolaíocht chun coireacht a chosc agus a bhrath.**

# Caibidil 12

# Teicneolaíocht

## Réamhrá

**Is ar eolas a mhaireann gach seirbhís póilíneachta agus mar sin tá córais um Theicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise (TFC) ríthábhachtach dúinn. Aithnítear ar fud an domhain go bhfuil TFC ag éirí níos tábhachtaí maidir le póilíneacht a chur ar fáil.**[49]

Mar sin féin, is í fírinne an scéil ná go bhfuair Cigireacht an Gharda Síochána amach go bhfuil roinnt córas TFC ag an nGarda Síochána atá 20 bliain as dáta. Ní féidir go leor de na córais sin a nascadh le chéile. Ní bhíonn gléasanna láimhe ag Gardaí ar an stádar chun faisnéis a thaifeadadh. Ní thugann ár gcórais rochtain do chomhaltaí an Gharda Síochána ar an bhfaisnéis go léir is gá dóibh chun coireanna a imscrúdú - nó cuireann siad ar fáil í ar bhealach neamheagraithe.

Chuir srianta buiséadta an-teorainneacha le cumas an Gharda Síochána infheistiú i dteicneolaíocht nua. Laghdaíodh líon na foirne tacaíochta de thrian ó 1998. Cé go bhfuil níos mó déanta le níos lú acmhainní, is é an toradh deiridh ná go bhfuilimid na blianta laistiar de sheirbhísí póilíneachta inchomparáide.

In 2007, thug Cigireacht an Gharda Síochána[50] le fios nach bhfuil córas atá bunaithe ar TF ag an nGarda Síochána faoi láthair atá ag feidhmiú go hiomlán chun idirbhearta acmhainní daonna a phróiseáil agus bunachar sonraí a chothabháil de thaifid fostaíochta gach ball foirne ó earcaíocht go scor. In 2010, mhol Cigireacht an Gharda Síochána[51] go dtabharfaí tosaíocht do sholáthar Córas Faisnéise faoi Acmhainní Daonna agus Córas um bainistiú Uainchlár agus Tréimhsí Dualgais, a thabharfadh eolas láithreach do mhaoirseoirí faoi na hacmhainní a bheadh ar fáil dóibh ag aon am faoi leith.

Ina theannta sin, chinn an Chigireacht go bhfuil an córas um sheachadadh ríomhchuidithe (CSR) atá ann faoi láthair i mBaile Átha Cliath, agus a chuireann ar chumas oibreoirí a fheiceáil cad iad na ceantair ina bhfuil Gardaí imlonnaithe, go bhfuil sé as dáta agus go gcaithfear córas eile a chur ina áit láithreach. Thug an Chigireacht le fios freisin go gcaithfear córas náisiúnta CSR a fhorbairt a mbeidh córas suite domhanda (GPS), Logeolaire agus Bogearraí um Próifíliú Éileamh (DPS) mar chuid de.

Tá srianta ar chumas na nGardaí faoi láthair ardanailísíocht a úsáid chun leas a bhaint as líon mór sonraí úsáideacha agus léirmhíniú a bhaint astu.

Deir seirbhísí póilíneachta eile linn go bhfuil réitigh shoghluaiste forbartha acu a bhfuil claochlú déanta acu ar an mbealach a dhéanann a gcomhaltaí croíchórais a rochtain, ach bíonn ar chomhaltaí an Gharda am a mheilt ag dul i dteagmháil Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda (GISC) agus filleadh ar an stáisiún chun an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta.

Is den riachtanas é go bhfreastalóidh an teicneolaíocht a chuirtear ar fáil ar riachtanais fheidhmiúla na póilíneachta oibriúcháin. Ní mór do chomhaltaí faisnéis fíor-ama a bheith acu le cabhrú leo cinntí a dhéanamh agus freagraí níos fearr a thabhairt ar theagmhais.

Má thugtar eolas fíor-ama ar ghléasanna soghluaiste do na comhaltaí Ní hamháin go gcuirfidh sé ar chumas foirne imscrúdaithe faisnéis a bhailiú agus a roinnt go digiteach, ach cuirfidh sé le héifeachtacht na seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal.

Tugann ár bplean nua teicneolaíochta cúig bliana aghaidh go cuimsitheach ar na dúshláin sin. Tá tús áite tugtha sa phlean seo do gach tionscadal teicneolaíochta i gcaitheamh na gcúig bliana amach romhainn. Déanfar gach tionscnamh teicneolaíochta a leabú go hiomlán i seirbhísí dár gcomhaltaí agus dár bpobail.

---

[49] Póilíní Victoria (2014) *A Vision for Victoria Police.*

[50] Cigireacht an Gharda (2007) *Policing in Ireland – Looking Forward.*

[51] Cigireacht an Gharda (2010) *Resource Allocation Report.*

Cuirfidh sé teicneolaíocht nua-aimseartha ar fáil dár gcomhaltaí agus cabhróidh sé chun seirbhís póilíneachta níos éifeachtaí a chur chun cinn agus feabhsóidh sé sábháilteacht na bpobal agus ár gcomhaltaí. Cuideoidh sé freisin chun feabhas suntasach a chur ar an tuiscint go bhfuil an Garda Síochána i measc an phobail trí bhealaí teagmhála níos nua-aimseartha a chur ar fáil agus trí aghaidh a thabhairt ar thorthaí na dtuarascálacha iomráiteacha a eisíodh le déanaí.

Tá tús curtha leis na tionscadail seo a leanas agus cuirfear i bhfeidhm iad sa tréimhse 2016/17 agus cuirfear tús le cinn eile in 2016: Córas Bainistíochta Imscrúduithe; Córas Bainistíochta Maoine agus Taispeántas; Córas Bainistíochta Ábhar Fiontair; Córas um bainistiú Uainchlár agus Tréimhsí Dualgais.

Forbrófar plean teicneolaíocht nua an Gharda Síochána le tacú le riachtanais phóilíneachta an lae inniu agus seirbhís slándála nua-aimseartha. Beidh sé mear, solúbtha agus bainfidh sé leas as teicneolaíochtaí idir nua agus reatha chun luach ar airgead a chinntiú.

Ar cheann de phríomhghnéithe an togra beidh an cumas comhtháthú a dhéanamh ní amháin ar chórais laistigh den Gharda Síochána, ach sna gníomhaireachtaí eile ceartais agus forfheidhmithe dlí.

Seirbhís póilíneachta an-nasctha a bheidh sa Gharda Síochána a bhainfidh leas as ardteicneolaíocht le cabhrú chun coirpigh a ghabháil agus pobail a chosaint.

## Córais TF sa Gharda Síochána

"Tá na córais go hiomlán as dáta. Tá sé an-soiléir nár cuireadh an infheistíocht i TF ar fáil don Gharda Síochána le linn bhlianta an Tíogair Cheiltigh ná i rith na géarchéime eacnamaí atá riachtanach le go mbeidh fórsa póilíneachta nua-aimseartha in ann dul i ngleic le sofaisticiúlacht na coireachta atá ann faoi láthair."

*An tAire Frances Fitzgerald ag labhairt di ar raidió RTÉ, an 12 Samhain, 2014.*



*"Tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonann an teicneolaíocht a chuirtear chun úsáide riachtanais phóilíneachta oibríochtúla. Ní mór go mbíonn faisnéis fíor-ama ag comhaltaí chun cabhrú le cinnteoireacht agus feabhas a chur ar an bhfreagairt do theagmhais."*

## Caibidil 12

# Teicneolaíocht

## Seirbhís Póilíneachta a bhfuil Cumas Teicneolaíochta aici

Tá an plean teicneolaíochta á threorú ag cúrsaí póilíneachta agus tugadh aird ar roinnt ionchur tábhachtach nuair a bhí sé á chruthú.

Mar shampla, éilíonn Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí go mbainfear amach roinnt cuspóirí straitéiseacha, mar shampla, teicneolaíochtaí digiteacha a oiriúnú chun táirgiúlacht a mhéadú; seirbhísí a chomhtháthú agus breis sonraí a roinnt idir comhlachtaí poiblí; go mbeadh rialachas feabhsaithe ICT ann chun rioscaí a laghdú, agus a chinntiú go mbeidh na scileanna cearta TFC ag comhlachtaí poiblí. Rinneadh gach ceann de na cuspóirí a mheas agus tá siad san áireamh mar chuid de phlean teicneolaíochta an Gharda Síochána. Táimid ag teacht freisin le cuspóirí níos leithne na hearnála ceartais choiriúil.

Reáchtáladh sraith ceardlann le príomhpháirtithe leasmhara le cur ar ár gcumas ár bplean a chomhtháthú go hiomlán le ceanglais eagraíochtúla.

Aithnítear sa phlean an gá atá leis an mbonneagar agus na seirbhísí atá ann faoi láthair a choinneáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Ina theannta sin, tá sé ag teacht le príomhchuspóirí Straitéise TFC na Seirbhíse agus le dea-chleachtas na póilíneachta idirnáisiúnta. Scrúdaíomar freisin cláir nuachóirithe den chineál céanna atá á gcur i bhfeidhm i láthair na huaire ag seirbhísí póilíneachta eile.

D'éirigh lenár gcomhpháirtithe póilíneachta idirnáisiúnta glacadh le straitéisí fadtéarmacha. Déanfaidh an Garda Síochána aithris ar an gcur chuige sin lena chinntiú go gcruthóimid an bonneagar ceart agus go mbeidh rochtain ar bharr a méar ag ár gcomhaltaí ar Chórais Faisnéise láraithe an Garda Síochána.

Rinne Grúpa Stiúrtha ICT an Gharda Síochána athbhreithniú ar an bplean teicneolaíochta freisin. Tá an grúpa sin comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus Cathaoirleach an Údaráis Phóilíneachta.

Déanfar breis agus €200m a infheistiú i dtionscnaimh TFC sna cúig bliana amach romhainn agus tabharfar tús áite do thionscadail a mbeidh an tionchar is mó acu ar an bpobal.

Chuige sin déanfar athnuachan ollmhór ar chúrsaí TFC lena chinntiú go sásóidh an tseirbhís riachtanais an phobail agus go mbeidh sé níos fearr ná an ceann is fearr atá ann. Tá sé práinneach agus riachtanach go gcuirfear córas ar fáil ar fud na tíre a bheidh comhtháite go daingean. Ní dhíreoimid feasta ar sheanchórais neamhleora a chothabháil ach ar réitigh nuálacha a chur ar fáil.

Is é an toradh atá air ná Plean TFC cúig bliana ina bhfuil trí phríomhghné:

### 1. Cumas feabhsaithe

Ní mór dúinn cumas agus feidhmiúlacht nua a fheabhsú chun ligean do chomhaltaí agus d'fhoireann an Gharda Síochána a ndualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. Leanfaidh an Garda Síochána treochtaí teicneolaíochta agus forbairtí póilíneachta ar fud an domhain agus beimid amach chun tosaigh orthu nuair is féidir.

### 2. Seirbhís a Chur ar Fáil

Ní mór dúinn na leibhéil is airde maidir le seirbhís ICT a chur ar fáil don eagraíocht leis na hacmhainní atá ar fáil. Áirítear leis seo na crua-earraí agus na bogearraí go léir a bhainistiú, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do níos mó ná 100 córas faisnéise, 9,000 feiste agus 15,000 úsáideoirí deiridh in 570 áit, agus dea-chleachtais a chinntiú maidir le slándáil agus leibhéil seirbhíse.

### 3. Éifeachtúlacht

Caithfimid a chinntiú go gcuirfidh an TFC uasluach agus luach ar airgead ar fáil don eagraíocht anois agus sna blianta amach romhainn. Má dhéantar seirbhísí agus próisis TFC a chuíchóiriú agus a uathoibriú trí leas a bhaint as na cleachtais agus na huirlisí is éifeachtúla chun costais reatha a laghdú beifear in ann díriú níos mó ar thionscnaimh nua agus ar thionscadail a bhfuil ard-bhreisluach ag baint leo.

“ ”

*Infheisteofar os cionn €200m i dtionscnaimh TFC sna chéad chúig bliana amach romhainn agus tabharfar tús áite do thionscadail a imríonn an tionchar pobail is mó.*

*Úsáidfear CCTV ar bhealaí nua, ar nós bithmhéadracht 'Aghaidh sa Slua' agus 'Cruth sa Slua' chun príomhspriocanna a shainaithint agus feabhas a chur ar shábháilteacht an phobail.*

## Sábháilteacht an Phobail

Nuair a dhéanfar Seachadadh Ríomhchuidithe (SRC) agus Córas Bainistíochta Teagmhála nua a chomhtháthú cinnteoidh siad go ndéileálfaimid go héifeachtúil le hiarratais ar sheirbhís ón bpobal chun agaí freagartha ar theagmhais éigeandála a laghdú. Trí theicneolaíocht shoghluaiste a úsáid, beidh an fhaisnéis a thugtar faoi eachtra ar leith d'fhreagróir glaonna ar fáil freisin do na Gardaí a thugann freagra ar an nglaoch, agus mar sin beidh siad ullamh le déileáil le cibé rud a mbeidh orthu aghaidh a thabhairt air.

Cuirfimid lenár nArdanailísíocht Póilíneachta, lena n-áirítear uirlisí ar nós mapáil coireachta, mapáil príomhionad coireachta, agus póilíneacht réamh-mheasta, chun coirpigh mhóra agus na háiteanna ina a bhfeidhmíonn siad a aithint. Beifear in ann bearta coisctheacha eile a chur i bhfeidhm sna pobail de thoradh na faisnéise sin.

Déanfar TCI a úsáid ar bhealaí nua trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí bithmhéadrachta mar Aghaidh sa Slua agus Cruth sa Slua chun príomhchoirpigh a aithint agus sábháilteacht an phobail a fheabhsú.

Feisteofar teicneolaíocht le haghaidh uathaithint uimhirphlátaí (UAUP) i níos mó feithiclí agus beidh sé ar a gcumas sonraí a fháil agus a tharchur thar 3G, sa chaoi go mbeidh siad in ann coirpigh atá ag úsáid an ghréasáin bhóithre agus ciontóirí tráchta bóthair a rianú go tapa (féach Caibidil 6: Póilíneacht Bhóithre).

## Imscrúduithe

Déanfaidh Córas Bainistíochta Imscrúduithe caighdeánú agus digitiú ar bhainistiú imscrúduithe. Is éard atá ann ná roinnt córais idirnasctha a tugadh isteach i réimsí mar fhaisnéis do Ghardaí, leithdháileadh ról, agus bainistiú taispeántas le feabhas a chur ar imscrúdú coireanna tromchúiseacha. Tabharfaidh sé sin léargas amháin d'imscrúdaitheoirí ar fhoinsí éagsúla sonraí.

Cuirfidh Córas Bainistíochta Imscrúduithe ar chumas seomraí éagsúla imscrúdaithe comhordú a dhéanamh ar a gcuid oibre agus cásanna a bhainistiú. Cuirfidh sé ar a gcumas freisin eolas a rochtain agus roinnt agus mar sin ní bheidh ar sheomraí imscrúdaithe oibriú ina n-aonar.

Beidh imscrúdaitheoirí in ann róil a leithdháileadh go leictreonach laistigh d'imscrúdú agus beidh na húsáideoirí go léir in ann a gcuid imscrúdaithe féin a rianú agus a bhainistiú ar líne. Cruthóidh sé sin seomra teagmhais leictreonach in áit cur chuige an "leabhair jabanna" atá ann faoi láthair atá bunaithe ar pháipéar.

Tabharfaidh an córas um Bainistiú Maoine agus Foilseán léargas amháin d'imscrúdaitheoirí ar gach maoin agus foilseán atá á gcoinneáil ag an nGarda maidir le himscrúduithe. Cuirfidh sé ar a gcumas míreanna dá leithéid a thaifeadadh, a rianú agus a choinneáil slán.

Laghdóidh sé an t-am a chaitear ag próiseáil foilseán, feabhsóidh sé cuntasacht maidir le sealbhú foilseán, agus cuirfidh sé caighdeán ar fáil maidir le conas na foilseáin agus na maoine a stóráil agus a chothabháil.


Cuirfidh córas Bainistíochta Ábhar Fiontair ar chumas imscrúdaitheoirí cuardach a dhéanamh agus rochtain a fháil ar gach ábhar atá ag an nGarda a bhaineann le cibé cás atá acu, mar shampla doiciméid, grianghraif, ábhar TCI, físeáin agus taifid fuaime. Is féidir an t-ábhar sin a sheoladh go leictreonach go hinmheánach agus go seachtrach chuig na comhpháirtithe ceartais choiriúil eile mar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Cuirfear é sin in áit an chórais atá bunaithe ar pháipéar atá ann faoi láthair agus a thógann mórchuid ama.

Nuair a bheidh an tsaoráid ann chun ábhar TCI agus comhaid fuaime a stóráil in ionad lárnach beifear in ann ardteicneolaíocht TCI a úsáid chun anailís uathoibríoch a dhéanamh ar TCI agus leas níos mó a bhaint as an lear mór faisnéise atá ar fáil ar chórais TCI a bhaineann le réimsí ábhartha. Áireofar leis seo leathnú a dhéanamh ar an teicneolaíocht um uathaithint uimhirphlátaí (UAUP) agus í a chomhtháthú sa chóras stórála láraithe chun go mbeidh rochtain agus anailís níos leithne i gceist.

Beidh Imscrúdaitheoirí in ann breathnú ar stair iomlán na n-imeachtaí trí imscrúdú leictreonach seachas bheith ag brath ar chomhaid pháipéir. Beidh siad in ann na tascanna a rianú a cuireadh i gcrích mar chuid den imscrúdú. Agus cad faoin toradh deiridh? Beidh cur chuige caighdeánach, comhsheasmhach ann maidir le seoladh imscrúduithe.

Caibidil 12

# Teicneolaíocht



## Tacú lenár nDaoine

Tabharfaimid an t-eolas agus na huirlisí dár gcomhaltaí chun cinntí níos eolaí a dhéanamh níos tapúla.

Tabharfaidh Córas um Bainistiú Acmhainní Daonna agus Córas um bainistiú Uainchlár agus Tréimhsí Dualgais eolas ar an toirt do na maoirseoirí faoi na hacmhainní a bheidh ar fáil dóibh ag aon am ar leith.

Ina theannta sin, cuid thábhachtach i Straitéis fhoriomlán an tSeomra Rialaithe is ea an córas nua um Sheachadadh Ríomhchuidithe (SRC), a chuirfidh ar chumas oibreoirí a fheiceáil cá bhfuil Gardaí faoi leith agus cá bhfuil aonaid shoghluaiste imscartha i limistéar ar leith. Cuirfidh na gnéithe seo eolas ríthábhachtach bainistíochta ar fáil don Seomra Rialaithe, sa chaoi go mbeifear in ann acmhainní a úsáid níos éifeachtúla.

> “ ”
>
> *Soláthróimid an fhaisnéis agus na huirlisí dár ndaoine chun cinntí níos tapúla agus níos feasaí a dhéanamh.*

Cuid lárnach de Straitéis an tSeomra Rialaithe iad córais chomhtháite .i. córas nua-aimseartha um Sheachadadh Ríomhchuidithe atá comhtháite lenár gCóras um Bainistiú Acmhainní Daonna agus le Córas um bainistiú Uainchlár agus Tréimhsí Dualgais chun éifeachtúlachtaí a chur ar fáil i bpóilíneacht oibríochtúil agus i bhfeidhmeanna riaracháin cúloifige trí ghearradh siar ar phróisis láimhe a mbíonn a lán oibre i gceist leo.

Déanfaidh réitigh shoghluaiste phóilíneachta Gardaí a shaoradh ó pháipéarachas a thógann mórchuid ama sa stáisiún agus cabhróidh siad leo níos mó ama a chaitheamh ag cosc agus ag comhrac na coireachta.

Déanfar faisnéis thábhachtach a bhailiú ó Ghardaí ar an stádar, ar patról, nó ag ionad teagmhais agus a chomhtháthú i gcórais chomhtháite ag baint úsáide as gléasanna nó gairis shoghluaiste mar theileafóin chliste, táibléid agus ríomhairí glúine.

Beidh comhaltaí in ann sonraí a fháil ó aipeanna lárnacha mar PULSE nó beidh siad in ann Córas Bainistíochta Imscrúduithe a rochtain trí thacar aipeanna soghluaiste. Cuirfidh feidhmiúlacht bhreise mar an cumas chun eolas a uaslódáil i bhfíor-am chuig córais na nGardaí le cumas na n-imscrúdaitheoirí. Nuair a bheidh faisnéis chothrom le dáta ar bharr na méar ag Gardaí agus iad ar patról beidh siad in ann freagra tapa a thabhairt ar theagmhais agus díriú ar ghníomhaíochtaí coisctheacha, mar shampla, dul ar patról sna háiteanna sin is minice a ndéantar coireanna iontu.

Déanfar córais Faisnéise an Gharda Síochána cosúil le PULSE a nuachóiriú lena chinntiú go mbeidh rochtain thapa ag comhaltaí ar eolas a bheidh tráthúil agus cruinn.

Cinnteoidh próisis agus nósanna imeachta éifeachtacha maidir le cáilíocht sonraí go mbeidh staitisticí agus eolas cruinn ar fáil faoi choireacht.

Cuirfidh córas Bainistíochta Foghlama ar chumas fostaithe oiliúint a fháil ar réimse ábhar ag a ndeasca.

Cuirfear príomhchórais teicneolaíochta lena n-áirítear bunachair shonraí póilíneachta agus r-phoist ar fáil go forleathan ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear sna hionaid sin a raibh dúshláin nascachta acu go dtí seo.

## An Garda Nasctha

Ón nóiméad a shíníonn Gardaí isteach ar dtús a sealanna ar Chóras Faisnéise an Gharda Síochána nascfar iad le stór mór faisnéise agus sonraí fíor-ama.

Inseoidh an córas dóibh cad iad na dualgais a bheidh le comhlíonadh acu an lá sin, na príomhlimistéir a mbeidh orthu dul ar patról iontu, agus na patrúin choiriúlachta ina gceantar.

Beidh an t-eolas ar fáil acu ar a ngléasanna soghluaiste nuair a fhágann siad an stáisiún. Gheobhaidh siad nuashonruithe fíor-ama i rith a sealanna dualgais faoi choireanna a tuairiscíodh ina gceantar agus cibé acu is gá dóibh a bpatrún patróil a athrú chun tuilleadh coireanna a chosc.

Beidh siad in ann féachaint ar shonraí faoi na daoine is mó atá uathu, ar a bpatrúin iompraíochta coiriúil, agus ar bharántais nár forghníomhaíodh chomh maith le sonraí faoi chlárúcháin feithiclí.

Sula ndéileálann siad le teagmhas, beidh a fhios an Garda an raibh baint ag an duine nó ag an ngrúpa sin le foréigean cheana.

Toisc go bhfuil siad ceangailte go buan, beidh a fhios ag maoirseoirí cá bhfuil na Gardaí, i gcás go bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu chun déileáil le staid éigeandála.

Nuair a bheidh siad ar dualgas beidh na Gardaí in ann eolas a nuashonrú ar an gcóras agus tuarascálacha a chomhdú trí Lárionad Seirbhísí Eolais an Gharda (GISC) nó trína ngléasanna soghluaiste sa chaoi nach mbeidh orthu an oiread ama a chaitheamh ag deireadh a dtréimhsí dualgais ag líonadh amach foirmeacha páipéir agus beidh siad in ann níos mó ama a chaitheamh i measc an phobail.

> *Beidh Gardaí in ann féachaint ar shonraí ar phríomhspriocanna, a bpatrúin iompair choiriúil, agus barántais nár tugadh chun críche, anuas ar shonraí faoi chlárú feithiclí.*



## Slándáil Náisiúnta

D'fhonn maolú a dhéanamh ar na bagairtí a bhaineann le sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, déanfar córais nua a úsáid lena chinntiú go mbeidh comhoibriú níos fearr agus comhroinnt eolais níos mó ann le gníomhaireachtaí slándála agus forfheidhmithe dlí. Sampla de seo is ea an chaoi a bhfuilimid comhnasctha le Córas Faisnéise Schengen, bunachar sonraí ar fud na hEorpa maidir le Barántais Ghabhála Eorpacha (féach Caibidil 7: Slándáil Náisiúnta agus Coireacht Eagraithe).

Déanfaidh Córas saincheaptha um Bainistíocht Faisnéise sonraí faisnéise a fháil agus a scaipeadh ar fud na heagraíochta ar bhealach slán.

Caibidil 12

# Teicneolaíocht

## Eolas a roinnt lenár gComhpháirtithe

Tá seirbhísí á roinnt cheana féin ag an nGarda Síochána le gníomhaireachtaí Stáit agus le ranna Rialtais. Mar shampla, bainistíonn an Garda Síochána na glaonna éigeandála 999 go léir faoi láthair trí shocrú seirbhíse comhroinnte idir é féin agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Laghdaigh sé sin na costais chaipitil agus reatha atá ag an dá eagraíocht. Déanfar tuilleadh rannpháirtíochta i dtionscnaimh seirbhísí comhroinnte an rialtais a scrúdú ar bhonn cás ar chás.

Nuair is féidir, déanfaimid ár gcórais agus córais na Seirbhíse Chúirteanna agus Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a chomhtháthú níos mó le cur leis an eolas a bheidh ar fáil dár gcomhaltaí chun cinntí fíor ama a dhéanamh. Malartóimid sonraí le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile ar nós an PSNI.

“ ”

***Laghdóidh todhchaí phóilíneachta ar a gcuireann an teicneolaíocht feabhas an méid ama a chaitheann comhaltaí an Gharda Síochána ag tabhairt faoi phróisis a ghlacann go leor ama agus ag plé le córais chasta faisnéise, ionas go gcaitheann siad níos mó ama dírithe ar phóilíneacht oibríochtúil.***

“ ”

***Beidh Gardaí, a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis atá cothrom le dáta ar ghléasanna láimhe i rith patról, in ann freagairt níos tapúla do theagmhais agus amanna imscrúdaithe a laghdú.***

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Cabhróidh seirbhísí láidre TFC leis an nGarda Síochána seirbhís phras, ghairmiúil a sholáthar dár bpobail. Cuirfidh sé ar chumas daoine síneadh a chur le TCI Pobail agus í a leathnú chuig pobail iargúlta. Beidh amanna freagartha níos fearr againn ar ghlaonna éigeandála agus feabhsóimid leibhéal na seirbhíse a sholáthraímid dár gcustaiméirí. Beidh muid in ann imscrúduithe níos gairmiúla agus níos tapúla a dhéanamh a mbeidh torthaí níos fearr orthu.

Nuair a bheidh rochtain ar bharr a méar ag Gardaí ar fhaisnéis a bheidh cothrom le dáta agus iad ar patról beidh siad in ann freagra níos tapa a thabhairt ar theagmhais agus amanna imscrúdaithe a laghdú. Seolfar comhairle úsáideach faoi choiriúlacht a chosc go díreach chuig an bpobal ar a dteileafóin chliste.

Nuair a chuirfear teicneolaíocht ar fáil do chomhaltaí an Gharda Síochána ní bheidh orthu a ndúthracht a chaitheamh ar phróisis a thógann mórchuid ama agus ar chórais achrannacha faisnéise, agus mar sin caithfidh siad níos mó ama ag díriú ar obair phóilíneachta.

Cuirfidh feidhmeanna corparáideacha, ar nós Acmhainní Daonna, tacaíocht níos fearr agus níos éifeachtaí ar fáil d’obair phóilíneachta trí shonraí a chur ar fáil go tapa.

Nuair a dhéanfar infheistíocht i gcórais TFC nua, comhtháite cabhróidh sé sin le léargas ar fhaisnéis a sholáthar ar fud an Gharda Síochána.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Straitéis an tSeomra Rialaithe** | Straitéis a chruthú agus a chur i bhfeidhm go láimhseálfaidh ionaid láraithe teagmhála gach iarratas ar sheirbhís ón bpobal | Freagairt agus cumas agus soláthar feabhsaithe seirbhíse don phobal | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Bainistíocht Imscrúdaithe** | Córas a fhorbairt lena chur ar chumas bainistíocht agus rianú leictreonach a dhéanamh ar gach tasc agus próiseas imscrúdaithe | Imscrúdú gairmiúil agus tráthúil a dhéanamh ar gach coir | **R3 2015** | **R4 2017** |
| **Córas Bainistíochta Ábhar Fiontraíochta** | Stóráil agus rochtain ar gach cáipéis agus sonraí, ina measc físeáin, closábhair agus íomhánna a bhaineann le himscrúduithe a fheabhsú | Próiseas níos éifeachtúla imscrúdaithe ón láthair na coire go dtí an chúirt | **R3 2015** | **R4 2016** |
| **Uirlisí agus Bonneagar Oibríochtaí** | Uirlisí agus teicneolaíocht fheabhsaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le riachtanais slándála náisiúnta | Eagraíocht nua-aimseartha a bhfuil na scileanna acu a chinntíonn slándáil agus cosaint an Stáit | **R3 2016** | **R4 2019** |
| **Luaineacht an Gharda Síochána** | A chinntiú go mbíonn cianrochtain ag comhaltaí an Gharda Síochána ar fhaisnéis agus teicneolaíocht | Soláthar seirbhíse agus infheictheacht an Gharda Síochána i bpobail a fheabhsú | **R4 2016** | **R1 2017** |
| **Nuachóiriú Chórais Faisnéise an Gharda Síochána** | Nuachóireofar ardáin teicneolaíochta, ina measc PULSE chun faisnéis ábhartha a sholáthar do na daoine cearta | Beidh rochtain níos fearr ag comhaltaí an Gharda Síochána ar an bhfaisnéis is déanaí agus is cruinne i measc na gcroíchóras póilíneachta | **R4 2016** | **Ar bun** |

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 13

# Cumarsáid Níos Fearr a dhéanamh ar Gach Bealach

**Cuirfimid sármhaitheas póilíneachta agus ár gcultúr athraitheach chun cinn trí réimse leathan cainéil chumarsáide.**

Caibidil 13

# Cumarsáid Níos Fearr a dhéanamh ar Gach Bealach

## Réamhrá

**Tá cúis shimplí ann gur chuireamar an chaibidil seo ag deireadh ár nDoiciméid Chláir. Beidh dea-chumarsáid ríthábhachtach maidir le baint amach gach ceann de na cuspóirí atá leagtha amach. Tá ról lárnach ag cúrsaí cumarsáide maidir le hiontaoibh a chruthú nó a mhilleadh, díreach mar atá ról lárnach acu maidir le cur le cáil chorparáideach agus cultúr eagraíochtúil nó deireadh a chur leo.**



Tá tacaíocht agus muinín an phobail ríthábhachtach don Gharda Síochána. Cruthaíodh an tacaíocht agus an mhuinín sin thar na glúnta trí idirghníomhaíocht laethúil ár gcomhaltaí le daoine aonair agus leis an bpobal. Rud ríthábhachtach ab ea leas a bhaint as na meáin le hinsint don phobal faoi conas a théimid i ngleic le coireanna agus conas a choiscimid iad.

Tá an Garda Síochána ar cheann de na hinstitiúidí is iontaofa sa Stát, in ainneoin na gconspóidí a bhí ann le déanaí. Tá muinín ag thart ar 85% de na daoine as an nGarda Síochána.[52]

Toisc go bhfuil an-suim go deo ag an bpobal in obair an Gharda Síochána, is mian le gach grúpa sna meáin phríomhshruthacha í a chlúdach agus déanann siad é sin ar bhealach dearfach nuair a bhíonn sé sin tuillte againn.

Mar sin féin, ní féidir leis na meáin é sin a dhéanamh mura gcuirtear faisnéis chruinn ar fáil dóibh go tapa.

Mura dtapaítear na deiseanna chun an fhaisnéis a éilítear a chur ar fáil bíonn tionchar aige sin ar mheas an phobail orainn agus ar ár gcomhaltaí freisin. Gearán coitianta a rinneadh inár suirbhé foirne ab ea nach n-insítear don phobal faoin dea-obair atá ar siúl ar fud na heagraíochta.[53]

Mheas ár gcomhaltaí freisin nach dtugann an eagraíocht aitheantas don dea-obair sin. Agus creideann siad nach bhfuil siad á gcoimeád ar an eolas faoi fhorbairtí laistigh den Gharda Síochána.[54]

Éilíonn sé seo go ndéanfaidh an Garda Síochána athrú mór ar struchtúr agus ar chleachtas ó thaobh cumarsáide de. Caithfear breathnú ar chumarsáid mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí agus ní mar rud imeallach.

Tá an Garda Síochána tiomanta do bheith níos oscailte agus níos trédhearcaí. Agus tá iontaoibh an phobail, ár gcomhaltaí féin agus ár bpáirtithe leasmhara riachtanach le go n-oibreoimid go héifeachtach. Tá scéalta móra le hinsint againn faoin obair atá á déanamh ag ár gcomhaltaí gach lá ar fud na tíre chun pobail a choinneáil sábháilte. Is mian leis an bpobal na scéalta sin a chloisteáil. Ní mór dúinn tosú a n-insint níos minice agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá soiléir, comhsheasmhach, tarraingteach agus tráthúil.[55]

## Straitéis Chumarsáide

D'fhonn straitéis cumarsáide nua a fhorbairt, rinneamar athbhreithniú ar na dúshláin cumarsáide idir sheachtrach agus inmheánach atá le sárú ag an nGarda Síochána.[56]

Fuarthas amach go gcaithfimid níos mó a dhéanamh lena thaispeáint go hoscailte an chaoi a bhfuilimid ag athrú ar mhaithe le leas na saoránach agus an Stáit; oibriú níos déine chun nascadh le pobail éagsúla trí leas a bhaint as réimse bealaí níos leithne; faisnéis chruinn, tharraingteach a sholáthar níos tapúla, agus a chinntiú go gcuirimid eolas spéisiúil, tarraingteach, úsáideach ar fáil go rialta dár bhfostaithe.

Is é cuspóir na straitéise cumarsáide ná muinín as an nGarda Síochána a fheabhsú trí chumarsáid dhíreach nó indíreach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile faoin gcaoi a bhfuil an eagraíocht ag athrú chun feabhais, agus go bhfuilimid tiomanta i gcónaí do ghnáthphóilíneacht laethúil agus don tslándáil náisiúnta.

Trí bhíthin na straitéise nua cumarsáide tá an Garda Síochána tiomanta do bharr feabhais póilíneachta a chur chun cinn agus ár gcultúr atá ag athrú a chur chun cinn freisin agus é sin a dhéanamh ar bhealach comhordaithe

[52] Suirbhé an Gharda Síochána ar Mheon an Phobail, Ráithe4 2015. Innéacs Fírinneachta IPSOS MRBI, Ráithe1 2015.

[53] Suirbhé ar Fhoireann an Gharda Síochána 2014.

[54] An suirbhé céanna.

[55] Davis E.F, Alves, A.A, Sklansky, D.A., 'Social Media and Police Leadership: Lessons from Boston', Seisiúin Feidhmiúcháin Harvard.

[56] Cumann Príomh-Cheannfort na gCathracha Móra (2010) *Key Leadership Strategies to Enhance Communication.*




agus comhsheasmhach trí réimse leathan bealaí cumarsáide agus a léiriú sa chaoi sin go bhfuilimid tiomanta i gcónaí do chosaint na bpobal agus an Stáit agus tacú leo.

Cuirfear é sin i bhfeidhm ar bhunús príomhphrionsabal lárnach cumarsáide maidir le hoscailteacht agus macántacht; gairmiúlacht; cruinneas; rannpháirtíocht; faisnéis a thabhairt; freagrúlacht, agus a bheith slán ó thaobh an dlí de.

Chun creidiúnacht na straitéise a chinntiú, tá sé tábhachtach go léireoimid go bhfuil athruithe á gcur i gcrích. Caithfidh daoine a fheiceáil go bhfuilimid ag tiomáint na n-athruithe sin chun cinn seachas iallach a bheith orainn glacadh leo. Chuige sin caithfidh an eagraíocht a bheith níos oscailte do na meáin, do pháirtithe leasmhara agus dóibh siúd is mó a bhfuil tionchar á imirt acu.

Ní mór don Gharda Síochána a chinntiú go gcloíonn gach cumarsáid le príomhtheachtaireachtaí na heagraíochta maidir le tiomantas chun pobail a chosaint agus tacú leo; tús áite a thabhairt d'íospartaigh; go bhfuilimid inár seirbhís póilíneachta nua-aimseartha, gairmiúil; agus ár dtiomantas d'oscailteacht agus do chuntasacht.

Ba cheart an chumarsáid sin a bheith deartha go príomha le dul i gcion ar an bpobal i gcoitinne agus iad a chur ar a suaimhneas, ach is gá dúinn cumarsáid a dhíriú go sonrach ar ghrúpaí inar gá cúrsaí muiníne a fheabhsú go mór.

Má bhíonn cur chuige comhsheasmhach, gairmiúil againn faoin gcaoi a ndéanaimid cumarsáid agus na rudaí a ndéanaimid cumarsáid fúthu tacóidh sé sin lenár gcáil mar sheirbhís póilíneachta den chéad scoth.

## An Oifig um Chumarsáid Chorparáideach

D'fhonn measúnú a dhéanamh ar scála agus mionsonraí na n-athruithe is gá a dhéanamh sa chur chuige atá againn maidir le cumarsáid a dhéanamh, scrúdaíomar samhlacha a úsáideann seirbhísí póilíneachta i dTuaisceart Éireann, New South Wales, Queensland, Mórcheantar Mhanchain agus Londain, agus chuireamar san áireamh na rudaí ar leith a gcaithfimid a dhéanamh toisc go bhfuil orainn an dlí a chur i bhfeidhm agus an tír a chosaint.

Sna seirbhísí póilíneachta sin tá gníomhaíochtaí chumarsáide idir sheachtrach agus inmheánach, caidreamh leis an bpreas, na meáin shóisialta, físeáin, feasacht an phobail - tá siad go léir láraithe in aon oifig amháin.

Tá roinnt aonad sa Gharda Síochána faoi láthair a chuireann eolas ar fáil do na príomhpháirtithe leasmhara mar an pobal i gcoitinne, na meáin agus iad siúd is mó a bhfuil tionchar á imirt acu. Dá thoradh sin bíonn easpa comhsheasmhachta inár gcumarsáid, bíonn sí mí-éifeachtach agus is baol don eagraíocht í.

Tá Oifig um Chumarsáid Chorparáideach á bunú faoi láthair faoi threoir an Stiúrthóra Cumarsáide, chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. Beidh na haonaid seo a leanas san Oifig sin:

- Cumarsáid Inmheánach
- Cumarsáid leis an bPobal
- Caidreamh leis na Meáin
- Faisnéis do Pháirtithe Leasmhara

Beidh a shainchúram féin ag gach aonad, ach beidh siad ag oibriú i gcomhar lena chéile agus an straitéis chéanna agus an mhaoirseacht chéanna i gceist. Aithneoidh gach aonad riachtanais na ndaoine agus na ndreamanna a bhfreastalaíonn sé orthu, mar aon leis na hardáin is fearr le haghaidh cumarsáide agus na rudaí is gá dó a chur in iúl. Tacóidh gach ceann acu le seirbhís phoiblí agus le dea-cháil na heagraíochta go hinmheánach nó go seachtrach.

Leanfaidh an Oifig um Chumarsáid Chorparáideach ar aghaidh ag soláthar oiliúna ar fud na heagraíochta maidir le réimsí lárnacha mar na meáin shóisialta, scileanna do dhaoine faoi agallamh agus idirchaidreamh leis na meáin.

Mar a luaigh Cigireacht an Gharda Síochán[57], tá an Oifig um Chumarsáid Chorparáideach ag brath ar threalamh agus ar chórais atá as dáta, agus tá réimse níos leithne de dhaoine oilte ag teastáil le go mbeidh sí lánéifeachtach. Chuige sin caithfear infheistíocht a dhéanamh i gcórais nua-aimseartha i réimsí mar mhonatóireacht na meán agus cruthú ábhair, agus ní mór na scileanna agus na hacmhainní a fháil is gá chun faisnéis den scoth a sholáthar thar réimse meán traidisiúnta agus digiteach.

[57] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

Caibidil 13

# Cumarsáid Níos Fearr a dhéanamh ar Gach Bealach

## Cumarsáid Inmheánach

Ós rud é go bhfuil clár ollmhór nuachóirithe á chur i bhfeidhm, tá sé ríthábhachtach go dtabharfar nuashonruithe go rialta do na comhaltaí faoin tionchar a bheidh ag na hathruithe sin orthu agus ar an eagraíocht[58].

Bunaithe ar aiseolas a chuirfidh comhaltaí, baill foirne agus comhaltaí cúltaca ar fáil trí eagraíochtaí mar an Chomhairle Chomhairleach Cumarsáide, déanfar Straitéis Cumarsáide Inmheánaí a fhorbairt lena chinntiú go gcuirfear gach fostaí ar an eolas faoi fhaisnéis ábhartha ar bhealach tráthúil, tarraingteach.

Beidh sé mar phríomhphrionsabail na Straitéise go bhfuil cumarsáid duine le duine an-táirgiúil.

Beidh níos mó cruinnithe faisnéise agus cruinnithe idir na comhaltaí agus an fhoireann agus leo siúd a bhfuil siad freagrach dóibh (féach Caibidil 10: Ár Sócmhainn is Fearr a Bhainistiú agus a Spreagadh). Lena chois sin, tabharfaidh oifigigh shinsearacha agus bainisteoirí cuairteanna níos minice ar na stáisiúin, ní hamháin chun daoine a chur ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú san eagraíocht agus na fáthanna atá leis, ach chun a dtuairimí a chloisteáil (féach Caibidil 1: Cultúr an Gharda Síochána a Athnuachan).

Tá sé tábhachtach go mbeidh gach duine atá ag oibriú don tseirbhís ar an eolas faoi réimsí gníomhaíochta lasmuigh dá réimse oibre féin agus bródúil astu. Is eagraíocht amháin muid agus ní slabhra d'eagraíochtaí éagsúla a bhfuil ceangal fánach eatarthu. Tá gach comhalta agus ball foirne den Gharda Síochána mar ambasadóir na seirbhíse go léir, agus chuige sin caithfidh tuiscint a bheith acu ar gach píosa de mheascán mearaí ár n-eagraíochta.

Déanfar feasacht ar ár gcultúr athnuaite a fheabhsú trínár ndaoine a choimeád ar an eolas faoin réimse leathan d'obair thábhachtach atá ar siúl ar fud na heagraíochta. Féadfar é sin a dhéanamh mar shampla, trí ríomhphoist gach seachtain ina mbeidh cur síos ar imeachtaí na seachtaine agus trí Thairseach athchóirithe Garda ina mbeidh físeáin ó chomhaltaí agus ó bhaill foirne ag míniú an obair a rinneadh ina gceantair.

Tá sé ríthábhachtach freisin go n-éascóidh cumarsáid sreabhadh débhealach faisnéise. Cuirfimid córas leictreonach i bhfeidhm chun go bhféadfaidh daoine moltaí a dhéanamh ar conas is féidir an eagraíocht a fheabhsú.

Tabharfaimid isteach caighdeáin maidir le cumarsáid scríofa agus labhartha trí Threoir fhoirmiúil Stíle. Cinnteoidh sé seo comhsheasmhacht agus soiléire sa chumarsáid a bheidh againn i ngach litir, tuairisc, preasráiteas, aitheasc, tvuít agus cumarsáid phoiblí.

I gcomhar leis sin, ceapfar treoirlínte faoi conas is féidir suaitheantas, bratach agus comharthaíocht na nGardaí a úsáid chun go léireoidh siad ár ngairmiúlacht agus ár luachanna sa chaoi is fearr. Forbrófar íomhá bhranda agus ráiteas luachanna faoi mar a rinneadh i seirbhísí póilíneachta eile. Beidh gach gné dár mbrandáil ar aon dul leis na treoirlínte sin, faoi mar a chloífidh ár gcumarsáidí lenár dTreoir Stíle.

## Cumarsáid leis an bPobal

Nuair a bhuaileann duine den phobal le Garda a éisteann leis nó léi, a chuireann suim ina scéal agus a thugann freagra ar bhealach ceart, imíonn an té sin agus dearcadh níos fearr aige nó aici ar an tseirbhís ina iomláine. Tugann ár gcomhaltaí léiriú ar an tseirbhís.

Tá sé ríthábhachtach i gcás idirghníomhaíochta den sórt sin, bídís i gcomhrá, i litir nó trí na meáin shóisialta, go léireodh siad meas agus go dtabharfaidh siad freagra ar na hábhair imní atá ag daoine.

Ceann de na rudaí is mian linn a dhéanamh sna blianta amach romhainn is ea tabhairt faoi deara nuair a dhéanaimid rud éigin i gceart: faire a dhéanamh agus cuntas a choinneáil de chumarsáid an-mhaith a dhéanann comhalta den eagraíocht agus é a roinnt ar fud na heagraíochta ar fad. Forbróimid bealaí chun é sin a dhéanamh.

Bealach an-éifeachtach eile iad na meáin shóisialta trína bhféadfaidh an Garda Síochána rannpháirtíocht leis an bpobal a chur chun cinn.[59] Tá áit shuntasach againn sna meáin shóisialta – an ceann is mó san earnáil phoiblí - agus tógadh é ar leibhéal ard rannpháirtíochta idir muid féin agus an pobal.[60] Mar shampla, de thoradh aiseolais ón



[58] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

[59] Davis E.F, Alves, A.A, Sklansky, D.A., (2014) *Social Media and Police Leadership: Lessons from Boston.*

[60] Figiúirí ó Oifig Preasa na nGardaí, Feabhra 2016.

bpobal chuireamar tús le hoibríocht náisiúnta atá dírithe ar thiománaithe nach n-úsáideann a gcuid soilse ar maidin nó sa tráthnóna i rith an gheimhridh.

Leathnóimid ár láithreacht ar na meáin shóisialta ar an leibhéal áitiúil chun níos mó deiseanna a chruthú chun aiseolas den sórt sin a fháil ón bpobal.

Déanfaimid ár suíomh gréasáin a fhorbairt chun go mbeidh sé éasca ábhar suimiúil agus úsáideach a rochtain air.

Cruthóimid níos mó ábhar físe dár gcuid féin chun aird a dhíriú ar chosc na coireachta agus chun teachtaireachtaí sábháilteachta a chur ar fáil, agus tabharfaimid isteach bealaí breise chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí bhlaganna agus aipeanna. Oibreoimid leis an earnáil phríobháideach agus le comhpháirtithe acadúla le teacht ar bhealaí nua, suimiúla chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal.

Cuirfimid níos mó feachtais faisnéise ar siúl chun teachtaireachtaí tábhachtacha a thabhairt don phobal faoi chosc na coiriúlachta. Bainfimid leas as anailís ar threochtaí coireachta lena chinntiú go bhfuilimid ag díriú na dteachtaireachtaí cearta ar na daoine cearta sna bealaí is éifeachtaí.

Tá traidisiún suntasach ag an nGarda Síochána maidir le freastal ar scoileanna, institiúidí oideachais d'aosaigh, grúpaí pobail agus ollscoileanna. Reáchtálfar cláir fhoirmiúla faoi leith chun go dtabharfaidh Gardaí áitiúla cuairt go rialta ar gach bunscoil agus meánscoil agus go gcuirfear fáilte roimh ghrúpaí mic léinn a thagann chuig stáisiúin na nGardaí ar thurais oideachasúla.

Glacfar leis an gcur chuige céanna maidir le grúpaí pobail agus grúpaí oideachais d'aosaigh lena gcoinneáil ar an eolas faoi chomhairle chun coiriúlacht a chosc. Chuir imeachtaí áitiúla agus náisiúnta mar Laethanta Oscailte Stáisiún na Gardaí agus Féile Bláthanna deiseanna iontacha ar fáil chun pobail agus daoine a chur ar an eolas faoin obair a dhéanaimid agus bíonn deis acu bualadh le





haonaid mar an Marc-Aonad agus Banna Ceoil an Gharda Síochána. Cuirfear le líon na n-imeachtaí sin.

Tá Músaem athchóirithe an Gharda le hoscailt i gCaisleán Bhaile Átha Cliath in 2016 agus cuirfimid chun cinn é. Léireofar sa taispeántas idirghníomhach an méid atá déanta ag an eagraíocht ar son na sochaí thar na glúnta.

## Caidreamh leis na Meáin

Tá Preasoifig an Gharda ar cheann de na preasoifigí is gnóthaí sa tír. Láimhseálann siad lear mór glaonna agus r-phoist óna 7 ar maidin go dtí 11 san oíche seacht lá na seachtaine. Comhaltaí na seirbhíse agus baill foirne sibhialtacha atá san oifig agus cuireann siad seirbhís ghairmiúil ar fáil do na meáin chumarsáide. Mar sin féin, is minic a bhí siad frithghníomhach, seachas réamhghníomhach, agus iad ag déileáil leis na meáin.

Is é an dúshlán atá le sárú ag an nGarda Síochána ná coinneáil suas leis na meáin, freastal ar na riachtanais athraitheacha atá acu, ach gan dearmad a dhéanamh choíche gur bealach iad le teagmháil a dhéanamh le saoránaigh aonair agus leis na pobail a mbímid ag freastal orthu.

Chuige sin ní mór don eagraíocht a chinntiú go bhfuil eolas cruinn ag an bPreasoifig chomh luath agus is féidir sa chaoi go mbeifear in ann, faoi réir srianta oibríochta agus dlíthiúla, é a chur ar fáil go tapa do na meáin chumarsáide. Dá bhrí sin ní mór go mbeidh baint luath ag an Phreasoifig le cásanna deacra, oibríochta agus géarchéime.[61]

Tabharfaidh an Phreasoifig isteach plean bliantúil le haghaidh chaidreamh poiblí ina leagfar amach na príomhghníomhaíochtaí réamhghníomhacha cumarsáide a bheidh le cur i gcrích chun príomhtheachtaireachtaí agus príomhfheidhmeanna na heagraíochta a chur chun cinn.

Easnamh suntasach a bhí le sonrú le blianta beaga anuas ab ea an chaoi nach raibh anailísithe eolacha, muiníneacha agus údarásacha de chuid na nGardaí ar chláir chúrsaí reatha raidió agus teilifíse.

[61] Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

## Caibidil 13

# Cumarsáid Níos Fearr a dhéanamh ar Gach Bealach

Bhí roinnt drochthorthaí air sin. Ar an gcéad dul síos mheas cuid de na meáin gur eagraíocht iata, rúnda é an Garda Síochána nó nach raibh sé d'acmhainn againn a leithéid de ról a chomhlíonadh. Sa chaoi sin glacadh le tuairimí diúltacha faoin tseirbhís.

Tabharfar oiliúint agus mionteagasc iomlán do phainéal urlabhraithe saineolacha faoi scéalta agus faisnéis a scaipeadh go héifeachtach trí na meáin. Tá tús curtha leis an gclár oiliúna seo.

Nuair a chuirfear urlabhraithe ar chláir Raidió agus Teilifíse, nuair is cuí, léireoidh sé saineolas fadréimseach agus go bhfuilimid toilteanach ceisteanna deacra a fhreagairt go poiblí. Tá liosta déanta againn de Ghardaí atá líofa sa Ghaeilge chun go bhféadfaidh siad a gcuid tuairimí a nochtadh sna meáin Ghaeilge.

Tá na meáin áitiúla thar a bheith tábhachtach don Gharda Síochána toisc na naisc láidre atá acu leis na pobail a chlúdaíonn siad. Cé go mbíonn idirghníomhaíocht mhaith le sonrú idir na comhaltaí agus na meáin áitiúla, bíonn easpa le sonrú maidir le gnáthchleachtas agus treoracha caighdeánacha.

Cinnteoidh Straitéis na Meán Áitiúil go mbeidh cur chuige coiteann ar fáil maidir le hobair leis na meáin áitiúla chun cabhrú leo comhairle agus sreabhadh rialta d'fhaisnéis shuimiúil a chur ar fáil ar dá bpobail ag teacht leis an Straitéis Chumarsáide.

Lena chois sin beidh daoine tiomanta i ngach ceann de na réigiúin a bheidh freagrach as comhordú gníomhaíochtaí na meán áitiúil agus rochtain níos fearr a chur ar fáil ar urlabhraithe na nGardaí.[62]

## Faisnéis do Pháirtithe Leasmhara

Faoi mar a tharlaíonn i gcás comhlachtaí seirbhíse poiblí eile, faigheann an Garda Síochána líon mór iarratas ar fhaisnéis, cosúil le Ceisteanna Parlaiminteacha, ó réimse comhlachtaí reachtúla mar Choistí an Oireachtais, Ranna Rialtais agus an tÚdarás Póilíneachta.

Oibreoidh an Oifig um Chumarsáid Chorparáideach le Seirbhísí Corparáideacha lena chinntiú go dtugann an Garda Síochána freagraí gairmiúla, tráthúla, faisnéiseacha ar na hiarrataí sin ar bhealach comhsheasmhach. Beidh an rud céanna i gceist nuair a sheasfaidh oifigigh shinsearacha agus an lucht bainistíochta os comhair comhlachtaí mar Choistí an Oireachtais agus an tÚdarás Póilíneachta.

Bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara lena n-áirítear an pobal agus na meáin, tabharfaidh an Stiúrthóir Cumarsáide comhairle go rialta d'oifigigh shinsearacha agus do bhainisteoirí faoi shaincheisteanna lárnacha atá le réiteach ag an eagraíocht agus conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu.

D'fhonn oscailteacht agus trédhearcacht a mhéadú, foilseoimid go réamhghníomhach – faoi réir srianta dlíthiúla agus oibriúcháin – méideanna suntasacha sonraí atá againn faoinár ngníomhaíochtaí a bhféadfadh spéis a bheith ag an bpobal iontu.

## Torthaí don saoránach, an Stát agus an eagraíocht

Beidh tuiscint níos fearr ag an bpobal faoi cad a dhéanaimid agus conas a théann sé chun tairbhe dóibh mar dhaoine aonair agus mar phobal. Má léirímid ár ngairmiúlacht agus ar ndíograis chun ár ndualgas a chomhlíonadh cuirfidh sé sin le muinín agus le tacaíocht an phobail.[63] Cinnteoidh sé sin go mbeimid níos éifeachtaí agus cuirfidh sé níos mó fós le muinín an phobail.[64]




62 Cigireacht an Gharda Síochána (2015) *Changing Policing in Ireland.*

63 Mawby, R., (2010) 'Police corporate communications, crime reporting and the shaping of news', Policing & Society, Imleabhar 20, Uimh. 1.

64 Rix, A., Faye, J., Maguire, M., (2009) *Improving public confidence in the police: a review of the evidence*, Oifig Ghnóthaí Baile an RA.

Má chuirtear comhairle ar fáil ar réimse bealaí faoi phríomhchoireanna a chosc cabhróidh sé sin chun rátaí coireachta a laghdú agus cuirfidh sé an pobal ar a shuaimhneas. Cuirfidh sé ar ár gcumas freisin teacht ar ghrúpaí déimeagrafacha mar dhaoine óga a sheachnaíonn teagmháil dhíreach leis na póilíní go minic agus chabhródh sé linn tionchar a imirt orthu.[65]

Beidh comhlachtaí Stáit agus comhlachtaí reachtúla níos eolaí faoi obair an Gharda Síochána. Cabhróidh sé sin leo nuair a bheidh cinntí tábhachtacha á ndéanamh acu faoina bhfuil i ndán do phóilíneacht sa tír seo.

Beidh ár ndaoine níos eolaí faoi cad atá ag tarlú san eagraíocht agus cén fáth. Ba cheart go gcloisfidís an nuacht sin ar dtús ón lucht bainistíochta sinsearach agus ní trí na meáin chumarsáide. Tabharfar aitheantas níos fearr laistigh den eagraíocht agus lasmuigh di don obair a dhéanann siad.

## Príomhthionscnaimh Chláir

| Tionscnamh | Gníomh | Torthaí | Dáta Tosaigh | Críochdháta Measta |
|---|---|---|---|---|
| **Meáin chumarsáide a fhairsingiú** | An úsáid a bhaintear as cainéil mheán sóisialta a mhéadú agus athchóiriú ó bhonn a dhéanamh ar www.Garda.ie | Pobal eolasach, iontaoibh méadaithe agus rannpháirtíocht níos mó leis an nGarda Síochána | **R2 2015** | **Ar bun** |
| **Clár Oiliúna Meán** | Oiliúint a sholáthar d'oifigigh agus do bhainisteoirí ábhartha ar conas tabhairt faoi agallaimh leis na meáin | Muinín mhéadaithe phoiblí as an nGarda Síochána | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Cumarsáid Inmheánach** | Straitéis cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcoimeádtar ár ndaoine ar an eolas faoi fhorbairt san eagraíocht ar bhealach tráthúil | Oscailteacht, trédhearcacht agus iontaoibh mhéadaithe idir pearsanra an Gharda Síochána | **R4 2015** | **Ar bun** |
| **Tairseach agus Uirlisí Comhoibrithe an Gharda Síochána** | An Tairseach reatha a uasghrádú agus uirlisí nua comhoibrithe a thabhairt isteach chun rochtain gan stró a sholáthar do chomhaltaí agus don fhoireann ar eolas agus faisnéis | Lucht saothair eolasach agus oilte gairmiúil | **R1 2017** | **R4 2019** |
| **Straitéis na Meán Áitiúil** | Cur chuige coiteann a chur i bhfeidhm i dtaobh oibriú leis na meáin áitiúla d'fhonn sreabhadh rialta faisnéise a sholáthar dóibh | Pobal eolasach, iontaoibh méadaithe agus rannpháirtíocht níos mó leis an nGarda Síochána | **R3 2016** | **Ar bun** |
| **Feachtais Faisnéise Poiblí** | Tabhairt faoi fheachtais dhírithe faisnéise poiblí chun oideachas a chur ar an bpobal ar phríomhchomhairle faoi chosc ar choireacht | Sábháilteacht fheabhsaithe phobail | **R3 2015** | **Ar bun** |
| **Faisnéis do Pháirtithe Leasmhara** | Comhoibriú idir an Oifig Cumarsáide Corparáidí agus Seirbhísí Corparáideacha chun faisnéis chruinn agus thráthúil a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara | Príomhpháirtithe leasmhara curtha ar an eolas níos fearr faoin obair a dhéanann an Garda Síochána | **R1 2016** | **Ar bun** |

[65] An tSeirbhís Póilíní Cathrach (2012) *Strategic Review into the Disorder of August 2011.*

Áirítear le gach dáta tosaigh cruthú straitéise lena chinntiú go dtugtar an tosaíocht cheart don tionscnamh sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm.



## Caibidil 14

# Conclúid

**Tá ár gclár cúig bliana dírithe ar nua-aoisiú, gairmiúlacht agus athnuachan chultúrtha a sholáthar, óna n-eascraíonn tairbhí infheicthe don phobal, ár ndaoine agus an Stát.**

## Caibidil 14

# Conclúid

I gcás pobal, cuirfear feabhas ar a sábháilteacht trí infheictheacht mhéadaithe na nGardaí, trí phóilíneacht a dhíriú go príomha ar choireacht a chosc sa chéad ásc, trína chinntiú, nuair a thiteann coireacht amach, go ndéantar imscrúdú críochnúil agus gairmiúil uirthi, agus ardteicneolaíocht agus sonraí á n-úsáid chun díriú ar ghníomhaíocht choiriúil agus sceimhlitheoirí agus iad a chur as riocht. Cuirfimid lenár gcaidreamh le pobail, atá dlúth cheana féin, lena chinntiú go bhfreastalaímid ar a gcuid riachtanas agus buarthaí.

I dtaobh ár gcomhaltaí díocasacha agus tiomanta Garda, foirne agus cúltaca, a bhfuil breis agus 16,000 díobh againn, tabharfar na huirlisí, na hacmhainní agus na tacaíochtaí dóibh ar luaigh siad a dteastaíonn uathu chun a bpoist a dhéanamh go héifeachtach.

I dtaobh an Stáit, beidh seirbhís póilíneachta agus slándála aige as a bhfuil ardiontaoibh agus atá an-éifeachtach a chinntíonn gurb áit shábháilte í Éire chun cónaí ann, chun oibriú ann nó chun cuairt a thabhairt air.

Beidh tacaíocht gach duine de chomhaltaí, comhaltaí foirne agus comhaltaí chúltaca an Gharda Síochána lárnach maidir leis an rath a bheidh ar an gclár. Tapóimid gach deis lena chinntiú go dtuigeann gach duine an méid atá ag tarlú agus an fáth atá leis, agus go mbaintear amach a róil aonair agus a gcomhróil i dtaobh a chinntiú go mbaintear spriocanna amach.

Clár fairsing é seo atá le soláthar i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn. Is féidir roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm idir an gearrthéarma agus an meántéarma, ach teastóidh roinnt blianta ó chinn eile lena gcur i bhfeidhm go hiomlán. I ngeall ar scála an chláir, baineann ríthábhacht le cur chuige céimnithe chun cumas na heagraíochta a chur i gcuntas chun glacadh le hathrú.

Déanfaimid an rath a bhíonn ar gach tionscnamh a thomhas agus a mheasúnú trí rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara, agus trí anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar thairbhe. Más gá pleananna a athrú nó a choigeartú bunaithe ar an aiseolas, déanfar amhlaidh.

Tá tús curtha le trasfhoirmiú sa Gharda Síochána. Fuarthas cistiú do chláir mhóra infheistíochta i gcaitheamh na chéad chúig bliana amach romhainn le haghaidh uasghráduithe ar TFC, flít agus stáisiúin. Táthar ag dul i mbun réimse leathan tionscnamh cheana féin agus tá na tairbhí a bhaineann leo seo á dtabhairt faoi deara ag roinnt pobal cheana féin.

Tá an Garda Síochána go hiomlán tiomanta do thabhairt faoin turas mór athnuachana seo. Beidh sé dúshlánach amanna agus ní próiseas tapa a bheidh ann, ach déanfaidh sé fíor-athrú chun feabhais, áfach, ar an mbealach a fhreastalaíonn an Garda Síochána ar an bpobal gach lá.

**Ceanncheathrú an Gharda Síochána**

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8, D08 HN3X.
Guthán: +353 1 666 0000

**www.garda.ie**